

An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Réamhrá

D'fhoilsigh an Roinn Airgeadais an chéad sraith de threoirlínte maidir le rialachas corparáideach i gcomhlachtaí Stáit dar teideal “*Treoirlínte do Chomhlachtaí Stáit*” i Márta 1992. Nuashonraíodh na treoirlínte i nDeireadh Fómhair 2001 agus i mBealtaine 2009. Nuashonrú atá sa mhéid seo a leanas ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le forbairtí rialachais, tionscnaimh athchóirithe na hearnála poiblí agus comhairliúcháin le páirtithe leasmhara a chur i gcuntas.

Tá prionsabail ardleibhéil *an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* leagtha amach ag tús gach míre sa Chód seo.

Tagraítear don *Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* ina dhiaidh seo mar “*an Cód*”.

Ba cheart an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:

- ba cheart an Cód seo a léamh i gcomhar leis na forálacha reachtaíochta a rialaíonn an comhlacht Stáit. Leanann feidhm a bheith ag forálacha reatha reachtaíochta¹ a bhaineann le comhlacht Stáit maidir le ceisteanna atá faoi réir an Chóid seo agus, ar mhaithe le hamhras a sheachaint, i gcás aon choimhlinte nó neamh-chomhsheasmhachta, bíonn an lámh in uachtar ag na forálacha reachtaíochta;
- is féidir leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe forálacha a chuimsítear sa Chód seo, tairseacha airgeadais ina measc, a leasú ó thráth go chéile, i ndiaidh dul i gcomhairle leis na hAirí ábhartha;
- is féidir leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ciorcláin agus/nó nótaí treorach a eisiúint, ó thráth go chéile, maidir leis an gCód seo;
- tugadh isteach san Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2014 a bhunaigh NewERA i reacht, i measc rudaí eile, ceanglais nua maidir le rialachas corparáideach comhlachtaí Stáit áirithe a ainmnítear san Acht sin; agus
- tá socruithe do cheapacháin le Boird chomhlachtaí Stáit, cuideachtaí Bhoird chuideachtaí an Údaráis um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh an Gheilleagair (NewERA) ina measc, leagtha amach sna [Treoirlínte maidir le Ceapacháin le Boird Stáit](#), faoi mar a leasaítear ó thráth go chéile, agus foilsíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe iad (agus faoi mar a gcuireann an tAguisín leo a bhaineann le cuideachtaí NewERA). Is féidir socruithe breise do cheapacháin le Boird Stáit a leagan amach sa reachtaíocht, chomh maith, a rialaíonn bunú an chomhlachta Stáit.

¹ Ba cheart aon tagairt a chuimsítear sa Chód Cleachtais seo, cé acu mar thagairt d’aon achtú nó d’aon rud eile, a léirithiscint mar thagairt don fhoráil sin arna leasú, arna hoiriúnú nó arna síneadh ó thráth go chéile;

Beartaítear gur cáipéis bheo a bheidh sa Chód seo a thiofadh chun cinn ar aon dul le dea-chleachtas. Tá an leagan is déanaí den Chód seo ar láithreán gréasáin Cuntasáochta Rialtais na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (govacc.per.gov.ie/rialachas-of-stát-comhlachtaí).

Tá éifeacht leis an gCód seo ón 1 Meán Fómhair 2016

Cáipéisí a bhaineann leis an gCód

Ba cheart *an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* a léamh i gcomhar leis na cáipéisí ceanglas agus treorach a bhaineann leis an gCód.

Seo a leanas na cáipéisí (atá ar fáil ag govacc.per.gov.ie/governance-of-state-bodies) are seo a leanas:

1. [*Riachtanais um Thuairisciú Gnó agus Airgeadais*](#)
2. [*Treoir ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca*](#)
3. [*Luach Saothair agus Aoisliúntas*](#)
4. [*Ceistneoir Meastóireachta ar Fhéinmheasúnú an Bhoird*](#)

Clár Ábhar

	Réamhrá	5
	Faisnéis faoin gCód	5
	Riachtanais Chomhlíonta	7
	Comhlíon nó Mínigh	8
	Creat Rialachais	10
1	Ról an Bhoird	13
	Ceisteanna a bhfuil Cinneadh le déanamh ag an mBord orthu	14
	Ráiteas Straitéise	15
	Freagrachtaí a Roinnt	17
2	Ról an Chathaoirligh	18
	Ról an Chathaoirligh	18
3	Ról Comhaltaí Boird	20
	Ról Comhaltaí Boird	20
	Cruinniú Faisnéise do Chomhaltaí Boird	22
4	Éifeachtacht an Bhoird	24
	Ceapacháin leis an mBord	24
	Téarmaí Ceapacháin	25
	Minicíocht Chruinnithe Boird	26
5	Cóid Iompair, Eitic in Oifigí Poiblí, Nochtadh Breise Leasanna ag Comhaltaí Boird agus Nochtadh Cosanta	27
	Nochtadh Breise Leasanna ag Comhaltaí Boird	28
	An Reachtaíocht maidir le Nochtadh Cosanta	30
6	Tuairisciú Gnó agus Airgeadais	31
	Tuairisciú Gnó agus Airgeadais	31
7	Na Coistí Bainistíochta Riosca, Rialaithe Inmheánaigh, Iniúcháireachta Inmheánaí agus Iniúcháireachta agus Riosca	33
	Rialú Inmheánach	34
	Athbhreithniú ar Éifeachtacht an Rialaithe Inmheánaigh	34
	Iniúcháireacht Inmheánach	35
	An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca	37

8	Caidreamh leis an Oireachtas, an tAire agus an Mháthair-Roinn	39
	Ról Maoirseachta na Máthair-Roinne	40
	Comhaontuithe Soláthair Feidhmíochta	41
	Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil	43
	Nósanna Imeachta maidir le Soláthar	44
	Réadmhaoin a Éadáil agus Barrachas Réadmhaoine a Dhiúscairt	45
	Infheistíocht Chaipitil a Bhreithmheas	46
	Comhlíonadh Cánach	50
	Díospóidí dlíthiúla ina bhfuil baint ag Comhlachtaí Stáit Eile	51
9	Luach Saothair agus Aoisliúntas	52
	Luach Saothair agus Aoisliúntas	52
	Taisteal agus Siamsaíocht Oifigiúil	52
10	Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí	53
	Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí	53
	Gluais	54
	Leabharliosta	56

Aguisíní

Aguisín	A	Téarmaí Tagartha Samhla an Bhoird	57
Aguisín	B	Eitic in Oifigí Poiblí	60
Aguisín	C	Creat do Chairt Samhla um	62
Aguisín	D	Ghníomhaíocht Iniúchóireachta	64
Aguisín	E	Inmheánaí Cód Iompair	67
Aguisín	F	Príomhghnéithe Athbhreithnithe Criticiúla Comhaontuithe	70
Aguisín	G	Soláthair Feidhmíochta – Prionsabail Treorach	71
		Prionsabail Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus Cliaint na Seirbhíse Poiblí	

Réamhrá

Is éard atá i gceist le rialachas corparáideach ná córais agus nósanna imeachta trína ndéantar eagraíochtaí a stiúradh, a rialú agus a bhainistiú. Ba cheart do chomhlachtaí stáit freastal ar leasanna an scairshealbhóra, an cháiniócóra, agus ar gach páirtí leasmhar eile, agus tabhairt faoi luach ar airgead a bhaint amach ina gcuid díchill, riosca a bhainistiú go cuí ina measc. Ba cheart go ngníomhódh comhlachtaí stáit go stuama, go heiticiúil agus le trédhearcacht mar aonáin phoiblí agus ba cheart dóibh tabhairt faoina ngníomhaíochtaí ar aon dul lena bhfreagrachtaí reachtúla.

Baineann ríthábhacht le hardchaighdeáin de rialachas corparáideach i gcomhlachtaí stáit, cé acu sa limistéar tráchtála nó neamhtráchtála, lena chinntiú go gcuirtear go dearfach le héifeachtúlacht gheilleagrach, iomaíochas, comhtháthú sóisialta agus forbairt réigiúnach fhoriomlán an Stáit.²

Tá an Bord agus Bainistíocht an chomhlachta Stáit cuntasach as bainistíocht cheart na heagraíochta. Ba cheart go mbeadh comhaltaí boird agus fostaithe comhlachtaí Stáit agus a bhfochuideachtaí treoraithe go tréan ag na prionsabail a leagtar amach sa Chód seo chun an fhreagracht atá orthu a chomhlíonadh lena chinntiú go mbaineann gach gníomhaíocht, cé acu má chumhdaítear go sonrath nó ar bhealach eile sa cháipéis seo iad, na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach amach.

Spreagann dea-rialachas san earnáil phoiblí cinnteoireacht níos feasaí agus níos fadtarmaí anuas ar úsáid éifeachtúil a bhaint as acmhainní. Neartaíonn sé an chuntasacht as maoirseacht acmhainní agus tá dian-iniúchadh mar thréith de a leagann béim leanúnach ar fheidhmíocht na hearnála poiblí a fheabhsú.³

Cuimsítear, de ghnáth, sa chreat rialachais chorparáidigh gnéithe reachtaíochta, rialála, socruithe féinrialála, cóid dheonacha, gealltanais agus cleachtais ghnó a tháinig chun cinn laistigh den eagraíocht.

Faisnéis faoin gCód seo

Soláthraítear sa Chód Cleachtais creat chun dea-chleachtas a chur i bhfeidhm i rialachas corparáideach i measc comhlachtaí Stáit tráchtála agus neamhtráchtála. Ba cheart do chomhlachtaí a dtiomantas a léiriú do na caighdeáin is airde agus is féidir de rialachas corparáideach a bhaint amach.

Tá ar chomhlachtaí stáit agus a bhfochuideachtaí deimhniú a thabhairt dá nAire ábhartha go gcomhlíonann siad *an Cód Cleachtais seo chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* ina gcleachtais agus nósanna imeachta rialachais. Ba cheart na riachtanais a chur i bhfeidhm i ngach fochuideachta trádála agus, faoi mar is cuí, i gcomhfhiontair comhlachtaí Stáit. Ba cheart deimhniú cuí a sholáthar don Aire ábhartha maidir leo seo.

² Arna oiriúnú ó “Treoirínte maidir le Rialachas Corparáideach Fiontar faoi Úinéireacht an Stáit” (an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (an ECFE), 2015) leathanach 11

³ “Creat Idirnáisiúnta: Dea-Rialachas san Earnáil Phoiblí” (an IFAC/CIPFA, Iúil 2014) leathanach 6

Baineann cleachtais inmheánacha na gcomhlachtaí Stáit agus a gcaidreamh seachtrach leis an Rialtas leis an gCód, an tAire ábhartha a dtagann siad faoina choimirce, an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus a máthair-Ranna faoi seach. Déantar tagairt d'oibleagáidí maidir le heitic in oifigí poiblí a bhaineann le gach comhalta Boird ainmnithe agus gach sealbhóir oifige ainmnithe.

Aithnítear, áfach, go dtarlódh nach mbeadh gach gné den Chód seo bainteach le hábhar i gcás roinnt comhlachtaí Stáit níos lú. Dá réir, déantar foráil sa Chód do riachtanais áirithe atá le cur i bhfeidhm go comhréireach faoi chúinsí áirithe [faoi réir chomhaontú scríofa an Aire/na Máthair-Roinne ábhartha](#).

Ní ghabhann forálacha an Chóid seo treis ar cheanglais reachtúla reatha agus oibleagáidí eile a chuirtear i bhfeidhm in Acht na gCuideachtaí 2014, an reachtaíocht um Eitic in Oifigí Poiblí, na forálacha ar leith a bhaineann leis an gcomhlacht Stáit féin agus aon reachtaíocht ábhartha eile (e.g. reachtaíocht chomhionannais, reachtaíocht fostaíochta).

Nuair is cuí, ba cheart do chomhlachtaí stáit, anuas ar an gCód seo a chomhlíonadh, larscríbhinn Rialachais Chomparáidigh na hÉireann (“larscríbhinn na hÉireann”) a chomhlíonadh, chomh maith, a mhéid agus is indéanta, a chuireann le forálacha “Cód Rialachais Chomparáidigh na Ríochta Aontaithe 2016”, a leagtar amach i [Rialach Liostaithe Stocmhalartán na hÉireann](#) a foilsíodh.

Comhaontuithe Maoirseachta

Buntacaíonn cuntasacht shoiléir le caidreamh idir Ranna Rialtais agus na comhlachtaí Stáit faoina gcoimirce. Braitheann cuntasacht éifeachtach ar ról agus freagrachtaí, faoi seach, a shainiú agus a thuiscint go soiléir ar dá thaobh den chomhaontú.

Is é an pointe tosaigh do shoiléireacht chuntasachta an comhaontú maoirseachta idir an tAire/an mháthair-Roinn agus an comhlacht Stáit ábhartha. I gcás comhlachtaí Stáit tráchtála, is é an the comhaontú maoirseachta Litir Ionchais an Scairsealbhóra. I gcás na gcomhlachtaí Stáit go léir eile, ráiteas scríofa is ea an comhaontú maoirseachta idir an tAire/an mháthair-Roinn agus an comhlacht Stáit ábhartha faoina choimirce a shainiú go soiléir téarmaí chaidreamh na máthair-Ranna leis an gcomhlacht sin.

Ba cheart go léireofaí sa chomhaontú maoirseachta creat dlíthiúil na gcomhlachtaí Stáit; an timpeallacht ina n-oibríonn sé (e.g. comhlacht tráchtála, neamhthráchtála, rialála); cuspóir agus freagrachtaí an chomhlachta Stáit; an leibhéal a chomhlíonann an comhlachta Stáit an Cód seo; sonraí faoin gComhaontú Soláthair Feidhmíochta (e.g. aschur atá le soláthar); agus socruithe do mhaoirseacht, monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar chomhréireacht i dtaobh beartas Rialtais, na gníomhartha agus na limistéir siúd de chaiteachas ina dteastaíonn cead roimh ré ón máthair-Roinn agus/nó an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Riachtanais Chomhlíonta.

Tá freagracht ar chomhlachtaí Stáit chun caighdeáin mhaithe dea-rialachais chorparáidigh a chur i bhfeidhm.

Is féidir le roinnt comhlachtaí Stáit a mheas go mbeadh éifeacht dhíreireach ag riachtanais áirithe an Chóid seo acu mar gheall ar chineál agus scála a ngníomhaíochtaí, a samhla gnó, na hacmhainní atá ar fáil dóibh, agus/nó a reachtanna rialaithe. In ionad struchtúr Boird, is féidir roinnt comhlachtaí Stáit a bhunú i bhfoirm sealbhóir oifige aonair, binse, coimisiún nó comhlacht rialála. Sa chás gur cuí, ba cheart don chomhlacht ábhartha comhaontú a bhaint amach agus doiciméadú foirmiúil a dhéanamh leis an Aire/máthair-Roinn ábhartha a mhéid a d'fhéadfaí an riachtanas comhlíonta a oiriúnú go hoiriúnach ina gcás. Ba cheart don chomhlacht Stáit an comhaontú a baineadh amach a lua ina thuarascáil bhliantúil agus a mhíniú cé acu an bhfuil nó na riachtanais le tabhairt isteach de réir a chéile i rith tréimhse níos faide ama, nó a éagsúlú ar bhealach eile.

Is féidir le comhlachtaí Stáit tráchtála nó a bhfochuideachtaí a bhfuil baint acu i gcomhaontais straitéiseacha, comhfhiontair nó socruithe scairshealbhaithe eile le scairshealbhoírí seachas leis an Stát a mheas nach fusa gnéithe áirithe den Chód seo a chur i bhfeidhm sna fiontair siúd. Faoi na cúinsí siúd, ba cheart do chomhlacht Stáit tráchtála dul i mbun na mbeart réasúnta go léir lena chinntiú go gcomhlíonann na fiontair siúd na príonsabail rialachais a bhaineann le comhlachtaí Stáit tráchtála/cuideachtaí go ginearálta agus deimhniú a thabhairt don Aire ábhartha go ndearnadh é seo.

Anuas ar chomhlachtaí tráchtála agus neamhthráchtála Stáit, tá comhlachtaí rialála cumhdaithe sa Chód seo, chomh maith. Tugtar sainmhíniú i dtuarascáil 2007 Roinn an Taoisigh, "[Comhlachtaí in Éirinn a bhfuil Cumhachtaí Rialála acu](#)" ar chomhlacht rialála mar chomhlacht a bhfuil aitheantas reachtúil agus feidhmeanna aige in dhá cheann de na trí limistéar seo a leanas gníomhaíochta, ar a laghad:

1. Spriocanna a chruthú, rialacha a dhéanamh, [agus/nó] caighdeáin a leagan amach;
2. Monatóireacht, faisnéis a bhailiú, iniúchadh, cigireacht, iniúchóireacht agus meastóireacht; agus/nó
3. Forfheidhmiú, iompar modhnaithe, luaíochtaí agus smachtbhannaí a chur i bhfeidhm.

Anuas ar a ról rialála, tá na gnéithe seo a leanas ag comhlacht rialála:

- Eagraíocht neamhspleách é, atá ar leith ó aon chomhlacht eile.
- Tá cumas éigin aige chun cinnteoireacht fhéinrialaitheach a dhéanamh.
- Táthar ag súil, go pointe áirithe, le leanúnachas le himeacht ama.
- Tá roinnt acmhainní airgeadais aige.

Bainfidh an Cód seo le gach comhlacht den saghas sin a ndéantar cur síos orthu thuas, comhlachtaí Stáit ina measc a ghineann a n-ioncam féin agus nach gcistíonn an Stáitchiste iad go díreach.

Comhlíon nó Mínigh

Faoi mar a dtugtar cuntas air, d'fhéadfadh údar a bheith le forálacha ar leith sa Chód seo i gcásanna áirithe a fhad agus is féidir cuspóirí na bhforálacha siúd a bhaint amach trí bhearta rialachais eile. Ba cheart go mbeadh nótaí mínitheacha ag aon chomhlachtaí Stáit a imíonn ó fhorálacha an Chóid seo, chomh maith, a scríobhtar isteach ina gcomhaontuithe maoirseachta leis an Aire/na máthair-Ranna ábhartha ina mínítear go soiléir na cúiseanna a bhí leis na díolúintí.

Sainmhíniú ar Chomhlacht Stáit


Cé nach bhfuil aon sainmhíniú beacht ar chomhlacht Stáit, tabharfaidh na critéir seo a leanas cúnamh chun sainmhíniú a thabhairt ar chomhlacht den saghas sin⁴:

1. Cuireann an tAire⁵ reachtaíocht a bhaineann leis an gcomhlacht faoi bhráid Thithe an Oireachtais.
2. Cuireann an tAire ráitis airgeadais agus/nó tuarascáil bhliantúil an chomhlachta faoi bhráid Thithe an Oireachtais.
3. Tá freagracht reachtúil ar an Aire agus/nó an Roinn as ceann amháin nó níos mó den mhéid seo a leanas:
 - a. cistiú a sholáthar;
 - b. meastacháin a sholáthar sa Dáil;
 - c. gach ball / tromlach de bhaill Bhord comhlachta, Údaráis nó comhlacht rialaithe eile a ainmniú / a dhífhostú;
 - d. Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) a cheapadh;
 - e. feidhmeanna a thoilíú maidir le luach saothair, aoisliúntas, táillí; agus/nó
 - f. feidhmeanna a thoilíú maidir le hiasacht.
4. Bonn reachtúil an chomhlachta.
5. Leagann an tAire treo beartais amach don chomhlacht.
6. Tá de chumhacht ag an Aire treoracha, cóid, rialacháin nó treoirlínte a eisiúint maidir leis an gcomhlacht.
7. Faomhann an tAire Ráitis Straitéise
8. Is é an tOifigeach Cuntasaíochta don Chomhlacht Stáit Ard-Rúnaí na máthair-Roinne.
9. Glacann fostaithe/tá fostaithe sa chomhlacht incháilithe chun páirt a ghlacadh i Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí.

⁴ Arna oiriúnú ó "Caighdeán Rialachais Chorporáidigh don Státseirbhís" (an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Samhain 2015) leathanach 28

⁵ Tagraíonn 'Aire' sa mhír seo d'Aire na máthair-Roinne a bhfuil an comhlacht Stáit faoina choimirce.

Creat Rialachais



^a Cuireann NewERA (an tÚdarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh an Gheilleagair) seirbhísí comhairleacha tráchtála agus airgeadais ar fáil, i measc eile rudaí, do na hAirí ábhartha Rialtais maidir le roinnt comhlachtaí Stáit tráchtála (Bord na Móna; Coillte Teoranta; EirGrid; Ervia, BSL; agus Uisce Éireann). Is féidir a iarraidh ar NewERA, chomh maith, chun comhairle a chur ar Airí maidir le comhlachtaí agus sócmhainní eile Stáit.

^b Ba cheart go mbeadh na Coistí Iniúcháireachta agus Riosca a bheith cumaiscthe, i dtaobh roinnt aonáin níos mó, áfach, d'fhéadfadh gá a bheith ann le Coistí Iniúcháireachta agus Riosca ar leith.

Creat Rialachais

Taispeántar i scéimreach an Chreata Rialachais ar an leathanach deireanach príomhghnéithe chaidreamh an chreata rialachais idir an Rialtas agus comhlachtaí Stáit. Ní bheartaítear go gcumhdaítear sa léaráid seo gach gné den chaidreamh seo, a bheidh éagsúil ag brath ar chineál, scála agus freagrachtaí éagsúla an chomhlachta Stáit agus na reachtaíochta rialaithe lena mbunaítear an comhlacht Stáit.

Go ginearálta, tá trí shaghas de comhlachtaí Stáit ann: comhlachtaí Stáit tráchtála, comhlachtaí Stáit neamhtráchtála agus comhlachtaí rialála. Bíonn baint ag comhlachtaí tráchtála i ngníomhaíochtaí tráchtála agus bíonn ról rialála, forbartha, soláthair seirbhíse nó chomhairleacha ag comhlachtaí neamhtráchtála. Féadtar a áireamh le socruithe eile Sealbhóir Oifige, e.g. an tOmbudsman, coimisiúnú idir roinnt daoine, e.g. Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, agus binsí, e.g., an Chúirt Oibreachais agus an Bord Pleanála.

Bíonn reachtaíocht rialála ag comhlachtaí stáit, go ginearálta, ina bhforáiltear, i measc rudaí eile, don Bhord agus an Cathaoirleach a cheapadh (ag an Aire ábhartha), chun foirm na tuarascála bliantúla agus na ráiteas airgeadais a fhaomhadh, chun iniúchóirí a cheapadh agus chun an fhaisnéis sin a sholáthar a d'fhéadfadh an tAire a iarraidh. Tá an Cathaoirleach agus an Bord freagrach, i ndeireadh na dála, leis an Aire (atá freagrach leis an Rialtas) as oibriú agus feidhmiú ceart an chomhlachta Stáit.

Leagtar amach feidhmeanna agus dualgais an Bhoird sa reachtaíocht rialála nó sa bhunreacht, i.e. meabhrán agus airteagail chomhlachais an chomhlachta Stáit atá i gceist. Ba cheart don Bhord, trí úsáid a bhaint as a bhfeidhmeanna agus dualgais ardleibhéil mar threoir, téarmaí tagartha saincheaptha a ullmhú don Bhord.


Tá ar dhaoine a bheartaíonn an tAire a cheapadh ina gCathaoirligh ar chomhlachtaí stáit a bheith ar fáil do Roghchoiste cuí an Oireachtais le plé a dhéanamh ar an gcur chuige a ghlacfaidh siad maidir lena ról mar Chathaoirleach agus a dtuairimí faoi rannchuidiú an chomhlachta Stáit nó an Bhoird amach anseo atá i gceist.⁶

Leagtar an chuntasacht sa reachtaíocht rialaithe a bhunaíonn formhór na gcomhlachtaí poiblí ar POF an chomhlachta le Coiste Cuntas Poiblí (CCP) an Oireachtais. Déantar seo ar an mbunús go ndéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ráitis airgeadais an chomhlachta Stáit a iniúchadh agus go gcuirtear faoi bhráid an Oireachtais iad i gcomhréir le reachtaíocht rialaithe an chomhlachta Stáit.

D'fhéadfadh Oifigeach Cuntasaíochta, laistigh de bhrí Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, a bheith ag líon beag comhlachtaí Stáit atá freagrach as cistí Vótáilte; bíonn "Duine Cuntasach" ag comhlachtaí Stáit eile faoi mar a sainmhínítear iad i reachtaíocht rialaithe an chomhlachta Stáit. Sna cásanna siúd, caithfear cuntasacht an Oifigigh Chuntasaíochta/an Duine Chuntasaigh leis an Oireachtas a dhifreáil ó chuntasacht fhreagrachtaí ginearálta an Bhoird.

⁶ "Treoirínte maidir le Ceapacháin le Boird Stáit" (an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Samhain 2014)

Bord Comhlacht Stáit



Leagtar an chuntasacht sa reachtaíocht rialaithe a bhunaíonn formhór na gcomhlachtaí Stáit ar POF an chomhlachta Stáit le Coiste Cuntas Poiblí (CCP) an Oireachtais. Déantar seo ar an mbunús go ndéanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ráitis airgeadais an chomhlachta Stáit a iniúchadh agus go gcuirtear faoi bhráid an Oireachtais iad i gcomhréir le forálacha reachtaíocht rialaithe na gcomhlachtaí Stáit.

Tá ar dhaoine a bheartaíonn an tAire a cheapadh ina gCathaoirligh Bhoird chomhlachtaí stáit a bheith ar fáil do roghchoiste cuí an Oireachtais le plé a dhéanamh ar an gcur chuige a ghlacfaidh siad maidir lena ról mar Chathaoirleach agus a dtuairimí faoi rannchuidiú an chomhlachta Stáit nó an Bhoird amach anseo atá i gceist.⁸

Déanann roghchoistí an Oireachtais scrúdú ar bheartais, caiteachas, riarachán agus soláthar seirbhíse i limistéir a shainítear. Déanann an Coiste Cuntas Poiblí (an CCP) scrúdú ar ráitis airgeadais, déanann sé iniúchadh ar luach ar airgead agus leagann sé cuntasacht ar Oifigeach Cuntasaíochta Roinn Rialtais nó Oifige maidir le húsáid a bhaint as acmhainní poiblí.

⁷ Go ginearálta, ba cheart na Coistí Iniúcháireachta agus Riosca a chumasc, i dtaobh roinnt aonáin níos mó, áfach, d'fhéadfadh gá a bheith ann le Coistí Iniúcháireachta agus Riosca ar leith.

⁸ "Treoirínte maidir le Ceapacháin le Boird Stáit" (an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Samhain 2014)

1. Ról an Bhoird

Prionsabail

Ba cheart go dtuigfeadh gach comhlacht Stáit a sainordú go soiléir agus na feidhmeanna, ról agus freagrachtaí éagsúla a shainaithint uaidh sin a bhíonn i gceist nuair a bhíonn an sainordú sin á sholáthar.

Tá an Bord comhfhreagrach as gníomhaíochtaí an chomhlachta Stáit a stiúradh agus a threorú. Cé gur féidir leis an mBord feidhmeanna ar leith a tharmligean don bhainistíocht, ní bhaineann feidhmiú chumhacht an tarmligthe an dualgas den Bhord chun maoirseacht a dhéanamh ar thabhairt faoi na feidhmeanna tarmligthe.

Ba cheart don Bhord príomhfheidhmeanna a chomhlíonadh, an méid seo a leanas ina measc: treoir straitéiseach agus pleananna móra gníomhaíochta, beartais agus nósanna imeachta bainistíochta riosca, buiséid bhliantúla agus pleananna gnó a athbhreithniú agus a threorú, cuspóirí feidhmíochta a leagan amach, monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar fheidhmíocht chomhlacht Stáit, agus maoirseacht a dhéanamh ar chaiteachas caipitiúil agus cinntí infheistíochta.⁹

Ba cheart don Bhord gníomhú ar bhonn atá go hiomlán feasach agus eiticiúil, le dea-intinn, le dícheall agus cúram cuí, agus chun sárleasa an chomhlachta Stáit, agus an aird mar is cuí á tabhairt ar a fhreagrachtaí dlíthiúla agus ar na cuspóirí a leag an Rialtas amach.

Ba cheart don Bhord forbairt acmhainneacht an chomhlachta Stáit a chur chun cinn, cumas a cheannaireachta agus a fhoirne ina measc.

Tá an Bord freagrach as cuntasacht a leagan ar an POF agus an bhainistíocht shinsearach as feidhmíocht éifeachtach a bhfreagrachtaí.

Forálacha an Chóid

- 1.1 Ceannaireacht:** Is é ról an Bhoird ceannaireacht agus treorú an chomhlachta Stáit a sholáthar laistigh de chreat de rialuithe stuama agus éifeachtacha a chumasaíonn riosca a mheasúnú agus a bhainistiú. Ba cheart don Bhord comhaontú a dhéanamh ar aidhmeanna straitéiseacha an chomhlachta leis an Aire agus an mháthair-Roinn, a mhéid agus is ábhartha, agus a chinntiú go mbaintear úsáid optamach as acmhainní chun a chuid cuspóirí a bhaint amach.
- 1.2 Caighdeáin Eiticiúla:** Tá príomhról le baint amach ag an mBord chun tréith chomhlacht Stáit a leagan amach, seachas trína chuid gníomhartha féin ach i dtaobh maoirseacht a dhéanamh ar an mbainistíocht shinsearach agus a fhoireann, chomh maith. Téann ardchaighdeáin eiticiúla chun leas fadtéarmach an chomhlachta agus is príomhbhealach iad le caighdeáin inchreidte agus iontaoifa a dhéanamh díobh.¹⁰ Is tábhachtach go leagann an Bord an ‘tréith cheart ón mbarr anuas’ amach. Ba cheart don Bhord stiúradh ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla agus a chinntiú go mbaineann caighdeáin mhaithe de rialachas agus iompar eiticiúil gach leibhéal den eagraíocht amach.
- 1.3 Comhlíonadh:** Ba cheart don Bhord athbhreithniú a dhéanamh ar na rialuithe agus na nósanna imeachta a ghlac an comhlacht Stáit le dearbhú réasúnta a sholáthar dó féin gur leor na rialuithe agus na nósanna imeachta siúd le comhlíonadh a oibleagáidí reachtúla agus rialachais ag an gcomhlacht Stáit a bhaint amach.

⁹ Arna oiriúnú ó “Prionsabail Rialachais Chorpáráidigh G20/an ECFE” (an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (an ECFE), Meán Fómhair 2015) leathanach 53

¹⁰ Arna oiriúnú ó “Prionsabail Rialachais Chorpáráidigh G20/an ECFE” (an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (an ECFE), Meán Fómhair 2015) leathanach 53

1.4 Comhfhreagracht: Ba cheart comhfhreagracht agus comhúdarás an Bhoird a chosaint. Ba cheart an deis a thabhairt do gach comhalta Boird chun cur go hiomlán le breithniúcháin an Bhoird agus, sa chás gur riachtanach, dúshlán dearfach a sholáthar, agus na chearta cosaint in aghaidh tionchar iomarcach a imirt ar chomhalta aonair amháin nó níos mó.

1.5 Ról Maoirseachta an Bhoird: Tá dualgas ar an gcomhlacht Stáit an fhaisnéis riachtanach go léir a sholáthar don Bhord lena chur ar chumas an Bhoird tabhairt faoina dhualgais i leith ardchaighdeáin. Ba cheart do Bhord an chomhlachta Stáit tabhairt faoi gach beart riachtanach le hiad féin a chur ar an eolas go hiomlán ar aon fhaisnéis ábhartha agus teacht ar an bhfaisnéis go léir is cuí.

Cé gur féidir le Bord comhlacht Stáit Coiste Iniúcháireachta agus Riosca a bhunú chun cabhrú leis an mbreithniú a dhéanann sé ar shaincheisteanna a bhaineann le hiniúcháireacht, rialachas agus bainistíocht riosca, is ar Bhord an chomhlachta Stáit atá an fhreagracht i gcónaí agus is é an dhéanann an cinneadh deiridh ar na limistéir seo go léir.

1.6 Comhairle a chur ar an Aire: Cinnteoidh an Bord go gcoimeádann an Cathaoirleach an tAire ábhartha ar an eolas ar cheisteanna a thagann chun solais maidir leis an gcomhlacht Stáit.

Ceisteanna a bhfuil Cinneadh le déanamh ag an mBord orthu

1.7 Ceisteanna a bhfuil Cinneadh le déanamh ag an mBord orthu: Ba cheart don Bhord casadh le chéile minic a dhóthain chun a dhualgais a chomhlíonadh go héifeachtach.¹¹ Ba cheart don Bhord sceideal foirmiúil ceisteanna a fhorchoimeádtar go sonrach dó le cinneadh a dhéanamh orthu lena chinntiú go mbíonn smacht iomlán ar threorú agus rialú an chomhlachta Stáit (b'fhéidir go mbeidh faomhadh ón Aire ag teastáil ó chuid de na ceisteanna seo).

Ba cheart go n-áireofaí leis an sceideal seo an méid seo a leanas, ar a laghad:

- éadálacha suntasacha, diúscairtí agus scor sócmhainní an chomhlachta Stáit nó a fhochuideachtaí. Ba cheart go sonrófaí sa sceideal tairseacha soiléire cainníochtúla do chonarthaí ar gá don Bhord an méid seo a leanas a dhéanamh nuair a sháraítear iad;
- infheistíochtaí agus tionscadail mhóra chaipitil;
- leibhéil tharmhligthe údaráis, beartas stáitchiste agus beartais bhainistíochta riosca;
- téarmaí conarthaí móra a fhaomhadh;
- i gcomhlachtaí Stáit tráchtála, beartas ar chinntiúchán a dhéanamh ar luach saothair na bainistíochta sinsearaí (seachas an POF);
- i gcomhlachtaí Stáit neamhthráchtála, dearbhuithe comhlíonta lena riachtanais reachtúla agus riaracháin maidir le faomhadh a dhéanamh ar cheapadh, líon, grádú, agus coinníollacha na foirne go léir, luach saothair agus aoisliúntas ina measc;
- buiséid bhliantúla agus pleananna corparáideacha a fhaomhadh;
- tuarascálacha bliantúla agus ráitis airgeadais a fhaomhadh;
- ceapadh, luach saothair agus measúnú ar fheidhmíocht, agus pleanáil comharbais don POF¹²; agus
- leasuithe suntasacha a dhéanamh ar shochair phinsin an POF agus na foirne.

Ba cheart don Bhord casadh ar a chéile ar a laghad faoi dhó sa bhliain gan comhaltaí Boird feidhmiúcháin ná an bhainistíocht a bheith i láthair chun plé a dhéanamh ar aon cheisteanna a mheastar atá ábhartha.

¹¹ Glactha ó "Cód Rialachais Chorporáidigh an RA" de chuid na Comhairle um Thuairisciú Airgeadais (2016) leathanach 7

¹² Is féidir le teidil eile oibriú i gcomhlachtaí áirithe e.g. Stiúrthóir Bainistíochta, nó sa chás go bhféadfadh ról analógacha a bheith ann, ar nós Déin

- 1.8 Dearbhú Bliantúil:** Tá freagracht ar an mBord as a chinntiú go bhfuil córais éifeachtacha rialaithe inmheánaigh á dtionscnamh agus á gcur i bhfeidhm. Tá ar an mBord a dheimhniú gach bliain don Aire ábhartha go bhfuil córas cuí rialaithe inmheánaigh agus airgeadais i bhfeidhm ag an gcomhlacht Stáit.
- 1.9 Caiteachas agus Feidhmíocht:** Ba cheart go mbeadh cinneadh a dhéantar ar earraí móra caiteachais a bheith ar aon dul le straitéisí idir meántearma agus fadtearma lena chinntiú go ndírítear an caiteachas sin ar chuspóirí agus torthaí a shainítear go soiléir. Ba cheart córas tomhais feidhmíocht a chur i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht/thoradh an chaiteachais sin agus ba cheart é seo a thabhairt le fios don Bhord.
- 1.10 Éirí as/Dul ar Scor as Post:** Ba cheart don Bhord, ar an mbealach is éifeachtaí leis an gcomhlacht Stáit, déileáil leis an tsaincheist lena mbaineann éirí as/dul ar scor as fostaíocht phoist, ceapachán agus/nó sainchomhairleoireacht a chomhalta Boird agus a fhostaithe san earnáil phríobháideach agus ba cheart a chinntiú go ndéantar aon nósanna imeachta a d'fhéadfadh gur sé i bhfeidhm ina leith seo a mhonatóiriú agus a chur i bhfeidhm chun cosaint in aghaidh coimhlintí leasa nó nochtadh míchuí faisnéise a d'fhéadfadh teacht chun solais ar bhealach eile. D'fhéadfaí a áireamh leis na nósanna imeachta siúd páipéir Bhoird a thabhairt ar ais ag deireadh téarma comhalta Boird.
- 1.11 Coimhlint Leasa:** Ba cheart go mbeadh nósanna imeachta i bhfeidhm ag an mBord chun monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar choimhlintí féideartha leasa comhaltaí Boird agus na bainistíochta (Féach alt 5.5).
- 1.12 Iniúcháirí Seachtracha:** Ba cheart don Bhord establish nósanna imeachta a bhunú chun caidreamh cuí a chothú leis na hiniúcháirí seachtracha.
- 1.13 Cairteacha Scríofa:** Ba cheart go mbeadh cairteacha scríofa ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca agus coistí Boird eile, anuas ar an aonad iniúcháireachta inmheánaí. Ba cheart don Bhord comhaontú ar na heatraimh nach mór don phríomh-Bhord na cairteacha a athbhreithniú agus a nuashonrú, faoi mar is cuí, laistigh díobh.
- 1.14 Nochtadh Cosanta:** Ar aon dul leis an gceanglas dlíthiúil faoi alt 21 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, déanfaidh gach comhlacht poiblí nósanna imeachta a bhunú agus a chothabháil chun nochtadh cosanta a dhéanamh ag oibríthe atá nó a bhí fostaithe ag an gcomhlacht poiblí agus chun déileáil leis an nochtadh sin. Cuirfidh an comhlacht poiblí faisnéis scríofa ar fáil d'oibríthe atá fostaithe ag an gcomhlacht a bhaineann leis na nósanna imeachta faoi mar a leagtar amach thuas. Is féidir teacht ar threoir ar mhaithe le cabhrú le comhlachtaí poiblí i dtabhairt faoiona bhfeidhmeanna a d'fhoilsigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe [anseo](#).

Ráiteas Straitéise

- 1.15 Plean Straitéiseach:** Príomhfhreagracht den Bhord comhlacht Stáit is ea plean straitéiseach a ullmhú agus a ghlacadh. Ba cheart do na pleananna siúd cuspóirí agus spriocanna a leagan amach agus tascáirí agus spriocanna ábhartha a shainithint ar féidir feidhmíocht a thomhas go soiléir ina leith. Ba cheart go mbeadh próiseas foirmiúil i bhfeidhm ag gach comhlacht Stáit, cé acu más comhlachtaí tráchtála, neamhthráchtála nó, mar shampla, comhlachtaí rialála iad., chun straitéis a leagan amach.
- 1.16 Comhlacht Stáit Tráchtála:** Ba cheart do Bhord comhlacht Stáit, laistigh de na chéad sé mhí de gach bliain airgeadais, dréachtphlean bliantúil rollach gnó agus airgeadais cúig bliana a sheoladh ar aghaidh

a fhaomhadh, a chuimsíonn straitéis (beartas ginearálta earnála a chur i gcuntas faoi mar a dheimhníonn an tAire ábhartha), infheistíocht phleanáilte agus spriocanna cuí airgeadais leis an Aire ábhartha agus, nuair is cuí, an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus NewERA i gcomhréir le halt 1.18.

Ba cheart go léireofaí i bpleananna cuspóirí scairshealbhóirí, faoi mar is cuí, agus sainordú straitéiseach agus dlíthiúil an chomhlachta Stáit.

1.17 Comhlacht Stáit Neamhthráchtála: Ba cheart do Bord gach comhlachta neamhthráchtála Stáit, comhlachtaí ina measc a chistítear trí thobhaigh nó táillí, glacadh le ráiteas straitéis ar feadh tréimhse 3-5 bliana roimh ré nó, seachas sin, faoi mar a shainordaítear ina reachtaíocht rialaithe.

Ba cheart go mbeadh an ráiteas ar aon dul le cuspóirí ar leith i Ráiteas Straitéise na máthair-Roinne, a mhéid agus is ábhartha, agus ba cheart go mbeadh sé ar aon dul le haon bheartais Rialtais chun an tSeirbhís Phoiblí a athchóiriú agus a nuachóiriú, anuas ar fhreagrachtaí reachtúla an chomhlachta atá i gceist.

Ba cheart go gcuimseofar sa Ráiteas Straitéise ráiteas misin, cuspóirí ardleibhéil agus sprioc-aschur agus spriocorthaí i bpríomhlíonmístéir straitéiseacha ghníomhaíochta an chomhlachta, anuas ar ráiteas ar na hacmhainní atá le cur chun úsáide chun na spriocanna a bhaint amach.

1.18 Dearthaí Aire: Ba cheart cóip den dréachtphlean straitéiseach (pleananna chun tobhach a ghearradh nó ioncam féin a ghiniúint ina measc, sa chás gurb iomchuí) agus ba cheart an dréachtphlean bliantúil rollach gnó agus airgeadais cúig bliana a chur faoi bhráid an Aire ábhartha, agus, sa chás gur cuí, an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus NewERA sula ndéanann an Bord an plean/na pleananna a chur i gcrích agus a ghlacadh.

Ba cheart an comhlacht Stáit a chur ar an eolas ar dhearccháí is mian leis an Aire/na hAiri a léiriú sa phlean straitéiseach agus sa phlean bliantúil rollach gnó agus airgeadais cúig bliana laistigh de thréimhse uasta dhá sheachtain déag i ndiaidh é a sheoladh ar aghaidh.

Cé go bhfuil an fhreagracht deiridh as ábhar an phlean ar an mBord i ngach cás, ba cheart don Bhord machnamh cúramach a dhéanamh ar an mbreithniú a dhéantar ar leas an phobail agus dearccháí na nAiri.

1.19 Cur i bhFeidhm: Ba cheart tacú le cur i bhfeidhm na straitéise ag bainistíocht gach comhlachta Stáit trí chóas pleanála agus buiséadaithe bliantúil. Ba cheart do Bhord gach comhlachta Stáit plean agus/nó buiséad bliantúil a fhaomhadh agus ba cheart dóibh tabhairt faoi mheasúnú foirmiúil ar fheidhmíocht iarbhir trí thagairt a dhéanamh don phlean agus/nó an buiséad ar bhonn bliantúil.

1.20 Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais: Ba cheart don Bhord a mhíniú sa tuarascáil bhliantúil a bhfreagracht as an tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais a ullmhú¹⁴ agus cé acu an gceapann nó nach gceapann siad go dtugtar nó nach dtugtar léiriú fíor agus cóir sna ráitis airgeadais ar fheidhmíocht airgeadais an chomhlachta Stáit agus ar a staid airgeadais ag deireadh na bliana.

Ba cheart go mbeadh ráiteas ann ag an iniúchóir seachtrach i dtuarascáil na n-iniúchóirí seachtracha faoi fhreagrachtaí tuairiscithe an Bhoird.

¹³ Baineann seo i gcás aonáin a ainmnítear faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2014.

¹⁴ Seachas ó chás comhlachta reachtúil atá freagrach as cistí "Vótáilte", ina bhfuil an fhreagracht as an gCuntas Leithreasa a ullmhú ar an Oifigeach Cuntasaíochta sa chás sin.

1.21 Rúnaí an Bhoird: Tá dualgas ar an mBord a chinntiú go bhfuil na scileanna ag an duine a cheaptar mar Rúnaí an Bhoird chun a ndualgais reachtúla agus dhlíthiúla agus gach dualgas eile a chomhlíonadh is féidir leis an mBord a tharmligean. Ba cheart go mbeadh ceapadh agus baint Rúnaí an Bhoird ina cheist don Bhord ina iomláine.¹⁵

1.22 Ról Rúnaí an Bhoird: Ba cheart caitheamh le ról Rúnaí an Bhoird mar thaca leis an mBord. Braithfidh scála agus scóip an ról ar mhéid, cineál agus freagrachtaí an chomhlachta Stáit.

Is féidir na feidhmeanna agus dualgais siúd a shannadh do Rúnaí an Bhoird is féidir leis an mBord a shannadh. Is féidir na dualgais a rangú mar seo a leanas:

- dualgais reachtúla;
- dualgas cúraim;
- dualgas chun cúram, scil agus dícheall ceart a fheidhmiú; agus
- dualgais riaracháin.

1.23 Rialachas: Ba cheart do Rúnaí an Bhoird tuairisciú leis an gCathaoirleach maidir le gach ceist rialachais an Bhoird agus cabhrú leis an gCathaoirleach lena chinntiú go gcuirtear faisnéis ábhartha ar fáil don Bhord agus a choistí.

Tá Rúnaí an Bhoird freagrach as comhairle a chur ar an mBord tríd an gCathaoirleach ar gach ceist rialachais. Ba cheart go mbeadh liosta d'oibleagáidí agus rialacháin reachtúla ag an mBord atá le comhlíonadh agus a mbraitheann a bhforghníomhú ar Rúnaí an Bhoird.

An Prionsabal Roinnte

Freagrachtaí

Ba cheart go roinnfí freagrachtaí go soiléir idir an Bord a stiúradh agus a bhainistiú agus an fhreagracht feidhmiúcháin as an gcomhlacht Stáit a réachtáil. Níor cheart go mbeadh cumhachtaí neamhshrianta cinnidh ag aon duine aonair amháin.¹⁶

Foráil an Chóid

1.24 Ról a Scaradh: Níor cheart ról an Chathaoirligh agus an POF a cheangal, de ghnáth. Má tharlaíonn seo faoi chúinsí eisceachtúla, ba cheart go mbeadh toiliú an Aire ábhartha tugtha murach go gceanglaítear é i bhforálacha reachtúla ar leith a bhaineann le comhlacht Stáit ar leith. Ba cheart go mbeadh freagrachtaí a roinnt idir an Cathaoirleach agus an POF bunaithe go soiléir, leagtha amach i scríbhinn agus comhaontaithe ag an mBord.

¹⁵ Glactha ó "Cód Rialachais Chorpáraidigh an RA" de chuid na Comhairle um Thuairisciú Airgeadais (2016) leathanach 14

¹⁶ Glactha ó "Cód Rialachais Chorpáraidigh an RA" de chuid na Comhairle um Thuairisciú Airgeadais (2016) leathanach 8

2. Ról an Chathaoirligh

Prionsabal

Tá an Cathaoirleach freagrach as ceannaireacht an Bhoird agus a éifeachtacht i ngach gné dá ról a chinntiú.¹⁷

Ba cheart don Chathaoirleach ardchaighdeán iomláine agus mhacántachta a thaispeáint agus ionchais maidir le cultúr, luachanna, agus iompar a leagan amach don chomhlacht Stáit agus do thon an phlé ar leibhéal Boird.

Forálacha an Chóid

- 2.1 Clár an Bhoird:** Tá an Cathaoirleach agus an POF freagrach as bainistíocht éifeachtach chlár an Bhoird agus a chinntiú go bhfuil dóthain ama ar fáil chun plé a dhéanamh ar gach earra ar an gclár, saincheisteanna straitéiseacha ach go háirithe. Ba cheart don Chathaoirleach agus an POF casadh roimh chruinniú an Bhoird chun comhaontú a dhéanamh ar an gclár.
- 2.2 Oscailteacht agus Díospóireacht:** Baineann buntábhacht ag feidhmiú éifeachtach an Bhoird leis an bplé atá cuiditheach agus dúshlánach araon. Ba cheart don Chathaoirleach cultúr oscailteachta agus díospóireachta a chur chun cinn trí rannchuidiú éifeachtach na príomhbhainistíochta agus gach comhalta Boird a éascú.
- 2.3 Faisnéis Thráthúil:** Tá an Cathaoirleach freagrach as a chinntiú go bhfaigheann an Bord faisnéis chruinn, thráthúil agus shoiléir. Ba cheart don Chathaoirleach cumarsáid éifeachtach le gach páirtí leasmhar ábhartha a chinntiú.¹⁸
- 2.4 Scileanna Boird:** Nuair a bhíonn Cathaoirleach faoin tuairim go dteastaíonn scileanna ar leith ar an mBord, ba cheart dó/di an tAire ábhartha a chur ar an eolas ar an dearcadh seo go ndéanfaidh sé/sí breithniú air luath a dhóthain sula mbeidh folúntais Bhoird le teacht aníos. Déantar seo d'fhonn a chinntiú go sainaithnítear sa phróiseas faoinar tugadh faoi na Treoirínte maidir le Ceapacháin le Boird Stáit iarrthóirí a bhfuil na scileanna siúd acu agus chun gur féidir leis an Aire dearchtaí an Chathaoirligh a chur san áireamh nuair a bhíonn ceapacháin á ndéanamh ó iarrthóirí cáilithe ó phróiseas stateboards.ie.
- 2.5 Sreafaí Faisnéise:** Faoi stiúir an Chathaoirligh, áirítear le freagrachtaí Rúnaí an Bhoird sreafaí maithe faisnéise laistigh den Bhoird agus a choistí agus idir an bhainistíocht shinsearach agus comhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin a chinntiú, anuas ar ionduchtúchán a éascú, meantóireacht agus cabhrú le forbairt ghairmiúil leanúnach, faoi mar a theastaíonn.¹⁹
- 2.6 Tuarascáil Chuimsitheach leis an Aire:** Ba cheart do Chathaoirleach gach comhlachta Stáit tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid an Aire ábhartha agus, sa chás gur cuí, NewERA i gcomhar le tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais an chomhlachta Stáit, a chumhdaíonn an comhlacht Stáit. (Féach alt 1.9 – Riachtanais um Thuairisciú Gnó agus Airgeadais).

¹⁷ Glactha ó "Cód Rialachais Chorpáraidigh an RA" de chuid na Comhairle um Thuairisciú Airgeadais (2016) leathanach 5

¹⁸ Glactha ó "Cód Rialachais Chorpáraidigh an RA" de chuid na Comhairle um Thuairisciú Airgeadais (2016) leathanach 8

¹⁹ Arna oiriúnú ó "Cód Rialachais Chorpáraidigh an RA" de chuid na Comhairle um Thuairisciú Airgeadais (2016) leathanach 13

²⁰ Baineann seo i gcás aonáin a ainmnítear faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2014

- 2.7 An Ráiteas ar Rialú Inmheánach:** Ba cheart tuarascáil an Chathaoirligh leis an Aire ábhartha i dtaca leis an gcóras rialaithe inmheánaigh a chur san áireamh i dtuarascáil bhliantúil an chomhlachta Stáit. Ba cheart an ráiteas seo a athbhreithniú ag na hiniúcháirí seachtracha lena dheimhniú sin go léirítear ann comhlíonadh an chomhlachta iniúchta cheanglais alt 1.9(iv) agus go bhfuil sé ar aon dul leis an bhfaisnéis a bhfuil cur amach acu uirthi ón iniúchadh a rinne siad ar na ráitis airgeadais. Ba cheart don iniúcháir seachtrach a dtuarascáil a chur san áireamh ar an gceist seo ina dtuarascáil iniúcháireachta ar na ráitis airgeadais.
- 2.8 Coiste an Oireachtais:** Tá ar dhaoine a bheartaíonn an tAire a cheapadh ina gCathaoirligh ar chomhlachtaí stáit a bheith ar fáil do Roghchoiste cúí an Oireachtais le plé a dhéanamh ar an gcur chuige a ghlacfaidh siad maidir lena ról mar Chathaoirleach agus a dtuairimí faoi rannchuidiú an chomhlachta Stáit nó an Bhoird amach anseo atá i gceist²¹.

²¹ Glactha ó “Treoirínte maidir le Ceapacháin le Boird Stáit” na Roinne Cateachais Phoiblí agus Athchóirithe (Samhain 2014)

3. Ról Comhaltaí Boird

Prionsabal

Ba cheart go mbeadh Bord éifeachtach i gceannas ar gach comhlacht Stáit atá comhfhreagrach as inbhuanaitheacht fhadtéarmach an chomhlachta.

Ba cheart do chomhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin breithiúnas neamhspleách a thabhairt ar fheidhm a bhaint as saincheistanna straitéise, feidhmíochta, acmhainní, príomhcheapacháin, agus caighdeáin iompair.

Forálacha an Chóid

3.1 Dualgas Muiníne: Tá dualgas muiníne ar gach comhalta Boird i leith an chomhlachta Stáit sa chéad ásc (i.e. dualgas chun gníomhú le dea-intinn agus chun sárleasa an chomhlachta Stáit).

Is iad na príomhdhualgais mhuiníne²²:

1. gníomhú le dea-intinn sa mhéid a cheapann an Bord a théann chun sárleasa na cuideachta;
2. gníomhú go hionraic agus go freagrach maidir le tabhairt faoi ghnóthaí na cuideachta;
3. gníomhú i gcomhréir le bunreacht na cuideachta agus gan a c(h)umhachtaí a fheidhmiú ach ar na cuspóirí a cheadaítear sa dlí;
4. gan tairbhe a bhaint as nó úsáid a bhaint as réadmhaoin, faisnéis nó deiseanna na cuideachta dá thairbhe nó dá tairbhe féin nó do thairbhe dhuine ar bith eile mura gceadaítear amhlaidh i mbunreacht na cuideachta nó mura ritear réiteach i gcrúinníú ginearálta;
5. gan comhaontú a dhéanamh ar chumhacht chomhalta Boird chun breithiúnas neamhspleách a fheidhmiú mura gceadaítear seo go sainráite i mbunreacht na cuideachta;
6. aon choimhlint a sheachaint idir dualgais an chomhalta Boird i dtaobh na cuideachta agus leasanna eile an chomhalta Boird mura scaoiltear an comhalta Boird óna d(h)ualgas i leith na cuideachta maidir leis an gceist atá i gceist;
7. an cúram, an scil agus an dícheall a fheidhmiú a mbeadh súil réasúnta leis go bhfeidhmeodh duine atá sa suíomh céanna a bhfuil eolas agus taithí acu atá mar an gcéanna leis sin atá ag comhalta Boird. D'fhéadfadh comhalta Boird a bheith faoi dhliteanas as aon chailteanas a eascraíonn ar a n-iompar faillíoch; agus
8. aird a bheith ar leasanna chomhaltaí na cuideachta.

Déanann comhaltaí na cuideachta cumhachtaí rialachais agus bainistíochta cuideachta a tharmligeann don Bhord agus is i leith na cuideachta atá dualgais an Bhoird, thar aon ní eile.

Acht na gCuideachtaí, 2014

Faoi Acht na gCuideachtaí, 2014, tá aitheantas reachtúil ar leith ann do dhualgais mhuiníne stiúrthóirí cuideachtaí atá corpraithe faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 nó faoi Acht na gCuideachtaí, 1963-2013. Caitheadh comhlachtaí Boird Stáit a chruthaítear faoi Acht na gCuideachtaí cloí leis na dualgais agus oibleagáidí ar leith atá acu faoi Acht na gCuideachtaí, 2014.

²² Féach alt 228 d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

3.2 Acht na gCuideachtaí, 2014: Tá dualgais ar Bhord Comhlachtaí Stáit a chorpraítear faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 nó faoi Achtanna na gCuideachtaí, 1963-2013, faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 agus an dlí gaolmhar, agus tá an fhreagracht ar gach comhalta Boird chun gníomhú i gcomhréireacht le forálacha infheidhme.

Comhlíonfaidh comhalta Boird, mar stiúrthóir cuideachta, an riachtanas go dtugtar fógra do Chláraitheoir Cuideachtaí i ndiaidh go ndéantar comhalta Boird de/di a bhfuil ráiteas sínithe aige/aici sna téarmaí seo a leanas:

“Aithním, mar stiúrthóir, go bhfuil dualgais agus oibleagáidí dhlíthiúla orm a leagtar in Acht na gCuideachtaí, gach reacht eile agus sa dlí coiteann”.

Déantar dualgais agus freagrachtaí stiúrthóirí a chomhdhlúthú i gCuid 5 d’Acht na gCuideachtaí, 2014 i gcód aontaithe amháin ar mhaithe le soiléireacht agus trédhearcacht. Tá baint ag Acht na gCuideachtaí, 2014 le gach stiúrthóir cuideachta, a chorpraítear faoi fhorálacha Acht na gCuideachtaí, 2014 nó faoi achtú dlí ar bith a achtaíodh roimhe seo, na stiúrthóirí siúd ina measc a ceapadh go foirmiúil agus na stiúrthóirí de facto.

Áirítear le hAcht na gCuideachtaí, 2014, chomh maith, roinnt dualgais ghinearálta do stiúrthóirí:

- Caithfidh stiúrthóirí a chinntiú go gcomhlíontar Acht na gCuideachtaí agus na hachtanna éagsúla cánach.
- Caithfidh stiúrthóirí a chinntiú go mbíonn rúnaí na cuideachta cáilithe go hoiriúnach.
- Caithfidh stiúrthóirí a aithint go bhfuil a gcuid dualgas orthu trí dhearbhu a shíniú chuige sin.
- Caithfidh stiúrthóirí a chur san áireamh suimeanna chomhaltaí na cuideachta agus bíonn aird acu ar leasanna na bhfostaithe.
- Tá srianta ar iasachtaí, cuasai-iasachtaí, idirbhearta creidmheasa agus ráthaíochtaí agus urrúis ann i measc stiúrthóirí, ach beidh siad faoi réir nós imeachta nua faofa achoimreach.
- Caithfidh stiúrthóirí aon leasanna a nochtadh i gconarthaí a rinne an chuideachta.
- Caithfidh stiúrthóirí an chuideachta a chur ar an eolas ar aon leasanna i scaireanna sa chuideachta, a máthairchuideachta nó a fochuideachta ach ní thagann aon oibleagáid aníos más ionann agus níos lú ná 1% de scairchaipiteal na cuideachta na scaireanna atá á gcoimeád nó mura bhfuil cearta vótála ag na scaireanna.

Beidh stiúrthóirí a dheimhnítear a sháraigh a ndualgais be faoi dhliteanas cuntas a thabhairt ar aon ghnóthachain a fabhraíodh agus caithfidh siad cuideachtaí a shlánú do chailteanais a eascraíonn as aon sárúithe ar dhualgais. Is féidir le cúirt faoiseamh a dheonú ó dhliteanas sa chás go bhfuil sé sásta gur ghníomhaigh stiúrthóir go hionraic agus go réasúnta ag gach tráth.

3.3 Neamhchomhlíonadh: Má aimsíonn comhalta Boird/Stiúrthóir fianaise nach bhfuil aon oibleagáidí reachtúla á gcomhlíonadh a bhaineann leis an gcomhlacht Stáit, ba cheart dódi é seo a chur ar aird a gcomh-chomhalta Boird/a gcomh-Stiúrthóirí láithreach bonn ag féachaint leis an gceist a réiteach.

Ba cheart an cheist a chur ar aird an Aire ábhartha ag an gCathaoirleach, chomh maith leis sin, a thugann an méid seo a leanas le fios (i) na hiarmhairtí a bhíonn ag neamhchomhlíonadh agus (ii) na bearta a rinneadh nó a dhéanfar chun an staid a réiteach. Tá freagracht ar an gCathaoirleach an tAire a chur ar an eolas ar na saincheisteanna siúd.

3.4 Státseirbhísigh: Oibrítear comhlachtaí Stáit neamhthráchtála i gcomhthéacs ina bhfuil cuspóirí beartais phoiblí (bíodh siad geilleagrach nó sóisialta) lárnach dá misean. Nuair a bhíonn saincheist bheartais

thábhachtach phoiblí i gceist nó má bhíonn easaontú leis an mBord maidir le saincheist mhór bheartais, ba cheart don státseirbhíseach a iarraidh ar an gCathaoirleach an tAire ábhartha a chur ar an eolas nó, má theipeann air sin, an tAire féin a chur ar an eolas.

Tugtar cuntas i [gCiorclán 12/2010: Prótacal do Státseirbhísigh a Ainmníodh le Boird Chomhlachtaí Stáit Neamhthráchtála](#) na Roinne Airgeadais ar na bearta atá le dul ina mbun nuair a bhíonn buairt ar ainmní státseirbhísigh le Bord comhlachtaí Stáit neamhthráchtála nár réitíodh nuair a bhíonn saincheist mhór bheartais phoiblí i gceist.

De réir Chiorclán 12/2010, caithfear an tAire a chur ar an eolas gan mhoill sna cásanna seo a leanas:

- i) tá laige thromchúiseach ann sna rialuithe nach ndeachthas i ngleic léi in ainneoin gur cuireadh an Bord nó an Cathaoirleach ar an eolas uirthi;
- ii) tá riosca suntasach straitéiseach nó clú ann i dtaobh an chomhlachta Stáit nach bhfuiltear ag dul i ngleic leis; agus/nó
- iii) tá buarthaí tromchúiseacha ann faoi neamhdhleathacht fhéideartha nó go bhféadfadh go bhfuil calaois á déanamh i gcomhlacht Stáit. D'fhéadfadh go mbeadh oibleagáidí ar chomhalta Boird faoin dlí cuideachtaí (má tá baint aige) i gcásanna nach bhfuil comhlacht Stáit á reáchtáil i gcomhréir leis an dlí - d'fhéadfadh go mbeadh gníomhaíocht ag teastáil uaidh seo anuas ar cheisteanna a thabhairt le fios don Aire.

3.5 Comhairle Ghairmiúil: Ba cheart don Bhord, i réiteach Boird, nósanna imeachta foirmiúla a leagan síos inar féidir le comhaltaí Boird, ar mhaithe lena ndualgais, is féidir leis comhairle neamhspleách ghairmiúil a ghlacadh, más gá, ar chostas réasúnta an chomhlachta Stáit nuair a mheasann siad gur gá sin a dhéanamh chun a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh mar chomhaltaí Boird. Ba cheart don Bhord nós imeachta a bheith i bhfeidhm chun buarthaí comhaltaí Boird a chur i gcuntas nach féidir a réiteach.

3.6 Litir Cheapacháin: Ba cheart don Aire ábhartha litir fhoirmiúil chaighdeánach cheapacháin a eisiúint do chomhaltaí Boird nua. Ba cheart go n-áireofaí leis an litir cheapacháin an méid seo a leanas:

- ról an Bhoird agus comhalta Boird;
- téarmaí tagartha an Bhoird;
- fad an cheapacháin agus forálacha athnuachana;
- tacaíocht agus oiliúint atá le soláthar;
- an tiomantas ama a bhíonn i gceist;
- an leibhéal luach saothair;
- rialacha faoi choimhlint leasa;
- socruithe foirceanta; agus
- rialacha faoi rúndacht.

Aguisín A: Téarmaí Tagartha Samhla an Bhoird

Cruinniú Faisnéise do Chomhaltaí Boird

3.7 Nuair a cheaptar comhaltaí Boird nua, ba cheart do Rúnaí an Bhoird an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar dóibh:

- sceideal foirmiúil ceisteanna a fhorchoimeádtar go ndéanfaidh an Bord cinneadh orthu (féach alt 1.7);
- nósanna imeachta chun faisnéis a fháil ar dhlíthe agus rialacháin ábhartha nua;
- nósanna imeachta a bhfuiltear le cloí leo nuair, as an ngnáth, is gá cinntí a dhéanamh idir cruinnithe Boird;
- sceideal ina sonraítear comhdhéanamh na gcoistí uile Boird agus a dtéarmaí tagartha;

- ráiteas ina mínítear freagrachtaí na gcomhaltaí Boird maidir leis na ráitis airgeadais a ullmhú, córas rialaithe inmheánaigh an chomhlachta Stáit agus an córas atá aige chun tuairisciú ar an ngó mar ghnóthas leantach le toimhdí nó cáilíochtaí tacaíochta, faoi mar is gá;
- ráiteas a chuireann comhaltaí Boird ar an eolas go bhfuil teacht acu ar chomhairle agus seirbhísí Rúnaí an Bhoird, atá freagrach leis an mBord as a chinntiú go gcloítear le nósanna imeachta an Bhoird agus go gcloíonn na nósanna imeachta seo leis na rialacha agus rialacháin infheidhme;
- cóip den chód eitice/iompair do chomhaltaí Boird, riachtanais ina measc chun leasanna comhaltaí Boird a nochtadh agus nósanna imeachta chun déileáil le cásanna coimhlinte leasa;
- faisnéis ar leith ar ról agus freagrachtaí daoine an chomhlachta Stáit;
- cóip den reachtaíocht ábhartha (nó sliocht de) sa mhullach ar an leagan is cothroime le dáta den Chód seo agus aon chiorcláin agus/nó nótaí teorach ábhartha; agus
- liosta de na ceanglais reachtúla a bhaineann le comhlacht Stáit.

3.8 Breithiúnas neamhspleách: Ba cheart do chomhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin breithiúnas neamhspleách a thabhairt ar fheidhm a bhaint as saincheisteanna straitéise, feidhmíochta, acmhainní, príomhcheapacháin, agus caighdeáin iompair. Leagtar amach i Mír 3 den Chód seo an cur chuige i dtaobh déileáil le haon ghnó nó leasanna eile atá ag comhalta Boird a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do neamhspleáchas an chomhalta Boird.

3.9 An Gá atá le Freastal: Ceaptar comhaltaí Boird mar gheall go gcuireann siad eolas, scileanna, taithí agus saineolas ar leith le breithniúcháin an Bhoird agus a choistí agus ní féidir seo a dhéanamh ach má fhreastalaíonn comhaltaí ar gach cruinniú Boird agus má chuireann siad leo mar is cuí. Ba cheart don Bhord an tsúil a bhíonn le freastal 100% ar gach cruinniú Boird a shoiléiriú agus, nuair a bhíonn comhalta Boird nua á shannadh, ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar fhreastal nuair a bhíonn an comhalta le hathcheapadh.

3.10 Teacht ar Rúnaí an Bhoird: Ba cheart go mbeadh teacht ag gach comhalta Boird ar chomhairle agus seirbhísí Rúnaí an Bhoird, atá freagrach leis an mBord as a chinntiú go gcomhlíontar nósanna imeachta an Bhoird. Tá Rúnaí an Bhoird freagrach, chomh maith, as ionduchtúchán foirmiúil a dhéanamh ar chomhaltaí Boird nua agus as meantóireacht a dhéanamh ar chomhaltaí Boird nuair is gá.

4. Éifeachtacht an Bhoird

Prionsabail

Ba cheart go mbeadh an chothromaíocht cheart scileanna agus eolais ag an mBord agus a choistí lena chur ar a gcumas a ról agus freagrachtaí, faoi seach, a chomhlíonadh go héifeachtach.²³

Ba cheart go ndéanfaí comhaltaí Boird a ionductú go foirmiúil nuair a dhéantar comhalta Boird díbh agus ba cheart dóibh a scileanna agus eolas a nuashonrú agus a athnuachan go rialta.²⁴

Ba cheart faisnéis a sholáthar don Bhord ar bhealach tráthúil i bhfoirm agus ar chaighdeán cuí lena chur ar a chumas a dhualgais a chomhlíonadh.²⁵

Is gá go mbíonn ar chumas comhaltaí Boird dóthain ama a leithdháileadh chun a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach.²⁶

Ba cheart don Bhord tabhairt faoi mheastóireacht féinmheasúnaithe bhliantúil ar a fheidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht a choistí Boird. Nuair a bhíonn meastóireacht á déanamh ar an mBord, ba cheart an méid seo a leanas a chur san áireamh: cothromaíocht scileanna, taithí, neamhspleáchais agus eolais an chomhlachta Stáit, a éagsúlacht, inscne, conas a oibríonn an Bord le chéile mar aonad, agus tosca eile a bhaineann lena éifeachtacht ina measc.²⁷

Ba cheart don Chathaoirleach gníomhú i leith thorthaí na meastóireachta feidhmíochta trí dhul i ngleic le haon laigí a shainaithnítear trí mheastóireacht féinmheasúnaithe an Bhoird.

Forálacha an Chóid

4.1 Ceapacháin leis an mBord: Caithfear ceapacháin Bhoird a dhéanamh i gcomhlíonadh phróiseas na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí a leagtar síos sna [Treoirínte maidir le Ceapacháin le Boird Stáit](#) a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, seachas nuair a fhorordaítear an bealach a dhéantar an ceapachán sin sna forálacha reachtúla ar leith a bhaineann leis an gcomhlacht Stáit.

4.2 Scileanna agus Eolas: Ba cheart go mbeadh na scileanna agus an t-eolas cuí ag comhaltaí Boird, a nuashonraítear nuair is gá, atá oiriúnach do ghníomhaíochtaí an chomhlachta Stáit, lena chur ar a gcumas chun a ndualgais agus a bhfreagrachtaí, faoi seach, a chomhlíonadh go héifeachtach. Ba cheart go n-áireofaí leis seo go sainaithníonn an Bord aon bhearnaí in inniúlachtaí agus bealaí a d'fhéadfaí dul i ngleic leis na bearnaí seo trí cheapacháin amach anseo.

Ba cheart bearnaí scileanna sa Bhord a chur ar aird an Aire ábhartha ag Cathaoirleach an Bhoird luath a dhóthain sula mbeidh folúntais Bhoird le teacht aníos, faoi mar a dtugtar cuntas air in alt 2.4.

²³ Glactha ó “Cód Rialachais Chorpáráidigh an RA” de chuid na Comhairle um Thuairisciú Airgeadais (2016) leathanach 10 ²⁴ Glactha ó “Cód Rialachais Chorpáráidigh an RA” de chuid na Comhairle um Thuairisciú Airgeadais (2016) leathanach 13 ²⁵ Glactha ó “Cód Rialachais Chorpáráidigh an RA” de chuid na Comhairle um Thuairisciú Airgeadais (2016) leathanach 13 ²⁶ “Cód Rialachais Chorpáráidigh an RA” de chuid na Comhairle um Thuairisciú Airgeadais (2016) leathanach 12

²⁷ Arna oiriúnú ó “Cód Rialachais Chorpáráidigh an RA” de chuid na Comhairle um Thuairisciú Airgeadais (2016) leathanach 14

4.3 Scileanna Sonracha: I gcomhlíonadh na dTreoirlínte maidir le Ceapacháin le Boird Stáit, nuair a bhíonn sonraíocht á hullmhú do ról ar Bhord Stáit, rachaidh an tAire ábhartha i gcomhairle le Cathaoirleach an Bhoird lena dhearcadh nó a dearcadh a lorg faoi na scileanna ar leith a theastaíonn ar an mBord.

4.4 Éagsúlacht: Ba cheart ceapacháin le Boird Stáit a dhéanamh in aghaidh critéir oibiachtúla agus an e aird mar is cuí ar thairbhí na héagsúlachta ar an mBord. Ba cheart go dtabharfadh Cathaoirleach an Bhoird an aird mar is cuí, nuair a bhíonn cabhair á tabhairt don Roinn chun an tsonraíocht don cheapachán leis an mBord á cur le chéile, ar thairbhí na héagsúlachta ar an Bord, inscne ina measc.

Ba cheart go leanfadh Cathaoirligh ag díriú ar na Boird siúd ar a ndéantar tearcionadaíocht shuntasach do mhná nó fir agus ba cheart dóibh a lorg go gníomhach chun iarrthóirí a cheapadh den inscne a ndéantar tearcionadaíocht dó ó ghearrliosta na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí, nuair is féidir.

4.5 Téarmaí Ceapacháin: Ar aon dul le cleachtas dea-rialachais chorparáidigh, moltar nár cheart d'aon chomhalta Bord Stáit breis agus dhá théarma iomlána ceapacháin a fhónamh ar an mBord sin, nó nár cheart dó/di ceapacháin a bheith aige/aici ar bhreis agus dhá Bhord Stáit, ag an am céanna, murach go gcumasaíonn na forálacha reachtúla ar leith a bhaineann leis an gcomhlacht Stáit ar leith a leithéid de sheirbhís. Sa chomhthéacs seo, meastar gurb ionann téarma iomlán agus cúig bliana. Moltar go ndéantar an chéad cheapachán ar feadh tréimhse cúig bliana, agus is féidir é a athnuachan ar feadh a fhad le cúig bliana, a fhaide le tréimhse uasta deich mbliana. Má dhéantar an cinneadh, as an ngnáth, gur cheart do chomhalta Boird téarma breise eile Boird a fhónamh, teastaíonn faomhadh ón Aire uaidh seo.

Ba cheart do chomhlachtaí Stáit fad téarmaí ceapacháin a éagsúlú lena chinntiú nach gá an Bord a ionadú en masse agus lena chinntiú go bhfuil an taithí riachtanach ag an mBord chun a fhreagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach.

4.6 Athbhreithniú ar Fheidhmíocht: Áirítear le monatóireacht a dhéanamh ar rialachas corparáideach éifeachtach ag an mBord athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar struchtúr intéirneach an chomhlachta Stáit lena chinntiú go bhfuil línte soiléire cuntasachta ann don bhainistíocht ar fud na heagraíochta. Anuas ar monatóireacht agus nochtadh a dhéanamh ar chleachtais rialachais chorparáidigh ar bhonn rialta a iarraidh, ba cheart don Bhord tabhairt faoi mheastóireacht féinmheasúnaithe bhliantúil ar a fheidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht a choistí. Ba cheart tabhairt faoi mheastóireacht sheachtrach atá i gcomhréir le méid agus riachtanais an chomhlachta Stáit ar a laghad gach 3 bliana.

4.7 Ráiteas ar Conas a Oibríonn an Bord: Ba cheart go n-áireofaí leis an tuarascáil bhliantúil ráiteas ar conas a oibríonn an Bord, ráiteas ardleibhéil ina measc ar cén saghsanna cinntí atá le glacadh ag an mBord agus cén cinn atá le tarmligean don bhainistíocht.²⁸

4.8 POF a cheapadh mar Chathaoirleach: Go ginearálta, níor cheart don POF leanúint ar aghaidh agus bheith ina Chathaoirleach ar an gcomhlacht Stáit céanna. Teastaíonn faomhadh ón Aire ó aon eisceacht air seo.

²⁸ Glactha ó "Cód Rialachais Chorparáidigh an RA" de chuid na Comhairle um Thuairisciú Airgeadais (2016) leathanach 7

- 4.9 Minicíocht Chruinnithe Boird:** Ba cheart tuairisciú ar mhinicíocht chruinnithe an Bhoird agus a choistí agus freastal gach comhalta Boird ar chruinnithe boird sa tuarascáil bhliantúil. Ba cheart don Bhord casadh ar a chéile ar a laghad faoi dhó sa bhliain gan comhaltaí Boird feidhmiúcháin ná an bhainistíocht a bheith i láthair chun plé a dhéanamh ar aon cheisteanna a mheastar atá ábhartha.

Cuirtear Ceistneoir samhla Meastóireachta ar Fhéinmheasúnú an Bhoird ar fáil a úsáidfidh an Bord chun plé a fhéinmheasúnú/a chur chun cinn maidir le feidhmíocht an Bhoird. Is féidir teacht ar an gceistneoir ag govacc.per.gov.ie/governance-of-state-bodies/.

5. Cóid Iompair, Eitic in Oifigí Poiblí, Nochtadh Breise Leasanna ag Comhaltaí Boird agus Nochtadh Cosanta

Prionsabail

Le iomláine agus trédhearcacht leanúnach a chinntiú, agus le buairt nó cailteanas muinín an phobail a sheachaint, ba cheart don Bhord a chinntiú go bhfuil beartais chúí i bhfeidhm chun go ndéanann comhaltaí agus an fhoireann cinntí go hoibiachtúil agus go dtéitear i mbun beart le haon choimhlintí leasa féideartha a sheachaint nó déileáil leo, cé acu más coimhlintí iarbhír nó braite iad.²⁹

Ba cheart go gcinnteodh na beartais seo go dtéitear i ngleic le haon choimhlintí leasa fhéideartha nó iarbhír a thagann chun solais i gcás cinnteoireacht a dhéanann comhaltaí Boird agus fostaithe an chomhlachta Stáit.

Leagtar amach sna hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 go 2001 oibleagáidí reachtúla a mbíonn feidhm acu le comhaltaí Boird agus fostaithe ar leith ó fhorálacha an Chóid seo.

Forálacha an Chóid

- 5.1 Cóid Iompair:** Ba cheart go mbeadh Cóid Iompair foilsithe ag gach comhlacht Stáit dá mBord agus fostaithe. Ba cheart go mbeadh an Cód Iompair faofa ag an mBord. Ba cheart go mbeadh Cóid Iompair atá cothrom le dáta ar fáil ar láithreán gréasáin an chomhlachta Stáit agus ba cheart na comhaltaí Boird, an bhainistíocht agus na fostaithe go léir a bheith curtha ar an eolas orthu.
- 5.2 Scóip an Iarratais:** Ba cheart go gcuimseofaí sa Chód Iompair cur síos ar chineál, rún agus scóip chur i bhfeidhm an Chóid agus ráiteas ar phrionsabail treorach agus oibleagáidí.
- 5.3 Riachtanais Chomhlíonta:** Ba cheart go ndéanfaí tagairt sa Chód Iompair don riachtanas go gcomhlíonann an Bord agus an fhoireann ceanglais Acht na gCuideachtaí, 2014, más infheidhme, agus aon cheanglais reachtaíochta agus rialála ábhartha eile. Ba cheart go sainithneofaí ann na forálacha ábhartha maidir le hiompar/coimhlintí leasa i reachtaíocht rialaithe an chomhlachta.
- 5.4 Eitic in Oifigí Poiblí:** Ba cheart go ndéanfaí tagairt sa Chód Iompair do riachtanas go gcinntíonn gach comhalta de Bhord comhlacht Stáit a bhfuil atá mar Bhall de Bhord Ainmnithe agus gach duine a bhfuil Post Ainmnithe fostaíochta acu le comhlacht Stáit go gcomhlíonann sé/sí forálacha ábhartha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001.

Ceanglaítear ar gach comhalta Boird, cé acu má tá stiúirthóireacht aige/aici faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001 nó mura bhfuil, chun cloí leis na hoibleagáidí a leagtar amach in **Aguisín B** maidir le nochtadh leasanna.

²⁹Arna oiriúnú ó “Creat Idirnáisiúnta: Dea-Rialachas san Earnáil Phoiblí” (IFAC/CIPFA, Iúil 2014) leathanaigh 13-14

- 5.5 Coimhlintí Leasa:** Ba cheart go leagfaí amach sa Chód Iompair nósanna imeachta chun dul i ngleic le coimhlintí leasa. Ba cheart go molfaí sa Chód Iompair, ach go háirithe, go nglactar le fostaíocht bhreise nuair ba cheart srian a chur ar an gcoimhlint leasa fhéideartha i rith tréimhse réasúnta ama i ndiaidh gur cuireadh stop le feidhm a chur i ngnímh sa chomhlacht Stáit. Ba cheart é seo a chur ar aird comhaltaí Boird nuair a cheaptar iad leis na Boird.
- 5.6 Neamhnochtadh faisnéise:** Ba cheart go luafaí go soiléir sa Chód Iompair nach gcuirtear deireadh le hoibleagáidí an Bhoird agus fostaithe i dtaca neamhnochtadh faisnéise faoi phribhléid nó faisnéise rúnda nuair a cuireadh deireadh le ballraíocht den Bhord nó le fostaíocht sa chomhlacht Stáit. Ba cheart é seo a chur ar aird na bhfostaithe agus na gcomhaltaí Boird nuair a cheaptar iad leis an Bord. Ba cheart d'iarchoimhaltaí Boird caitheamh le faisnéis tráchtála a fhaightear fad a bhíonn siad a gníomhú sa cháil sin mar fhaisnéis rúnda.
- 5.7 Cáipéisí a Choinneáil:** Níor cheart do chomhaltaí Boird cáipéisíocht a choimeád a fuarthas i rith a dtéarmaí mar chomhalta Boird agus ba cheart dóibh an cháipéisíocht sin a thabhairt ar ais do Rúnaí an Bhoird nó, a thabhairt le fios do Rúnaí an Bhoird, ar bhealach eile, go ndearnadh an cháipéisíocht go léir sin atá faoina seilbh a dhiúscairt ar bhealach cuí. Sa chás go dteastaíonn rochtain ar pháipéir Bhoird ó iarchoimhaltaí Boird ó thráth a dtéarma ar an mBord, is féidir le Rúnaí an Bhoird é seo a éascú.

Aguisín B: Cuntas ar Oibleagáidí faoi na hAchtanna um Eitic in

Aguisín C: Creat do Chód Iompair

Nochtadh Breise Leasanna ag Comhaltaí Boird

Forálacha an Chóid

5.8 Nochtadh Breise Leasanna ag Comhaltaí Boird

- i) **Nochtadh Tréimhsiúil Leasanna:** Ar a gceapadh agus gach bliain ina dhiaidh sin, ba cheart do gach comhalta Boird ráiteas i scríbhinn ar an méid seo a leanas a chur faoi bhráid Rúnaí an Bhoird nó gach duine ainmnithe eile:
- (a) leasanna an chomhalta Boird;
 - (b) na leasanna, a bhfuil eolas féin ag an gcomhalta Boird orthu, leasanna a c(h)éile nó a p(h)áirtnéara shibhialta, a linbh, nó leanbh a c(h)éile nó a p(h)áirtnéara shibhialta;

a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar an gcomhalta Boird i dtabhairt faoi, nó maidir le tabhairt faoina f(h)eidhmeanna oifigiúla mar gheall ar an gcaoi go bhféadfadh an feidhmiú sin difear a dhéanamh do na leasanna sin agus go ndéanfaidís tairbhe shubstainteach a bhronnadh ar, nó a aistarraingt ón gcéile nó an páirtnéir sibhialta nó an leanbh.

³⁰ Nuair is stiúirthóir ainmnithe an chomhalta Boird, ba cheart don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an fhoirm a chur faoi bhráid 'oifigeach an chomhlachta' don stiúirthóireacht sin a dheimhnítear faoi na hAchtanna Eitice.

Ar mhaithe leis an nochtadh seo, tá an chiall chéanna ag leasanna agus an chiall sin a chuimsítear san Acht um Eitic in Oifig Poiblí, 1995. D'fhéadfaí foirm an ráitis ar leasanna a úsáidtear do ráitis bhliantúla faoi Acht 1995 a úsáid don chuspóir seo ar bhonn riaracháin. Nuair is stiúrthóir ainmnithe an comhalta Boird chun críocha na hAchtanna Eitice, glactar leis an ráiteas bliantúil leasanna a sheoltar ar aghaidh in Eanáir gach bliain faoi alt 17 den Acht um Eitic in Oifig Poiblí, 1995 chun críocha nochtadh bliantúil leasanna faoin gCód seo.

- ii) **Nochtadh leasa a bhaineann le ceist a thagann aníos:** Anuas ar na ráitis thréimhsiúla leasa a cheanglaítear faoi (i) thuas, tá ar chomhaltaí Boird ráiteas leasa a sholáthar ag an tráth nuair a bhíonn an comhaltaí Boird le tabhairt faoi fheidhm oifigiúil agus nuair is eol dó nó di féin go bhfuil leas ábhartha aige nó aici, nó ag duine bainteach, faoi mar a shainítear sna hAchtanna Eitice, i gceist lena mbaineann an fheidhm. Ar mhaithe le cuspóirí an nochtadh seo, tá an chiall chéanna ag leasanna agus an chiall sin a chuimsítear san Acht um Eitic in Oifig Poiblí, 1995.
- iii) **Amhras:** Má bhíonn amhras ar chomhalta Boird maidir le cé acu ar cheart nó nár cheart leas a nochtadh de bhun an Chóid seo, ba cheart dó/di dul i gcomhairle le Cathaoirleach an Bhoird agus/nó leis an duine a ainmnítear sa chomhlacht Stáit a dhéileálann leis na ceisteanna siúd.
- iv) **Clár Rúnda:** Ba cheart go gcoimeádann Rúnaí an Bhoird nó duine eile ainmnithe sonraí faoi leasanna a nochtar faoin gCód seo i gclár speisialta rúnda. Níor cheart go mbeadh teacht ar an gclár ach ag Cathaoirleach agus Rúnaí an Bhoird agus ag comhaltaí eile an chomhlachta Stáit ar bhonn dian riachtanas eolais.
- v) **Leasanna an Chathaoirligh:** Nuair a thagann ceist aníos a bhaineann le leasanna an Chathaoirligh, roghnóidh na comhaltaí a fhreastalaíonn ar an gcruinniú ceann de na comhaltaí atá i láthair ag an gcruinniú chun cathaoirleacht a dhéanamh ar an gcruinniú. Ba cheart don Chathaoirleach bheith as láthair nuair a dhéanann an Bord breithniú nó cinneadh ar cheist ina bhfuil leas ag an gCathaoirleach nó a d(h)uine bainteach.
- vi) **Cáipéisí a siarchoinníodh:** Níor cheart cáipéisí boird nó comhlacht Stáit cáipéisí ar aon bhreithniúcháin maidir le aon cheist ina bhfuil leas ábhartha ag comhalta den Bhord a chur ar fáil don chomhalta Boird atá i gceist.
- vii) **Cáipéisí a thabhairt ar ais go luath:** Mar gheall go n-aithnítear gur féidir le leasanna comhalta boird agus daoine atá bainteacha leis/léi athrú ar gearrfhógra, ba cheart do chomhalta Boird, i gcásanna ina bhfaigheann sé/sí cáipéisí a bhaineann lena leasanna nó leo siúd a bhaineann leis/léi, na cáipéisí a thabhairt ar ais do Rúnaí an Bhoird a luaithe agus is féidir.
- viii) **As láthair:** Ba cheart go mbeadh comhalta Boird a bheith as láthair nuair a bhíonn breithniú nó cinneadh á dhéanamh ag an mBord ar cheisteanna inar dhearbhaigh an comhalta Boird sin (seachas ina c(h)áil mar chomhalta den Bhord) go bhfuil leas ábhartha aige/aici. Sna cásanna siúd, ba cheart breithniú a dhéanamh ar cé acu ar cheart nó nár cheart cuntas ar leith (nach mbeadh teacht ag an gcomhalta Boird air) a choimeád. (NB. Ba cheart do chomhaltaí Boird ar stiúrthóirí ainmnithe iad na ceanglais ar leith a thabhairt faoi deara faoi na hAchtanna um Eitic in Oifig Poiblí, 1995 agus 2001 maidir le 'leas ábhartha').

- ix) **Éiginnteacht:** Nuair a thagann ceist aníos maidir le cé acu an leas ábhartha nó nach leas ábhartha atá i gceist le leas a dhearbhaigh comhalta Boird, ba cheart do Cathaoirleach an Bhoird an cheist a dheimhniú maidir le cé acu an mbíonn nó nach mbíonn feidhm ag forálacha an Chóid seo. Nuair a bhíonn amhras ar chomhalta Boird maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil oibleagáid air/uirthi faoi na hAchtanna um Eitic in Oifig Poiblí, 1995 agus 2001, ba cheart dó nó di comhairle a lorg ón gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí faoi alt 25 den Acht um Eitic in Oifig Poiblí, 1995.

An Reachtaíocht maidir le Nochtadh Cosanta

- 5.9 An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014:** Ceanglaítear in alt 21 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 go ndéanfaidh gach comhlacht poiblí nósanna imeachta a bhunú agus a chothabháil chun nochtadh cosanta a dhéanamh ag oibrithe atá nó a bhí fostaithe ag an gcomhlacht poiblí agus chun déileáil leis an nochtadh sin. Caithfear faisnéis scríofa maidir leis na nósanna imeachta siúd a sholáthar d'oibrithe atá fostaithe ag an gcomhlacht poiblí.
- 5.10 Treoir:** D'fhoilsigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Treoir ar mhaithe le cabhrú le comhlachtaí poiblí ar mhaithe le cabhrú le comhlachtaí poiblí i dtabhairt faoin bhfeidhmeanna faoi alt 21(1) den [Acht um Nochtadh Cosanta, 2014](#) (atá ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe). Beidh aird ag comhlachtaí poiblí ar an Treoir seo nuair a bhíonn a nósanna imeachta féin um nochtadh cosanta á mbunú agus á gcothabháil acu faoin Acht.
- 5.11 Tuarascáil Bhliantúil:** Foilseoidh comhlachtaí poiblí tuarascáil ar nochtadh cosanta i gcomhréir le halt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh i ngach bliain.

6. Tuairisciú Gnó agus Airgeadais

Prionsabail

Nuair a chuirtear cuntasacht phoiblí agus na breithnithe speisialta san áireamh a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus a oibriú, ba cheart go mbeadh an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais, nuair a chuirtear san áireamh ina n-iomláine iad, cóir, cothrom agus intuigthe agus ba cheart go soláthrófaí iontu an fhaisnéis riachtanach chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht airgeadais, staid airgeadais, samhail agus straitéis ghnó an chomhlachta Stáit.³¹

Bundualgas atá ar an mBord is ea a chinntiú go ndéantar léiriú cothrom, fíor agus cóir ar fheidhmíocht Amhairc an chomhlachta Stáit nuair a bhíonn an tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais an chomhlachta Stáit á n-ullmhú agus nuair a bhíonn iad seo á gcur faoi bhráid an Aire ábhartha.

Ba cheart don Bhord a chinntiú go ndéantar nochtadh tráthúil agus cruinn leis an Aire ábhartha ar gach ceist ábhartha i dtaca leis an gcomhlacht Stáit, an comhthéacs gnó, feidhmíocht agus staid airgeadais, agus rialachas an chomhlachta Stáit ina measc.³²

Forálacha an Chóid

Bunléiriú ar chuntasacht phoiblí do chomhlachtaí Stáit is ea tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais iniúchta a fhoilsiú. Is é cuspóir ráitis airgeadais faisnéis a sholáthar faoi fheidhmíocht agus staid airgeadais agus sreafaí airgid an chomhlachta Stáit atá áisiúil chun cinnteoireacht gheilleagrach a dhéanamh do réimse fairsing páirtithe leasmhara.³³

Tá ar Bhord Comhlacht Stáit socrú a dhéanamh chun ullmhú do na ráitis airgeadais maidir le gach bliain airgeadais. Ullmhaítear na ráitis airgeadais bhliantúla ón bhfaisnéis a chuimsítear i dtaifid chuntasaíochta an chomhlachta Stáit agus i bhfaisnéis ábhartha eile agus i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta atá infheidhme leis an gcomhlacht Stáit.

Caithfidh an Bord ráitis airgeadais chomhlacht Stáit a chur i láthair ina dtugtar léiriú fíor agus cóir ar ioncam, caiteachas (feidhmíocht airgeadais), sócmhainní, dliteanais agus caipiteal (staid airgeadais) an chomhlachta Stáit ag deireadh na bliana airgeadais.

Ciallaíonn tagairt a dhéanamh do ráitis airgeadais ina dtugtar *“léiriú fíor agus cóir”*, i gcás ráitis airgeadais aonáin agus ghrúpa, na ráitis airgeadais ina gcuirtear an t-ioncam agus na costais i láthair go cóir (feidhmíocht airgeadais), sócmhainní, dliteanais agus caipiteal (staid airgeadais), agus sreafaí airgid an chomhlachta Stáit nó an ghrúpa atá i gceist.

Sula dtugtar léiriú fíor agus cóir i sraith ráitis airgeadais, caithfidh siad an méid seo a leanas a dhéanamh³⁴:

- na caighdeáin chuntasaíochta atá infheidhme leis an gcomhlacht Stáit a chomhlíonadh;
- breithiúnas a chuimsiú maidir le luacháil, nochtadh, agus ábharthacht a bhfuil de chuspóir acu léiriú fíor agus cóir a thabhairt;

³¹ Arna oiriúnú ó “Cód Rialachais Chorpáidigh an RA” de chuid na Comhairle um Thuairisciú Airgeadais (2016) leathanach 16 Arna oiriúnú ó “Prionsabail Rialachais Chorpáidigh G20/an ECFE” (an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (an ECFE), Meán Fómhair 2015) leathanach 41 33 Arna oiriúnú ó “FRS 102” (an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais, Meán Fómhair 2015) leathanach 28

³⁴ Arna oiriúnú ó “Príomhdhualgais agus Cumhachtaí Stiúthóirí Cuideachta faoi Acht na gCuideachtaí” (OSFC, 2015)

- a bheith stuama nuair a bhíonn breithniú á dhéanamh ar cheisteanna breithiúnais sna ráitis airgeadais, go háirithe nuair a bhíonn éiginnteacht ann; agus
- a chinntiú go léirí sna ráitis airgeadais substaint tráchtála idirbheart, seachas díreach a bhfoirm dhlíthiúil amháin.

Tá ar an mBord socrú a dhéanamh go ndéanfaidh iniúcháir neamhspleách iniúchadh ar na ráitis airgeadais. Tugann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi iniúcháireacht sheachtrach ar chomhlachtaí Stáit neamhtráchtála.

Is éard is iniúchadh ann ná scrúdú neamhspleách ar na ráitis airgeadais. Is é cuspóir iniúchta ná feabhas a chur ar an méid muiníne a bhíonn ar úsáideoirí beartaithe sna ráitis airgeadais. I ndiaidh tabhairt faoi scrúdú ar na ráitis airgeadais, tá ar an iniúcháir tuairisciú le Bord an chomhlachta Stáit. Sa tuarascáil sin, tá ar an iniúcháir tuairim a chruthú ar roinnt ceisteanna, mar shampla cé acu an dtugtar nó nach dtugtar léiriú fíor agus cóir sna ráitis airgeadais agus cé acu an bhfuil na ráitis airgeadais ar aon dul leis na buntaifid chuntasaíochta.

Tuarascáil chuimsitheach is ea an tuarascáil bhliantúil agus an tráchttaireacht uirthi, ar ghníomhaíochtaí an chomhlachta Stáit i gcaitheamh na bliana roimhe sin. Ta tuarascálacha bliantúla in ainm is faisnéis a thabhairt do pháirtithe leasmhara i dtaca le gníomhaíochtaí agus feidhmíocht airgeadais an chomhlachta Stáit.

Ba cheart do gach Roinn Rialtais tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais iniúchta chomhlachtaí Stáit faoina coimirce a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais laistigh de dhá mhí i ndiaidh go bhfaigheann an Roinn na cuntais siúd, anuas ar aon tuarascáil den Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar na ráitis airgeadais.

Nuair is gá do Roinn an tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais a chur faoi bhráid an Rialtais ar dtús, ba cheart é seo a dhéanamh a luaithe agus is féidir. Sna cásanna siúd, caithfidh Ranna, pé scéal é, ráitis airgeadais an chomhlachta Stáit a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais laistigh de thrí mhí i ndiaidh go bhfaigheann an Roinn iad, faoi mar a leagtar amach i [gCiorclán 7/2015 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe - Soláthar Tráthúil agus Cuntais Chomhlachtaí agus Cistí a ndearna an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste Iniúchadh orthu agus Tuarascálacha Speisialta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.](#)

Ceanglaítear ar Chathaoirleach comhlacht Stáit tuarascáil chuimsitheach a chur faoi bhráid an Aire ábhartha i gcomhréir leis na ceanglais tuairiscithe ar leith a leagtar amach in alt 1.9 den *an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú – Ceanglais um Thuairisciú Gnólacht agus Airgeadais*. Litir rúnda ó Chathaoirleach an Bhoird le hAire na máthair-Roinne is ea tuarascáil chuimsitheach an Chathaoirligh leis an Aire. Áirítear leis earraí ar nós dearbhú go bhfuil beartas Rialtais á chomhlíonadh, imeachtaí suntasacha iar-chlár comhardaithe, ráiteas ar an gcóras rialaithe inmheánaigh agus cuntas ar gach forbairt lena mbaineann tábhacht tráchtála a rinne difear don chomhlacht Stáit sa bhliain roimhe sin.

Cuimsítear na Ceanglais um Thuairisciú Gnó agus Airgeadais a bhaineann leis an gCód seo sa *Chód Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú – Ceanglais um Thuairisciú Gnó agus Airgeadais* atá ar fáil ag govacc.per.gov.ie/governance-of-state-bodies/.

7. Na Coistí Bainistíochta Riosca, Rialaithe Inmheánaigh, Iniúcháireachta Inmheánaí agus Iniúcháireachta agus Riosca

Prionsabail

Ba cheart go mbeadh socruithe foirmiúla agus trédhearcacha ag an mBord maidir le rialachas, bainistíocht riosca agus rialú inmheánach agus chun caidreamh cuí a choimeád le hiniúcháirí an chomhlachta Stáit.

Codanna tábhachtacha iad bainistíocht riosca agus rialú inmheánach de chóras bainistíochta agus baineann ríthábhacht leo maidir le torthaí a bhaint amach. Is éard atá iontu ná próiseas leanúnach atá in ainm is rioscaí suntasacha a shainthint agus dul i ngleic leo a bhíonn i gceist chun torthaí aonáin a bhaint amach.³⁵

Is faoin mBord a bhíonn sé comhairle a sholáthar ar phríomhriosca. Ba cheart go dtacódh an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca leis an mBord sa ról seo.

Forálacha an Chóid

7.1 Beartas Bainistíochta Riosca: Ba cheart do gach comhlacht Beartas Bainistíochta Riosca a fhorbairt agus ba cheart don Bhord an creat bainistíochta riosca a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtacht. Ba cheart don Bhord athbhreithniú a dhéanamh ar theagmhais ábhartha riosca agus gníomhartha na bainistíochta a thabhairt faoi deara nó a fhaomhadh, faoi mar is cuí.

7.2 Bainistíocht Riosca: Áirítear le príomhghnéithe de mhaoirseacht an Bhoird ar bhainistíocht riosca:

- Coiste Iniúcháireachta agus Riosca a bhunú chun léiriú neamhspleách a thabhairt maidir le rioscaí agus córais bhainistíochta riosca;
- buanearra a dhéanamh de bhainistíocht riosca ar chlár cruinnithe Boird;
- comhairle a chur ar an Aire ábhartha ar an ngá atá le taithí/saineolas bainistíochta riosca a chur san áireamh in inniúlachtaí ar a laghad comhalta Boird amháin. Nuair nach gceadaíonn comhdhéanamh an Bhoird é seo, ba cheart comhairle shaineolaí a lorg go seachtrach;
- Príomhoifigeach Riosca a cheapadh nó rogha oiriúnach bhainistíochta a chumasú, agus soláthar a dhéanamh do líne dhíreach thuairiscithe leis an mBord chun riosca a shainthint, a thomhas agus a bhainistiú agus chun cultúr bainistíochta riosca a chur chun cinn san eagraíocht;
- an beartas bainistíochta riosca a fhaomhadh, inghlacthacht riosca an chomhlachta Stáit a shocrú, agus an plean bainistíocht riosca agus an clár rioscaí a fhaomhadh ar a laghad gach bliain;
- athbhreithniú a dhéanamh ar thuairisciú bainistíochta ar bhainistíocht riosca agus gníomhartha a thabhairt faoi deara/a fhaomhadh, faoi mar is cuí;
- a iarraidh go ndéantar athbhreithniú seachtrach ar an gcreat bainistíochta riosca ar bhonn tréimhsiúil; agus
- deimhniú a thabhairt sa tuarascáil bhliantúil gur thug an Bord faoi mheasúnú ar phríomhrioscaí an chomhlachta Stáit, cur síos ar na rioscaí seo, ina measc, nuair is cuí, agus ar na bearta nó straitéisí gaolmhara maolaithe.

³⁵ “Creat Idirnáisiúnta: Dea-Rialachas san Earnáil Phoiblí” (an IFAC/CIPFA, Iúil 2014) leathanach 27

Rialú Inmheánach

7.3 Rialú Inmheánach: Tá an Bord freagrach as a chinntiú go ndéantar córais éifeachtacha rialaithe inmheánaigh a thionscnamh agus a chur i bhfeidhm sa chomhlacht Stáit, rialuithe agus bainistíocht riosca airgeadais, oibríochtúil agus comhlíonta ina measc agus ba cheart don Bhord athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht na gcóras seo gach bliain.

Seo a leanas na príomhnósanna imeachta rialaithe inmheánaigh atá in ainm is rialú inmheánach éifeachtach a sholáthar, an méid seo a leanas ina measc:

- i) na bearta a ndeachthas ina mbun le timpeallacht chúil rialaithe a chinntiú (ar nós freagrachtaí bainistíochta a shainítear go soiléir agus fianaise i leith freagartha ar theipeanna a rialú);
- ii) próisis a úsáidtear chun rioscaí gnó agus meastóireacht a dhéanamh ar a n-impleachtaí airgeadais;
- iii) sonraí faoi na córais mhóra faisnéise atá i bhfeidhm, ar nós buiséad, agus bealaí chun torthaí iarbhír a chur i gcomparáid le buiséid i rith na bliana;
- iv) na nósanna imeachta chun dul i ngleic le himpleachtaí airgeadais rioscaí móra gnó (ar nós teoracha airgeadais agus nótaí nósanna imeachta, cleachtais toiscaireachta, ar nós teorainneacha údaraithe, leithdheighilt dualgas agus modhanna chun cosc a chur ar chalaos agus é a bhrath); agus
- v) na nósanna imeachta chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh, a bhféadfaí a áireamh leo: Coistí Iniúcháireachta agus Riosca, athbhreithnithe bainistíochta, sainchomhairleoireacht, staidéir chigireachta agus athbhreithnithe, obair iniúcháireachta inmheánaí, athbhreithnithe ardchaighdeáin iniúcháireachta agus ráitis ó chinn iniúcháireachta inmheánaí.
- vi) Deimhniú sa tuarascáil bhliantúil go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh

Athbhreithniú ar Éifeachtacht an Rialaithe Inmheánaigh

7.4 Éifeachtacht an Rialaithe Inmheánaigh: Ní hionann beartais bhainistíochta riosca agus córais rialaithe inmheánaigh, leo féin, agus bainistíocht riosca éifeachtach. Baineann buntábhacht le monatóireacht agus athbhreithniú éifeachtach agus leanúnach de chórais dhaingne bhainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh. Cuid bhunriachtanach d'fhreagrachtaí an Bhoird is ea athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh. Tá an mBord a thuairim féin a chruthú ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh bunaithe ar an bhfaisnéis agus na dearbhuithe a sholáthraítear.

7.5 Athbhreithniú Bliantúil ar Éifeachtacht an Rialaithe Inmheánaigh: Ba cheart don Bhord tabhairt faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh lena chinntiú go ndearna sé breithniú ar gach gné de bhainistíocht riosca agus de rialú inmheánach don bhliain atá á hathbhreithniú agus a fhad le dáta faofa na tuarascála bliantúla agus na ráiteas airgeadais.

Ba cheart go ndéanfaí breithniú ar an méid seo a leanas san athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht³⁶:

- athruithe ó rinneadh an t-athbhreithniú deireanach ar chineál agus mhéid na rioscaí suntasacha agus ar chumas an chomhlachta Stáit chun freagairt go héifeachtach ar athruithe ina thimpeallacht ghnó agus sheachtrach;
- scóip agus cáilíocht na monatóireachta a dhéanann an bhainistíocht go leanúnach ar rioscaí agus an córas rialaithe inmheánaigh agus, nuair is infheidhme, obair a haonaid iniúcháireachta inmheánaí agus soláthraithe eile dearbhaithe;

³⁶ Arna oiriúnú ó "Rialú Inmheánach: Treoir Leasaithe do Stiúrthóirí ar an gComh-Chód" (an CTA, Deireadh Fómhair 2005) alt 31

- a mhéid agus a mhinice a chuirtear torthaí na monatóireachta in iúl don Bhord, nó coistí Boird, a chuireann ar a chumas measúnú carnach a dhéanamh de ar staid an rialaithe sa chomhlacht Stáit agus an éifeachtaí a dhéantar riosca a bhainistiú;
- tarlú agus suntasacht teipeann ar rialú nó laigí a sainaithníodh ag aon tráth i rith na tréimhse agus a mhéid ar eascair torthaí nach raibh coinne leo astu nó teagmhais a d'imir tionchar ábhartha, a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt nó a fhéadfaidh tionchar ábhartha a imirt amach anseo, ar feidhmíocht nó staid airgeadais na cuideachta; agus
- éifeachtacht próiseas tuairiscithe phoiblí an chomhlachta Stáit.

Ba cheart an t-athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht a chur i gcrích ar a mhéid atá rialuithe leordhóthanach, agus a bhí siad á n-oibriú agus ba cheart go dtabharfaí cuntas ar ghníomhartha a theastaíonn chun dul i ngleic le haon easnaimh a thagann chun solais.

7.6 Athbhreithniú a Chríochnú go Tráthúil: Baineann ríthábhacht leis an athbhreithniú bliantúil a chríochnú go tráthúil chun a chuspóirí a chomhlíonadh chun dearbhú a sholáthar maidir le hoibriú rialuithe sa tréimhse thuairiscithe. Ba cheart tabhairt faoin athbhreithniú bliantúil i ngar do dheireadh na tréimhse atá faoi athbhreithniú nó a luaithe agus is féidir i ndiaidh dheireadh na tréimhse airgeadais faoi athbhreithniú, agus tráth nach déanaí ná trí mhí i ndiaidh dheireadh na tréimhse.

Prionsabal Iniúcháireachta

Inmheánaí

Gníomhaíocht neamhspleách oibiachtúil dearbhaithe agus sainchomhairleoireachta is ea iniúcháireacht inmheánach agus tá sé in ainm is luach a chur le agus feabhas a chur ar oibríochtaí na heagraíochta. Cabhraíonn sé le heagraíocht a cuspóirí a bhaint amach trí chur chuige córasach smachtaithe a chruthú i leith éifeachtacht phróisis bhainistíochta riosca, rialaithe agus rialachais a mheasúnú agus a fheabhsú.³⁷

Forálacha an Chóid

7.7 An tAonad Iniúcháireachta Inmheánaí: Ba cheart do gach comhlacht Stáit aonad neamhspleách iniúcháireachta inmheánaí atá comhdhéanta i gceart nó ba cheart dó an saineolas cuí seachtrach a fhostú ar cheart dó oibriú i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach thíos. Nuair nach dteastaíonn aonad iniúcháireachta inmheánaí ar leith mar gheall ar mhéid an chomhlachta Stáit nó mar gheall ar an riosca atá roimhe, ba cheart teacht ar a leithéid d'aonad a chur i bhfeidhm trí chomhfhiontar nó socrú cliaint le comhlacht Stáit eile, no socrú cuí eile éigin.

7.8 Neamhspleáchas: Beidh an t-aonad iniúcháireachta inmheánaí neamhspleách sna gníomhaíochtaí a dhéanann sé a iniúchadh. Is amhlaidh atá seo le timpeallacht a sholáthar dó inar féidir leis breithiúnais neamhchlaonta a dhéanamh agus comhairle neamhchlaonta a sholáthar don bhainistíocht.

³⁷ Sainmhíniú tugtha ag Institiúid Iniúcháirí Inmheánacha an RA agus na Éireann (<http://www.theiia.org/guidance/standards-and-guidance/ippf/definition-of-internal-auditing/?search%C2%BCdefinition>)

7.9 Domhan Iniúcháireachta Inmheánaí: Ba cheart go mbeadh an ceart ag an aonad iniúcháireachta

inmheánaí chun athbhreithniú a dhéanamh ar na córais bhainistíochta agus rialaithe go léir ar córais airgeadais agus oibríochtúla iad. Beidh teacht neamhshrianta ag an aonad iniúchóireachta inmheánaí ar gach limistéar feidhme, taifead (idir thaifid de lámh agus leictreonacha), réadmhaoin, agus pearsana i bhfeidhmiú a iniúchtaí.

Go sonrach, beidh an t-aonad iniúchóireachta inmheánaí freagrach as athbhreithniú éifeachtach a dhéanamh ar rialú inmheánach agus bainistíocht riosca.

7.10 Clár Bliantúil Iniúchtaí: Beidh ceann an aonaid iniúchóireachta inmheánaí freagrach as clár bliantúil iniúchtaí a dhréachtú agus aird ar an Ráiteas Straitéise agus beartas Bainistíochta Riosca na heagraíochta i gcomhairle leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Léireoidh an t-aonad iniúchóireachta inmheánaí oibiachtúlacht, cuimsitheacht agus ábharthacht i dtaobh na bainistíochta, an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Bhoird maidir leis na limistéir atá le hiniúchadh agus na tosaíochtaí faoi seach do na hiniúchtaí seo laistigh den chlár.

Mar gheall gurb ann don aonad iniúchóireachta inmheánaí, ní bhaintear an fhreagracht atá ar an mbainistíocht líne as na gníomhaíochtaí dá bhfuil sé freagrach a rialú go héifeachtach.

7.11 Feidhmeoidh an t-aonad iniúchóireachta inmheánaí go gairmiúil, cloífidh sé le *Cód Eitice* agus *Caighdeán Idirnáisiúnta* Institiúid na nIniúcháirí Inmheánacha nó a chomhionann de chaighdeán ghairmiúla.

Ba cheart go gcloifeadh oibriú an aonaid iniúchóireachta inmheánaí leis na prionsabail thíos:

- i) **Cairt:** Ba cheart go mbeadh cairt fhoirmiúil ag an aonad iniúchóireachta inmheánaí, téarmaí tagartha ina measc, atá le faomhadh ag an mBord. Ba cheart go mbeadh an struchtúr tuairiscithe d'iniúchóireacht inmheánach soiléir agus doiciméadaithe go foirmiúil.
- ii) **Ceann Iniúchóireachta Inmheánaí:** Ba cheart go mbeadh sinsearach ar leith ag ceann an aonaid iniúchóireachta inmheánaí laistigh den eagraíocht agus ba cheart go mbeadh ábhar gach tuarascála iniúchóireachta inmheánaí go hiomlán faoina lánrogha. Ba cheart go ndéanfadh an ceann iniúchóireachta inmheánaí tuairisciú go díreach leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus ba cheart go mbeadh teacht aige/aici, chomh maith, ar Chathaoirleach an Bhoird agus Cathaoirleach an Choiste iniúchóireachta agus Riosca. I dtaobh cúrsaí feidhmiúla de, ba cheart don cheann iniúchóireachta inmheánaí tuairisciú laistigh den comhlacht Stáit leis an duine siúd a chinneann an Bord agus leis an POF.
- iii) **Tástálacha Comhlíonta:** I dtabhairt faoina obair leanúnach, ba cheart don aonad iniúchóireachta inmheánaí measúnú a dhéanamh, trí úsáid a bhaint as cur chuige rioscabhunaithe, ar limistéir laistigh dá théarmaí tagartha (faoi mar a leagtar amach sa chairt iniúchóireachta), agus a thorthaí a thabhairt le fios don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.
- iv) **Acmhainní:** Ba cheart go mbeadh dóthain acmhainní ag an aonad iniúchóireachta inmheánaí atá ar aon dul lena fhreagrachtaí faoin gCód seo agus ba cheart go mbeadh na scileanna riachtanacha aige, an cumas ina measc chun déileáil le gnéithe neamhairgeadais.
- v) **Iniúcháirí Seachtracha agus Iniúchóireacht Inmheánach:** Ba cheart don aonad iniúchóireachta inmheánaí idirchaidreamh a dhéanamh leis na hiniúcháirí seachtracha chun go ndéantar an fhéidearthacht do chomhoibriú eatarthu a uasmhéadú. Is féidir leis an obair a dhéanann an dá aonán seo a bheith comhlántach, go minic, agus is féidir éifeachtacht a mhéadú trí comhairliúchán rialta.

- vi) **Iniúchóireacht ar Luach ar Airgead:** Nuair a bhíonn a obair á pleanáil, á déanamh agus á tuairisciú, ba cheart don aonad iniúchóireachta inmheánaí a chinntiú go dtugtar dóthain airde ar iniúchóireacht ar luach ar airgead bunaithe ar phrionsabail agus forálacha an Chóid Chaiteachais Phoiblí, sa chás gurb iomchuí.
- vii) **Soláthar agus Diúscairt:** Ba cheart don aonad iniúchóireachta inmheánaí i ngach comhlacht Stáit athbhreithniú a dhéanamh ar chomhlíonadh na nósanna imeachta soláthair agus diúscairthe, faoi mar a iarrann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, ó thráth go chéile, agus tuairisciú leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ar na ceisteanna seo.

Aguisín D: Cairt Samhla um Ghníomhaíocht Iniúchóireachta Inmheánaí

Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

Forálacha Chód


7.12 An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca: Ba cheart do Bhord comhlacht Stáit Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a bhunú ina bhfuil ar a laghad triúr comhaltaí Boird neamhspleácha nó, i gcás comhlachtaí níos lú (níos lú ná 20 fostaí) beirt chomhaltaí Boird neamhspleácha neamhfheidhmiúcháin, a bhfuil téarmaí tagartha scríofa acu ina luaitear go soiléir a n-údarás agus a ndualgais. Nuair nach bhfuil ach comhaltaí Boird feidhmiúcháin ar Bhord, ba cheart socrúithe eile a dhéanamh chun Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a bhunú, an úsáid a bhaintear as pearsanra neamhspleách seachtrach ina measc.

Moltar go mbaintear comhaltaí de Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ó áiteanna lasmuigh den Bhord. Is dóchúla go mbeidh réimse fairsing scileanna agus taithí ag Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a theastaíonn nuair nach gá do na comhaltaí a bheith ina gcomhaltaí den Bhord. Ba cheart go mbeadh ar chumas an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca comhaltaí a chomhroghnú le sainscileanna a sholáthar ag tráth ar leith agus chun sainchomhairle a sholáthar ar chostas réasúnta agus faofa ar an eagraíocht le cabhrú leis an gcoiste i dtaobh limistéir ar leith de ghnó an choiste.

Go ginearálta, ba cheart go mbeadh Coistí Iniúchóireachta agus Riosca cumaiscthe, ach i roinnt aonáin níos mó, áfach, d'fhéadfadh gá a bheith ann le Coistí Iniúchóireachta agus Riosca ar leith.

Cuimsítear an Treoir ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca a bhaineann leis an gCód seo sa *Chód Chleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú – Treoir ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca* atá ar fáil ag govacc.per.gov.ie/governance-of-state-bodies/.

Ról Maoirseachta na Roinne



Ba cheart go mbeadh socruithe scríofa maoirseachta ag an Aire/na Máthair-Ranna ábhartha le comhlachtaí Stáit faoina gcoimirce atá oiriúnach do scála, cineál, freagrachtaí agus feidhmeanna an chomhlachta Stáit.

I gcás comhlachtaí Stáit tráchtála, is é an the comhaontú maoirseachta Litir Ionchais an Scairsealbhóra. I gcás na gcomhlachtaí Stáit go léir eile, ráiteas scríofa is ea an comhaontú maoirseachta idir an tAire/an mháthair-Roinn agus an comhlacht Stáit ábhartha faoina choimirce a shainíonn go soiléir téarmaí chaidreamh na máthair-Roinne/an Aire leis an gcomhlacht Stáit.

8. Caidreamh leis an Oireachtas, an tAire agus an Máthair-Roinn

Prionsabail

Is ionann dea-rialachas san earnáil phoiblí agus a chinntiú go mbaineann aonáin a dtorthaí beartaithe amach faoi mar a shainítear ina reachtaíocht rialaithe agus Ráitis Straitéise fad a bhítear ag gníomhú ar mhaithe le leas an phobail. Teastaíonn socruithe éifeachtacha uaidh seo chun torthaí a shainiú i dtaobh tairbhí geilleagracha, sóisialta, agus comhshaoil inbhuanaithe ar cheart iad a chuimsiú i gcomhaontú maoirseachta an chomhlachta Stáit lena nAire/máthair-Roinn ábhartha.³⁸

Teastaíonn nósanna imeachta éifeachtacha ó dhea-rialachas ar mhaithe le freagracht ag cuntasacht a shainiú, buiséid a leithdháileadh, aschur ionchasach agus nósanna imeachta soiléire a shainiú chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht.

Ba cheart go mbeadh comhaontuithe scríofa maoirseachta ag Ranna Rialtais le comhlachtaí Stáit faoina gcoimirce. Ba cheart go mbeadh nótaí mínitheacha sin ag aon chomhlachtaí a imíonn ó fhorálacha an Chóid seo atá scríofa isteach ina gcomhaontuithe maoirseachta. Ba cheart míniú soiléir a thabhairt ar chúiseanna a bhí le díolúintí sa chomhaontú maoirseachta leis an Aire /máthair-Roinn ábhartha.

Ba cheart go mbeadh plé leanúnach idir Ranna Rialtais agus comhlachtaí Stáit faoina gcoimirce bunaithe ar chomhthuiscint ar chuspóirí an chomhlachta Stáit agus na gníomhartha trína lorgaíonn sé na cuspóirí siúd a bhaint amach.

Forálacha an Chóid

Sainítear sa bhonn reachtúil do gach comhlacht Stáit a leagtar amach ina reachtaíocht rialaithe na paraiméadair don leibhéal féinrialach agus neamhspleáchais oibríochtúil faoina n-oibríonn gach comhlacht Stáit a bhfuil aghaidh á tabhairt aige ar a chuid cuspóirí a bhaint. Gan aird ar mhéid na féinrialach agus an neamhspleáchais a bhaineann le comhlacht Stáit ar bith, caithfidh an comhlacht a bheith faoi réir maoirseacht agus cuntasacht dhóthanach lena chinntiú go bhfuil sé ag feidhmiú go héifeachtach agus go bhfuil a chuspóirí á soláthar aige lena chinntiú go n-úsáidtear acmhainní poiblí go héifeachtúil agus go héifeachtach.

Mar gheall ar fheidhmeanna roinnt comhlachtaí Stáit, tá orthu oibriú go hiomlán neamhspleách óna máthair-Roinn. Is féidir neamhspleáchas feidhmiúil a bhaint amach, áfach, agus bíonn sé go hiomlán comhoiriúnach do mhaoirseacht reachtúil agus airgeadais ag an Aire/máthair-Roinn ábhartha agus le cuntasacht cheart agus éifeachtach. Braitheann cuntasacht éifeachtach go mór ar ról agus freagrachtaí a bhunú a shainítear go soiléir i gcomhréir le reachtaíocht rialaithe comhlachtaí Stáit a dhéanann an dá pháirtí a thuiscint agus a chomhlíonadh go soiléir i gcleachtas.

Cruthaíodh na prionsabail agus na forálacha a chuimsítear laistigh den Chód seo agus aird ar an gcaoi go n-oibríonn roinnt comhlachtaí Stáit i dtimpeallachtaí tráchtála a dhéanann iomaíocht in aghaidh eagraíochtaí nach bhfuil faoi réir na riachtanas céanna mionsonraithe. Lorgaíodh cothromaíocht lena chinntiú go mbíonn comhlachtaí Stáit faoi réir maoirseacht agus cuntasacht dhóthanach, ach gan baint dá n-iomaíochas tráchtála.

³⁸ “Creat Idirnáisiúnta: Dea-Rialachas san Earnáil Phoiblí” (an IFAC/CIPFA, Iúil 2014) leathanach 10

Ról Maoirseachta na Máthair-Roinne

8.1 Socruithe Rialachais: Caithfidh máthair-Ranna a chinntiú go bhfuil socruithe daingne agus éifeachtacha rialachais i bhfeidhm i gcomhlachtaí Stáit faoina gcoimirce. Tá an riachtanas seo i gcomhréir le riachtanais an Chreata Rialachais do Ranna agus Oifigí Rialtais maidir le comhlachtaí faoina gcoimirce a leagtar amach sa [Chaihdeán Rialachais Chorpáraidigh don Státseirbhís](#).

8.2 Comhlíon nó Mínigh: Tá ar chomhlachtaí stáit agus a bhfochuideachtaí deimhniú a thabhairt dá nAire/máthair-Roinn Rialtais ábhartha go gcomhlíonann siad an Cód seo ina gcleachtais agus nósanna imeachta rialachais.

Déantar foráil sa Chód seo do riachtanais áirithe atá le cur i bhfeidhm go comhréireach, faoi réir chomhaontú scríofa an Aire/na Máthair-Roinne ábhartha. Sna cásanna siúd, ba cheart don chomhlacht ábhartha Stáit comhaontú a bhaint amach leis an Aire/máthair-Roinn ábhartha maidir lena mhéid a d'fhéadfaí an riachtanas comhlíonta a oiriúnú go hoiriúnach ina gcás. Ba cheart don chomhlacht Stáit an comhaontú a baineadh amach a lua ina thuarascáil bhliantúil agus a mhíniú cé acu an bhfuil nó na riachtanais le tabhairt isteach de réir a chéile i rith tréimhse níos faide ama, nó a éagsúlú ar bhealach eile.

8.3 Ról Maoirseachta: Níor cheart go mbeadh freagracht ar an duine aonair céanna (státseirbhíseach) a d'fhéadfadh an tAire ábhartha a ainmniú le Bord Comhlacht Stáit as an ról maoirseachta maidir le comhlacht Stáit faoi choimirce na Roinne Rialtais.

Comhaontuithe Maoirseachta

8.4 Comhaontuithe Maoirseachta: Ba cheart go gcinnteodh Ranna Rialtais go bhfuil comhaontuithe scríofa maoirseachta acu le comhlachtaí Stáit faoina gcoimirce ina sainmhíntear go soiléir téarmaí chaidreamh an chomhlachta Stáit leis an Aire /máthair-Roinn ábhartha.

Ba cheart gcuimseofaí an méid seo a leanas i gcomhaontuithe maoirseachta:

- creat dlíthiúil an chomhlachta Stáit;
- an timpeallacht ina n-oibríonn sé (e.g. timpeallacht tráchtála, neamhthráchtála, comhlacht rialála);
- cuspóir agus freagrachtaí an chomhlachta Stáit;
- an leibhéal a chomhlíonann an comhlacht Stáit an Cód;
- sonraí faoin gComhaontú Soláthair Feidhmíochta; agus
- socruithe do mhaoirseacht, monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar chomhréireacht i dtaobh an chomhaontaithe maoirseachta, na gníomhartha agus na limistéir siúd de chaiteachas ina dteastaíonn cead roimh ré ón Aire/máthair-Roinn ábhartha agus/nó an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Mura mbíonn údarás soiléir ann chun íocaíochtaí a dhéanamh, ba cheart don aonán cead a lorg roimh ré óna mháthair-Roinn.

Nuair a chuirtear san áireamh an beartas a bhuntacaíonn leis na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, níor cheart do chomhlacht Stáit iontráil isteach i gcomhaontuithe rúndachta a chuireann cosc air ó shonraí a nochtadh faoin réiteach a baineadh amach sna ráitis airgeadais, seachas faoi chúinsí eisceachtúla agus de bhun comhairle dlí go dteastaíonn siad faoi chúinsí an cháis. Nuair a iontráiltear, faoi na cúinsí siúd, isteach i gcomhaontuithe rúndachta, ba cheart fógra roimh ré a thabhairt do na páirtithe go bhféadfaidís bheith faoi réir nochtá in aon chás nuair a shainaithnítear leas uileghabhálach an phobail nó nuair a cheanglaítear faoin dlí sin a dhéanamh.

Ba cheart go mbeadh cáipéis dhinimiciúil i gceist leis an gcomhaontú maoirseachta sa mhéid gur cheart é a mhionathrú i gcomhthéacs cúinsí athraitheacha. Ba cheart an comhaontú maoirseachta a athbhreithniú gach bliain agus a nuashonrú faoi mar a theastaíonn.

Róil agus Freagrachtaí

8.5 Róil: M oltar go leagann gach Roinn/Oifig amach i scríbhinn róil agus freagrachtaí a Oifigigh Chuntasaíochta, faoi seach, anuas ar Chathaoirleach agus POF gach comhlachta Stáit faoina choimirce.

8.6 Oifigeach Cuntasaíochta: Ba cheart d’Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Rialtais, a bhfuil an comhlacht Stáit faoina coimirce, a shásamh dó/di féin go bhfuil riachtanais an Chóid seo á gcur i bhfeidhm agus á gcomhlíonadh i gceart. Mar thacaíocht leis an ról seo, is féidir leis an Oifigeach Cuntasaíochta nó a Roinn breis faisnéise/fianaise a iarraidh go bhfuil an Cód á chomhlíonadh ag an aonán agus ba cheart don chomhlacht Stáit na hiarrataí réasúnta uile siúd a chomhlíonadh.

Má bhíonn faisnéis ar fáil don Roinn a thugann le fios don Oifigeach Cuntasaíochta gurb ann d’fhadhbanna nó deacrachtaí, ba cheart don Oifigeach Cuntasaíochta a chinntiú go dtéitear i mbun an ghnímh chuí a luaithe agus is féidir.

8.7 Duine Cuntasach: D’fhéadfadh Oifigeach Cuntasaíochta, laistigh de bhrí *Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993*, a bheith ag líon beag comhlachtaí Stáit atá freagrach as cistí Vótáilte; bíonn “Duine Cuntasach” ag comhlachtaí Stáit eile faoi mar a sainmhínítear iad sa reachtaíocht rialaithe lena mbunaítear an comhlacht Stáit. Sna cásanna siúd, ba cheart cuntasacht an Oifigigh Chuntasaíochta/an Duine Chuntasaigh leis an Oireachtas a dhifreáil ó chuntasacht fhreagrachtaí gearrálta an Bhoird.

Tagann comhlachtaí stáit a bhfuil a Vóta agus Oifigeach Cuntasaíochta féin acu faoi chuimsiú scóip Chreat Rialachais agus tá orthu Creat Rialachais a ullmhú i gcomhréir leis [an gCaighdeán Rialachais Chorpáraidigh don Státseirbhís](#).

Comhaontuithe Soláthair Feidhmíochta

Ba cheart do chomhlachtaí Stáit neamhthráchtála comhaontú a dhéanamh ar Chomhaontuithe Soláthair Feidhmíochta leis an Aire/máthair-Roinn ábhartha agus tuairisciú leis an Aire ar dhul chun cinn in aghaidh spriocanna. Gníomhóidh na comhaontuithe seo mar chonradh feidhmíochta idir an mháthair-Roinn agus an comhlacht Stáit ina ndéantar leibhéal comhaontaithe d’fheidhmíocht/ seirbhís³⁹ a dhéanamh foirmiúil agus a mbeidh éifeachtúlacht agus éifeachtacht fheabhsaithe nuair a bhíonn seirbhísí poiblí á soláthar mar thoradh air, ar deireadh.

Ceadaítear sna comhaontuithe go nglactar le spriocanna bliantúla agus ilbhliantúla araon, agus go bhforbraítear táscairí aschuir agus toraidh, garspriocanna ina measc chun feidhmíocht a thomhas in aghaidh spriocanna.

Is é Ráiteas Straitéise Roinne an phríomhcháipéis maidir le hábhar agus cuspóirí an Chomhaontaithe Soláthair Feidhmíochta ina gcuirtear i gcuntas creat dlí an chomhlachta Stáit. Ba cheart go mbeadh an comhaontú ar aon dul le cuspóirí ar leith i Ráiteas Straitéise na máthair-Roinne, a mhéid agus is ábhartha, agus ba cheart go mbeadh sé ar aon dul le sainordú dlíthiúil an chomhlachta Stáit, agus le haon bheartais Rialtais chun an tSeirbhís Phoiblí a athchóiriú agus a nuachóiriú.

³⁹ Ba cheart go mbeadh leibhéal seirbhíse curtha san áireamh i gcás comhlachtaí oibríochtúla le “custaiméirí”.

Ba cheart do Bhord an chomhlachta Stáit a chinntiú go gcuirtear Comhaontú Soláthair Feidhmíochta agus Ráiteas Straitéise an chomhlachta Stáit in iúl do gach fostaí agus go mbíonn tuiscint shoiléir acu a ról chun na cuspóirí seo a bhaint amach.

8.8 Comhaontuithe Soláthair Feidhmíochta: Tá ar gach Roinn comhaontú a dhéanamh ar Chomhaontú Soláthair Feidhmíochta (a dhéantar a athbhreithniú gach bliain) le gach comhlacht Stáit faoina choimirce, na comhlachtaí Stáit siúd ina measc a ghineann a n-ioncam féin agus nach gcostíonn an Státchiste go díreach.

Ba cheart go n-áireofaí leis an gComhaontuithe Soláthair Feidhmíochta:

- spriocanna agus cuspóirí ardleibhéil;
- na príomhchláir ghníomhaíochta a shainaithint don chomhlacht Stáit, do gach clár aonair caiteachais ina measc;
- an príomh-aschur a leagan amach a shonraítear i dtéarmaí cainníochtúla intomhaiste;
- na spriocanna a shainaithint don aschur sin i spriocanna bliantúla agus ilbhliantúla a bhfuil garspriocanna soiléire acu;
- an costas a bhíonn ar an gclár sin a shainaithint; agus
- an próiseas a leagan amach chun athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh ar an gcomhaontú feidhmíochta.

8.9 Spriocanna agus Cuspóirí Ardleibhéil: Nuair a luaitear Spriocanna agus Cuspóirí Ardleibhéil, déanfaidh an Comhaontú Soláthair Feidhmíochta an méid seo a leanas:

- méadracht ábhartha chainníochtúil de thionchar agus/nó torthaí a leagan amach a thacóidh le scrúdú a dhéanamh ar éifeachtacht an chláir; agus
- spriocanna bliantúla agus ilbhliantúla a chuimsiú ina leagtar amach garspriocanna soiléire chun dul chun cinn i dtreo sprice a thomhas.

8.10 Príomh-Aschur: Nuair a luaitear Príomh-Aschur, déanfaidh an Comhaontú Soláthair Feidhmíochta an méid seo a leanas:

- méadracht ábhartha chainníochtúil d'aschur a leagan amach a thacóidh le scrúdú a dhéanamh ar éifeachtacht an chláir; agus
- spriocanna bliantúla agus ilbhliantúla a chuimsiú ina leagtar amach garspriocanna soiléire chun soláthar a thomhas.

8.11 Athbhreithniú ar an gComhaontú Soláthair Feidhmíochta: Ba cheart go mbeadh ar a laghad cruinniú amháin foirmiúla sa bhliain idir oifigigh shinsearacha Roinne agus ionadaithe den Bhord agus an bainistíocht shinsearach an chomhlachta Stáit chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gComhaontú Soláthair Feidhmíochta agus an caidreamh a threisiú idir an dá eagraíocht.

8.12 Comhaontuithe Seirbhíse Reatha: Nuair a bhíonn comhaontuithe seirbhíse reatha agus/nó creataí feidhmíochta reatha ag comhlachtaí Stáit cheana féin (lena n-áirítear spriocanna agus táscairí feidhmíochta ar leith) i bhfeidhm lena nAire/máthair-Ranna ábhartha, ba cheart iad seo a oiriúnú chun cloí le riachtanais Chomhaontaithe Soláthair Feidhmíochta, faoi mar a leagtar amach sa Treoir seo.

Comhlachtaí Stáit Tráchtála

- 8.13 Comhlachtaí Stáit Tráchtála:** Mar gheall go bhfuil socruithe malartacha i bhfeidhm cheana féin i gcomhlachtaí Stáit tráchtála i bhfoirm Litir Ionchais Scairshealbhóra, ní bheartaítear go mbeidh feidhm ag Comhaontuithe Soláthair Feidhmíochta le comhlachtaí Stáit tráchtála.

Tá fáil ar Litir Ionchais Samhla Scairshealbhóra do chomhlachtaí Stáit tráchtála ag govacc.per.gov.ie/governance-of-state-bodies/.

Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil

- 8.14 Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil:** Beidh comhlachtaí Stáit neamhthráchtála faoi réir Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil (ACT) tráth nach déanaí ná gach 5 bliana. Is amhlaidh a dhéantar an fhoráil seo lena chinntiú go mbeidh an cás gnó leantaigh do chomhlachtaí Stáit, iad siúd ina measc a bunaíodh le déanaí, faoi réir iniúchadh agus measúnú tréimhsiúil. Is é cuntasacht uileghabhálach an phróisis athbhreithnithe, go príomha, chun feabhsúcháin a bhaint amach i gcuntasacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht, agus chun iniúchadh oibiachtúil a dhéanamh, chomh maith, ar an gcás chun údar a thabhairt le comhlachtaí poiblí agus iad a chomhdhlúthú i gcomhthéacs riachtanais, éilimh an athbhreithnitheg tosaíochtaí athraitheacha. Ba cheart go ndéanfaidh an próiseas athbhreithnithe measúnú, chomh maith, ar a mhéid atá struchtúr riachtanais gach comhlachta phoiblí agus an mhaoirseacht a dhéanann an Roinn ar an gcomhlacht sin (más cuí) ar aon dul leis an reachtaíocht a bhuntacaíonn leis agus bíonn sé ailínithe go tréan le riachtanais ghnó an chomhlachta.

Ba cheart go n-áireofaí leis an athbhreithniú an timpeallacht sheachtrach (an timpeallacht gheilleagrach, pholaitiúil, reachtaíochta, pháirtithe leasmhara, agus teicneolaíochta), cumas na heagraíochta (rialachas, bainistíocht airgeadais, bainistíocht próiseas, naisc eile eagraíochta, bainistíocht acmhainní daonna) agus feidhmíocht na heagraíochta (ábharthacht, inmharthanacht airgeadais, an geilleagar, éifeachtúlacht, éifeachtacht). Ba cheart go mbeadh an t-athbhreithniú bunaithe ar fhianaise agus sa chás gur féidir, ba cheart go ndéanfaidh sé comparáid idir an fheidhmíocht iarbhair in aghaidh spriocanna agus/nó tagarmharcanna seachtracha.

- 8.15 Tabhairt faoin Athbhreithniú:** Ba cheart don Roinn Rialtais ábhartha Grúpa Oibre a bhunú ina bhfuil oifigeach ón máthair-Roinn, an comhlacht Stáit agus Rannóga ábhartha Vóta na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chun tabhairt faoin Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil (ACT) agus tuairisciú leis an Aire ábhartha. Ba cheart go ndéanfaí breithniú, chomh maith, ar ionadaí ó Bhord an chomhlachta Stáit. Is faoin máthair-Roinn a bhíonn comhdhéanamh deiridh an ghrúpa. Ba cheart go mbeadh oifigeach ina chathaoirleach ar an nGrúpa Oibre ar Leibhéal Príomhoifigeach sa mháthair-Roinn.

Ba cheart go mbeadh an aird mar is cuí ag an nGrúpa Oibre nuair a bhíonn breithniúcháin á ndéanamh acu ar na prionsabail treorach a chuireann eolas ar fáil do chur chuige an Rialtais sa limistéar seo.

Aguisín F: Athbhreithnithe Criticiúla Tréimhsiúla – Prionsabail Treorach

Ba cheart go mbeadh na hathbhreithnithe criticiúla tréimhsiúla féin:

- **Comhréireach.** Níor cheart go mbeadh athbhreithnithe maorlathach, ina n-ualach i dtaobh

cúrsaí riaracháin de agus ba cheart go mbeidís oiriúnach do mhéid agus chineál an chomhlachta Stáit atá i gceist.

- **Tráthúil.** Ba cheart go gcuirfí athbhreithnithe i gcrích go tapa chun cur isteach a íoslaghdú agus éiginnteacht a laghdú faoi thodhchaí an chomhlachta Stáit.
- **Dúshlánach.** Ba cheart go mbeadh athbhreithnithe daingean agus dian agus ba cheart go ndéanfaidís scrúdú agus meastóireacht ar réimse chomh leathan agus is féidir de roghanna soláthair.
- **Oscailte agus Cuimsitheach.** Ba cheart go mbeadh an deis ag príomhpháirtithe leasmhara cur le hathbhreithnithe.
- **Trédhearcach.** Ba cheart athbhreithnithe a fhoilsiú go rialta.

Nósanna Imeachta maidir le

Forálacha Cód Soláthair

8.16 Soláthar Poiblí: Tá freagracht ar an mBord a shásamh dó féin go gcloítear leis na riachtanais maidir le soláthar poiblí agus tá siad le bheith go hiomlán ar aon dul leis na tairseacha reatha luacha chun rialacha náisiúnta agus soláthair an AE a chur i bhfeidhm.

Ba cheart don Bhord a shásamh dó féin gur forbraíodh agus gur foilsíodh beartais agus nósanna imeachta soláthair don fhoireann go léir. Ba cheart dó a chinntiú, chomh maith leis sin, go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun neamhchomhlíonadh na nósanna imeachta soláthair a bhrath. Ba cheart go mbeadh bunachar sonraí/liosta conarthaí ag aonáin do gach conradh/íocaíocht a sháraíonn €25,000 agus córais mhonatóireachta i bhfeidhm chun soláthar neamhiomaíoch a thabhairt chun solais. Ba cheart soláthar neamhiomaíoch a thabhairt le fios i dtuarascáil chuimsitheach an Chathaoirligh leis an Aire.

8.17 Nósanna Imeachta: Ar an gcuma chéanna, ba cheart don Bhord a chinntiú gur cheart go mbeadh tairiscint iomaíoch mar an nós imeachta caighdeánach i bpróiseas soláthair comhlachtaí Stáit. Ba cheart don bhainistíocht, agus an Bord, i ndeireadh na dála, a chinntiú go bhfuiltear ag díriú go cuí ar dheachleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh an bheartais agus na dtreoirínte soláthair a chinntiú.

8.18 Oibleagáidí Dlíthiúla: Gearrtar i dTreoracha an AE agus i rialacháin náisiúnta oibleagáidí dlíthiúla ar chomhlachtaí poiblí maidir le fógraíocht agus úsáid a bhaint as nósanna imeachta tairisceana iomaíche chun conarthaí a bhronnadh atá os cionn tairseacha luacha áirithe. Fiú i gcás soláthair a bhféadfadh nach bhfuil faoi réir scóip iomlán Theoracha an AE, ar nós seirbhísí áirithe ‘neamhthosaíochta’ nó lamhátais seirbhíse, rialáil Coimisiún an AE agus Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh gur gá cloí le prionsabail Chonradh an AE.

8.19 Prionsabail Chonradh an AE: Áirítear le prionsabail bhunriachtanacha an Chonartha neamh-idirdhealú, caitheamh cothrom, trédhearcacht, aitheantas frithpháirteach, comhréireacht, saoirse chun seirbhís a sholáthar agus saoirse bhunaíochta. Tá riachtanas ann a thugtar le fios go tréan chun conarthaí a phoibliú ar a bhfuil luach nach beag a mhéid sin a cheadaíonn sé do pháirtithe i mBallstáit eile an deis a ghlacadh chun spéis a léiriú nó tairiscintí a sheoladh ar aghaidh.

8.20 Plean Corparáideach Soláthair: Ceanglaítear i gCreat Beartais na hOifige um Sholáthar Rialtais go gcuireann gach comhlachtaí Stáit neamhthráchtála Plean Corparáideach Soláthair le chéile. Buntacaíonn anailís ar chaiteachas ar sholáthar agus na struchtúir sholáthair agus cheannaithe atá san eagraíocht, leis an bplean seo. Ba cheart go leagfaí amach sa phlean aidhmeanna praiticiúla agus straitéiseacha, cuspóirí le haghaidh torthaí feabhsaithe soláthair agus ba cheart bearta cuí chun na haidhmeanna seo a bhaint amach a chur i bhfeidhm.

Ba cheart don Chathaoirleach cloí leis an mbeartas agus na nósanna imeachta ábhartha soláthair a dhearbhu agus go bhforbraítear agus go gcuirtear i bhfeidhm an Plean Corparáideach Soláthair sa tuarascáil chuimsitheach leis an Aire.

- 8.21 Faisnéis faoi Sholáthar:** Foilsíonn an Oifig um Sholáthar Rialtais faisnéis ar bheartas soláthair agus treoir ghinearálta ar cheisteanna soláthair. Is féidir é seo a fheiceáil nó a íoslódáil ó [láithreán gréasáin na hOifige um Sholáthar Rialtais](#).

Réadmhaoin a Éadáil agus Barrachas Réadmhaoine a Dhiúscairt

Forálacha an Chóid

- 8.22 Sócmhainní a Fháil nó a Dhiúscairt:** Ba cheart do Chathaoirleach an Bhoird faomhadh an Aire ábhartha agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a lorg sula ndéantar aon talamh, foirgnimh nó sócmhainní ábhartha eile a bheartaíonn comhlacht Stáit a fháil nó a dhiúscairt go hábhartha. Áirítear leis seo, chomh maith, léasanna fadtéarmacha nó ceart a cheannach chun úsáid a bhaint as sócmhainn (seachas úinéireacht a bheith ar shócmhainn).

- 8.23 Ciorcláin agus Treoirínte:** Anuas ar aon treoirínte sonracha a bhaineann le comhlacht Stáit, ba cheart tabhairt faoi gach fáil, diúscairt nó togra chun réadmhaoin a roinnt i gcomhréir le ciorcláin agus treoirínte reatha na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, mar seo a leanas:

- [11/2015 – Prótacail chun Sócmhainní Réadmhaoin Stáit a Aistriú agus a Roinnt;](#)
- [17/2016 – Beartas chun Réadmhaoin a Éadáil agus Barrachas Réadmhaoine a Dhiúscairt;](#) agus
- [02/2016 – Socruithe do Chaiteachas Digiteach agus a bhaineann le TFC sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí.](#)

Caithfidh comhlachtaí Stáit cloí le Ciorclán 02/2016 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe nuair a dhéanann siad breithniú ar chaiteachas ar thionscadail, córais agus bonneagair TF agus teileachumarsáide:

Talamh, Foirgnimh nó eile Sócmhainní Ábhartha eile a Éadáil

- 8.24 Nósanna Imeachta:** Anuas ar na riachtanais a leagtar amach i gcorcláin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, faoi mar a leasaítear ó thráth go chéile, ba cheart go mbeadh na nósanna imeachta seo a leanas i gceist:

- (i) Luacháil Neamhspleáchas:** Nuair a dhéantar breithniú ar thalamh nó réadmhaoin le haghaidh éadála, caithfear luacháil neamhspleách a dhéanamh. Ba cheart na luachálacha seo a dhéanamh sula ndéanann an Bord cinneadh ar bith chun tailte a cheannach nó a dhíol. Ba cheart go ndéanfadh suirbhéirí gairmiúla luachála na luachálacha.
- (ii) Na Páirtithe le Hidirbheart a Liostú:** Ba cheart gach páirtí le hidirbhearta talún agus réadmhaoine a thabhairt le fios don Bhord go soiléir nuair a bhíonn breithniú á dhéanamh ar idirbhearta. Ba cheart a lua in aon réiteach Boird a bhaineann le talamh nó réadmhaoin a cheannach, an páirtí nó na páirtithe a bhfuil an tsócmhainn á ceannach uathu.
- (iii) Roghanna ag Daoine eile chun Ceannach:** Nuair a fuair forbróir tríú páirtí rogha chun talamh a cheannach agus nuair atá an rogha seo á díol aige le comhlacht Stáit, ba cheart aon chorrach brabúis, nuair is féidir a dheimhniú gurb ann don chorrach brabúis sin, atá á ghearradh ag an bhforbróir a thabhairt le fios don Bhord.

- (iv) **Réitigh Bhoird:** Ba cheart go luafaí in aon réitigh Bhoird i dtaca le sócmhainn a cheannach nó a dhíol, an praghas a íocadh ar shócmhainn nó a díoladh sócmhainn.
- (v) **Trédhearcacht:** Ba cheart tabhairt faoi thalamh nó réadmhaoín a cheannach ar bhealach atá chomh trédhearcach agus is féidir gan baint de shuíomh idirbheartaíochta an chomhlachta Stáit.
- (vi) **Dícheall cuí:** Ba cheart tuarascáil iomlán ar dhícheall cuí a ullmhú i gcás talún nó réadmhaoine atá á mbreithniú le haghaidh éadála.
- (vii) **Comhaltaí Foirne Ainmnithe:** Ba cheart comhalta foirne a ainmniú a mbeidh freagracht air/uirthi as talamh nó réadmhaoín a éadail, a bhainistiú agus a dhíol. Ba cheart don chomhalta foirne seo tuairisciú go díreach leis an POF maidir le saincheisteanna réadmhaoine.
- (viii) **Saincheisteanna Dlíthiúla:** Nuair a dhéileáiltear le talamh nó réadmhaoín a éadail nó a dhíol, ba cheart idirchaidreamh gníomhach a dhéanamh leis na haturnaetha atá bainteach agus cinnteoidh an comhalta foirne ainmnithe go dtéitear i ngleic go hiomlán le gnéithe tráchtála agus teicniúla an idirbhirt.
- (ix) **Teideal a Chlárú:** Ba cheart go ndéanfaí teagmháil leantach phleanáilte leis na haturnaetha atá bainteach lena chinntiú go ndéantar an teideal d'aon talamh nó réadmhaoín a dhéantar a éadail a chlárú i gceart leis an Údarás Clárúcháin Maoine.
- (x) **Oibleagáidí Dlíthiúla:** Ba cheart go ndéanfaí teagmháil leantach phleanáilte lena chinntiú go gcuirtear aon chúraim, oibleagáidí agus ceisteanna eile i gcrích i ndiaidh go ndéantar talamh nó réadmhaoín a éadail nó a dhíol. Ba cheart do chomhlachtaí stáit athbhreithnithe tréimhsiúla a thosú (ag brath ar mhéid phunann na réadmhaoine) lena n-aturnaetha, agus aon fhoireann inmheánach atá ag déileáil le bainistíocht réadmhaoine, chun iniúchadh a dhéanamh ar stádas reatha chlárú an teidil, comhaontuithe ar cheart slí, léasanna, bannaí, ceadanna pleanála agus aon cheisteanna eile a dhéanann difear dá bpunanna réadmhaoine.
- (xi) **Taifeadadh ar Chlár Réadmhaoine an Stáit:** Ba cheart an talamh agus an réadmhaoín go léir a thaifeadadh ar Chlár Réadmhaoine an Stáit atá á bhainistiú ag Oifig na nOibreacha Poiblí.

Infheistíocht Chaipitil a Bhreithmheas

An Cód Caiteachais Phoiblí: Is é [an Cód Caiteachais Phoiblí](#) an tsraith chuimsitheach de riachtanais maidir le breithmheas a dhéanamh ar chaiteachas agus luach ar airgead agus an treoir ghaolmhar a cumhdaíonn an caiteachas poiblí go léir.

8.25 Ba cheart don Bhord a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta daingne agus éifeachtacha i bhfeidhm sa chomhlacht Stáit atá i gceist le comhlíonadh phrionsabail, riachtanais agus treoirlínte an Chóid Chaiteachais Phoiblí a chinntiú, faoi mar is cuí. Ba cheart do Chathaoirleach gach comhlachta Stáit a dheimhniú sa tuarascáil bhliantúil go bhfuil an eagraíocht ag cloí le gnéithe ábhartha an Chóid Chaiteachais Phoiblí.

8.26 **Infheistíocht a Bhreithmheas:** Anuas air sin, ba cheart don Bhord a chinntiú gur cheart go mbeadh aird ag an gcomhlacht Stáit atá i gceist ar shamhlacha cuí chun breithmheas a dhéanamh ar infheistíocht ina n-earnálacha agus a lorg chun na prionsabail bhreithmheasa airgeadais agus gheilleagracha deachleachtais a chur i bhfeidhm a chuimsítear sa Chód Caiteachais Phoiblí chun breithmheas agus bainistíocht a dhéanamh ar gach togra infheistíochta.

Éagsúlú, Bunú Fochuideachtaí agus Éadálacha ag Comhlachtaí Stáit

8.27 Faomhadh Aire: ba cheart don Chathaoirleach faomhadh an Aire ábhartha a lorg, sa mhullach ar thoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe d’aon ghníomh a bheartaítear a dhéanadh cineál, scóip nó scála na ngníomhaíochtaí a shíneadh nó a athrú go suntasach faoina dtugann sé (nó aon fochuideachta) (trí aon chomhfhiontar, ina measc siúd). Teastaíonn toiliú ón Aire ón bhforáil seo d’aon athrú suntasach ar scóip nó feidhm (chomhaontaithe) chomhlacht Stáit. Áirítear le haon ghníomh a bheartaítear aon rud a mbeadh comhlacht Stáit ag smaoineamh a dhéanamh ina n-aistreadh sé (go suntasach) chuig limistéar nua nach raibh coinne aige riamh leis go mbeadh baint aige ann nó ina n-athraíonn sé scála a oibríochtaí go mór.

Ba cheart don Bhord iarmhairtí airgeadais na ngníomhartha siúd, go mór mór maidir le fiachas, brabúsacht nó acmhainn an chomhlachta Stáit díbhinní a íoc (sa chás gurb íomchuí) agus a gcomhsheasmhachta le sainchúram reatha an chomhlachta Stáit (más ann dó), go mór mór a shainchúram reachtúil, a leagan amach go soiléir.

8.28 Fochuideachtaí: Bíonn bunú nó éadail fochuideachtaí, rannpháirtíocht i gcomhfhiontair agus éadail scaireanna ag aon chomhlacht Stáit, trína fochuideachtaí nó trí chomhfhiontair ina nglacann comhlacht Stáit nó a fochuideachtaí páirt (“comhfhiontair chomhlacht Stáit”) faoi réir na cáile dlíthiúla chun amhlaidh a dhéanamh agus, maidir le comhlacht Stáit agus a fochuideachtaí, tá sé faoi réir faomhadh scríofa roimh ré a fháil ón Aire ábhartha, a thugtar le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Má bheartaíonn comhlacht Stáit nó a fochuideachtaí tairiscint scairshealbhaite nó chun scaireanna a éadail, caithfear tagairt shoiléir a dhéanamh sa tairiscint/iarratas don cháil dlíthiúil agus do na riachtanais faofa sin.

Ba cheart riachtanais maidir le toiliú ón Aire atá infheidhme maidir le comhfhiontair chomhlacht Stáit a bhreithniú agus a dheimhniú sa chomhthéacs agus ag an tráth a dhéantar an breithniú agus faomhadh ar chruthú an chomhfhiontair sa chéad ásc.

8.29 Próiseas Faofa: Nuair a lorgaítear an faomhadh siúd, ba cheart don Chathaoirleach sonraí iomlána a sholáthar don Aire ábhartha faoi na fochuideachtaí, comhfhiontair nó éadálacha siúd a bheartaítear agus ba cheart dó/di amhlaidh a dhéanamh a luaithe agus is féidir chun moilleanna a sheachaint. Ba cheart don Aire ábhartha freagairt a thabhairt don Chathaoirleach ar bhealach tráthúil.

8.30 Sonraí: Ba cheart go n-áireofaí an méid seo a leanas leis na sonraí (ní liosta críochnaitheach é), sa mhullach ar an bhfaisnéis eile siúd is féidir a iarraidh:

- an cás gnó iomlán don togra;
- sreafaí airgid agus réamh-mheastacháin;
- anailís riosca ar an togra;
- an méid scairchaipitil a bheartaítear a éadail, i gcomparáid le scairchaipiteal iomlán na cuideachta atá i gceist a eisíodh;
- sonraí faoi aon scaireanna a choimeádann aon chomhlacht Stáit eile, a fochuideachtaí nó comhfhiontair chomhlacht Stáit sa chuideachta sin;
- sonraí faoi cheangaltas agus nochtadh airgeadais an mháthairchomhlachta, cé acu trí ghnáthscair, iasachtaí, ráthaíocht nó ar bhealach eile;
- dliteanais eile fhéideartha a d’fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar an gcuideachta;
- iasachtaí a thug an chuideachta siúd, agus nach bhfuil íoctha, ó gach foinse, cé acu má bhíonn nó mura mbíonn siad faoi ráthaíocht, agus aon cheangaltas a rinne siad a bhféadfadh nochtadh airgeadais do chomhlacht Stáit a bheith i gceist leo; agus

- nuair a lorgáítear faomhadh d'fhochuideachtaí a bhunú nó a éadail, ba cheart cuntas a thabhairt ar an gcur chuige a bheartáítear maidir le luach saothair agus coinníollacha fostaíochta an POF/an Stiúrtóra Bainistíochta agus, sa chás gur cuí, fostaithe eile na bhfochuideachtaí.

8.31 Scairshealbha (30%+): Nuair a rinne comhlachtaí Stáit, a bhfochuideachtaí agus/nó aon chomhfhiontair chomhlacht Stáit comhshealúchas in aon chuideachta a sháraíonn 30% den scairchaipiteal iomlán a eisíodh den chuideachta sin, ba cheart do na comhlachtaí Stáit atá i gceist fógra a thabhairt don Aire ábhartha agus don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar na scairshealbha siúd.

8.32 Teorainneacha Iasachta: Nuair a bhíonn comhlacht Stáit faoi réir teorann ar a iasachtaí, cumhdaíonn an teorainn sin comhshasachtaí an mháthairchomhlachta agus gach cinn dá fhochuideachtaí (an “Grúpa”), faoi réir fhorálacha ar leith na máthair-reachtaíochta. Níl iarmhéideanna airgid thirim le cur san áireamh nuair a bhíonn iasachtaí á ríomh ar mhaithe le teorainneacha iasachta.

8.33 Rátháíochtaí Stáit: Ní féidir le rátháíochtaí Stáit a thabhairt gan údarás sainráite reachtúil agus ní féidir ach leis an Aire ábhartha, le toiliú an Aire Airgeadais agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, iad a thabhairt. D'fhéadfadh rátháíochtaí Stáit a bheith faoi réir faofa, chomh maith, ag Coimisiún an AE faoin rialacha an Chonartha maidir le Cúnamh Stáit. Mar riail ghinearálta, is é an beartas reatha gan rátháíochtaí Stáit nua a eisiúint do chomhlachtaí Stáit mar gheall ar an tionchar a d'fhéadfaidís a imirt ar Chlár Comhardaithe an Stáit agus lena ligean rátháíochtaí nár éag go fóill a aisíoc.

Sócmhainní Stáit a Dhiúscairt, Rochtain ar Shócmhainní ag Tríú Páirtithe agus Sócmhainní a Ghealladh mar Shócmhainní Teagmhasacha i dTograí Cistithe na Scéime Pinsin

8.34 Diúscairt: Ba cheart don Bhord a chinntiú go bhfuil socruithe i bhfeidhm chun go mbíonn praghas cóir sa mhargadh ar shócmhainní comhlachtaí Stáit a dhiúscairt nó ar rochtain a dheonú ar réadmhaoín nó ar bhonneagar le haghaidh socruithe tráchtála, e.g. comhfhiontair le tríú páirtithe. Ba cheart diúscairtí nó deonuithe rochtana ar a bhfuil luach ionchasach nó os cionn leibhéal tairisí €150,000 a dhéanamh trí cheant nó tairisceana iomaíoch, seachas faoi chúinsí eisceachtúla. Ba cheart go mbeadh an modh a úsáidtear trédhearcach agus ba cheart gur dhóchúil go mbainfeadh sé praghas cóir sa mhargadh amach. Is féidir an luach ionchas a dheimhniú trí phraghas forchoimeáda a chuirtear i gcuntas roimh ré i dtaifid an chomhlacht Stáit nó is féidir leis an mBord a ainm a chur leis go foirmiúil ar chomhairle an Phríomhoifigigh Airgeadais nó, má tharmligeann an Bord, is féidir leis an POA a ainm a chur leis, gur dóchúil, faoina thuairim, go mbeidh an luach ionchasach níos lú nó níos mó ná €150,000. Ba cheart do luachálaí cáilithe, nach bhfuil baint aige/aici leis, tabhairt faoi luachálacha.

8.35 Sócmhainní a Úsáid mar Shócmhainní Teagmhasacha i dTograí Cistithe na Scéime Pinsin: Níor cheart don Bhord cinneadh a dhéanamh go bhfuil sócmhainní an chomhlachta Stáit le húsáid mar shócmhainní teagmhasacha, i gcomhthéacs Thogra Cistithe na Scéime Pinsin atá in ainm is dul i ngleic le heasnamh Cúlchiste Caighdeánach Cistithe Íosta nó chun riachtanais an Chúlchiste Chaighdeánaigh Cistithe, ach mar rogha dheiridh agus nuair a bhíonn fíor-oibleagáid ar an gcomhlacht urraíochta nach féidir a sheachaint le cabhrú leis an scéim ábhartha an Caighdeán Cistithe Íosta (an CCÍ) nó easnamh cistithe eile a chomhlíonadh.

Caithfear an nóta treorach a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in [Ciorclán 12/2014 – Measúnú ar Thograí Cistithe na Scéime Pinsin](#) a chomhlíonadh faoi na cúinsí siúd.

An úsáid a bhaintear as Riachtanais cheant nó Tairisceana a chomhlíonadh

- 8.36 Faomhadh an Bhoird - an Próiseas Iomaíoch a Úsáid:** Má thiteann ceant nó próiseas iomaíoch tairisceana amach agus murab é an tairiscint is airde an tairiscint a nglactar léi, teastaíonn faomhadh ar leith ón mBord sular féidir diúscairt na sócmhainne nó rochtain ar an réadmhaoin nó ar bhonneagar le haghaidh socruithe tráchtála le tríú páirtithe a chur i gcrích. Caithfidh an Bord a chinntiú go gcomhlíontar go hiomlán gnéithe [Chumarsáid Choimisiún an AE maidir le Cúnamh Stáit](#) nuair a bhíonn talamh agus foirgnimh á ndíol ag údaráis phoiblí. Ba cheart aon fhaomhadh den sórt sin, sa mhullach ar an gcúis gur ceadaíodh glacadh le tairiscint ní b'ísle a bhreacadh síos i miontuairiscí an Bhoird.
- 8.37 Cúnamh Stáit:** Ní chuirfear beart ina mbíonn cúnamh Stáit i gceist i bhfeidhm sular fhaomh Coimisiún an AE é. Leagtar amach in *Páipéar Treorach maidir le maoiniú comhlíontach cúnamh Stáit, athstruchtúru agus príobháidiú fiontair faoi úinéireacht an Stáit*, de chuid Choimisiún an AE, rialacha maidir le cúnamh Stáit AE nach mór a chomhlíonadh nuair a thugtar faoi fhiontair faoi úinéireacht an Stáit nó nuair a dhéantar iad mhaoiniú, a athstruchtúru nó a phríobháidiú agus soláthraítear soiléiriú ann ar an mbealach a chuireann an Coimisiún na príomhphrionsabail maidir le cúnamh Stáit ibhfeidhm.
- 8.38 Faomhadh an Bhoird - Gan an Próiseas Iomaíoch a Úsáid:** Mura n-úsáidtear ceant nó próiseas iomaíoch tairisceana agus más é €150,000 nó níos mó an praghas ar a gcomhaontaítear, teastaíonn faomhadh ar leith ón mBord sula gcuirtear tús leis an idirbheartaíocht agus sular féidir an tsócmhainn a dhiúscairt nó rochtain a dheonú ar réadmhaoin nó bonneagar le haghaidh socruithe comhfhiontair thráchtála le tríú páirtithe a chur i gcrích.
- 8.39 Deimhniúchán Foirmiúil:** Níor cheart aon sócmhainn nó deonú rochtana ar réadmhaoin nó bonneagar le haghaidh socruithe trádála ag tríú páirtithe a chríochnú go dtí gur dheimhnigh an t-oifigeach a údaraíonn an diúscairt nó an deonú rochtana go foirmiúil (i) nach dteastaíonn faomhadh Boird, leis na cúiseanna, nó (ii) fuarthas faomhadh Boird, nuair is gá.
- 8.40 Sócmhainní Dhiúscairt do Chomhaltaí Boird, Fostaithe nó a dTeaghligh:** Ba cheart sócmhainní a dhiúscairt do chomhaltaí Boird, fostaithe nó a dteaghligh nó daoine bainteacha a dhéanamh ar phraghas cóir sa mhargadh, faoi mar ba cheart a dhéanamh le gach diúscairt. Nuair a bhíonn machnamh á dhéanamh ag an mBord ar thogra d'aon diúscairt den sórt sin, ba cheart don chomhalta Boird atá ceangailte leis an gceannach féideartha a bheith as láthair ón mbreithniúchán a dhéanann an Bord ar an tsaincheist. Ba cheart taifead ar gach ceann de na diúscairtí siúd a dhéantar leis na daoine siúd (sonraí san áireamh faoi aon sócmhainn a rinneadh a dhiúscairt, an praghas a íocadh agus ainm an cheannaitheora) a bhreacadh síos i gclár a choimeádtar don chuspóir seo (is féidir miondiúscairtí faoi €5,000, a fhágáil ón gclár). Ba cheart go mbeadh an clár seo ar fáil le cigireacht a dhéanamh air, má iarrtar, ag an mBord nó ag aon chomhalta Boird. Is féidir leis an mBord a shonrú gur cheart don Bhord aon diúscairt os cionn tairseach fhaofa a fhormhuiniú go foirmiúil ag an mBord, ar féidir leis srianta sonracha a ghearradh maidir le haon diúscairt den saghas sin.
- 8.41 Diúscairtí a thabhairt le fios don Bhord:** Ba cheart sonraí faoi na diúscairtí sócmhainní nó na deonuithe rochtana ar réadmhaoin nó bonneagar le haghaidh socruithe tráchtála le tríú páirtithe (seachas le haghaidh tríú páirtithe bainteacha, faoi mar a phléitear in alt 8.40) faoi bhun luach tairisí €150,000 gan

cheant nó próiseas tairisceana iomaíche a thabhairt le fios don Bhord, an praghas a íocadh agus ainm an cheannaitheora, ina measc, ar bhonn bliantúil.

- 8.42 Diúscairtí a thabhairt le fios don Aire:** Ba cheart sonraí agus mínithe do na diúscairtí sócmhainní nó na deonuithe rochtana ar réadmhaoin nó bonneagar le haghaidh socrúithe tráchtála le tríú páirtithe os cionn na tairisí €150,000 nach raibh faoi réir ceant nó próiseas tairisceana iomaíche a chur san áireamh i dtuarascáil chuimsitheach an Chathaoirligh leis an Aire ábhartha (féach alt 1.9 den cháipéis Riachtanais um Thuairisciú Gnó agus Airgeadais).
- 8.43 Comhlíonadh:** Ba cheart don Chathaoirleach, sa tuarascáil chuimsitheach leis an Aire ábhartha, a dhearbhu gur comhlíonadh na nósanna imeachta diúscairt, faoi mar a dtugtar cuntas orthu.

Comhlíonadh Cánach

- 8.44 Imréiteach Cánach:** Tá Bord an chomhlachta Stáit freagrach as a shásamh dó féin go gcloítear go hiomlán le haon riachtanais Imréitigh Cánach i dtaca le deontais, fóirdheontais agus íocaíochtaí dá macasamhail a íoc, agus maidir le Conarthaí Earnála Poiblí. Caithfidh deimhniú imréitigh cánach bailí a bheith ag aon duine aonair nó comhlacht nuair a iontráiltear isteach i gconradh agus ba cheart dóibh deimhniú imréitigh cánach bailí a choimeád nó, nuair is conradh ábhartha⁴⁰ an conradh, comhlíonadh sásúil cánach fochonraitheora a léiriú ag tráth gach íocaíochta.
- 8.45 Cánachas:** Ba cheart go mbeadh comhlachtaí Stáit eiseamláireach nuair a bhíonn dlíthe cánachais á gcomhlíonadh acu agus ba cheart dóibh a chinntiú go n-íoctar gach dliteanais cánach ar na dátaí dlite ábhartha nó roimhe sin. Caithfidh boird chomhlachtaí Stáit aird a thabhairt ar aon phleananna athstruchtúraithe chorparáidigh a bheartaítear agus ba cheart dóibh a chinntiú go dtugtar fúthu ar chúiseanna tráchtála bona fide, seachas mar chuid d'aon scéim seachanta cánach.
- 8.46 Seachaint Cánach:** Níor cheart do chomhlachtaí Stáit, fad a gcuirtear na socrúithe dlisteanacha cánachais go léir ar fail dóibh, tabhairt faoi idirbhearta do-ghlactha seachanta cánach. I dtéarmaí fairsinge, is maslach an rud é an cháin a sheachaint má úsáidtear an cód cánach ar chuspóir eile seachas an cuspóir a bhí beartaithe ag an Oireachtas (úsáid neamhbheartaithe a bhaint as dreasacht chánach ina measc) ag féachaint leis an méid cánach a laghdú atá le híoc ag an gcomhlacht Stáit nó ag páirtí eile le hidirbheart ina nglacann an comhlacht Stáit páirt. Nuair a thagann amhras chun solais i gcás ar leith, ba cheart don chomhlacht Stáit atá i gceist dul i gcomhairle leis na Coimisinéirí Ioncaim.

Nuair a theastaíonn faomhadh Aire le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin reachtaíocht d'aon idirbheart airgeadais, ba cheart don Chathaoirleach deimhniú a sholáthar ó na Coimisinéirí Ioncaim go gcomhlíonann cóireáil cánach an idirbhirt airgeadais dlí cánach na hÉireann.

- 8.47 Tuarascáil leis an Roinn:** Ba cheart tuarascáil ar chomhlíonadh dlíthe cánach ag an gcomhlacht Stáit a sholáthar gach bliain dá máthair-Roinn ábhartha. Ba cheart go ndeimhneofaí sa tuarascáil gur comhlíon an comhlacht Stáit a chuid oibleagáidí faoin dlí cánach.

⁴⁰ Is ionann conradh ábhartha agus conradh chun tabhairt faoi shaothar nó saothar a sholáthar ar mhaithe le tabhairt faoi oibríochtaí ábhartha sa tionscal tógála, foraoiseachta nó próiseála feola. Foinse: (<http://www.revenue.ie/en/tax/rct/>)

Díospóidí dlíthiúla ina bhfuil baint ag Comhlachtaí Stáit Eile

8.48 Díospóidí Dlíthiúla: Nuair a bhíonn baint ag comhlacht Stáit eile i ndíospóid dhlíthiúil, mura gceanglaítear a mhalairt i reacht, ba cheart gach iarracht a dhéanamh chun idirghabháil, eadránú nó chun réiteach a dhéanamh ar bhealach eile sula dtaibhítear costais dlí chostasacha. Ba cheart do chomhlachtaí Stáit an cur chuige is cost-éifeachtúla a lorg maidir le díospóidí dlíthiúla.

Anuas ar an riachtanas tuairiscithe bhliantúil maidir le sonraí faoi dhíospóidí dlíthiúla le comhlachtaí Stáit eile, ceanglaítear ar chomhlachtaí Stáit sonraí a sholáthar faoi na díospóidí dlíthiúla siúd maidir le caiteachas €25,000 nó os a chionn don mháthair-Roinn agus do rannóg Vóta ábhartha na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, uair sa bhliain faoin 30 Meitheamh gach bliain, meastachán ina measc ar na costais dlí a taibhíodh a fhad le dáta na faisnéise sin.

9. Luach Saothair agus Aoisliúntas

Prionsabail

Ceanglaítear ar chathaoirligh agus Boird na gcomhlachtaí Stáit go léir beartas Rialtais a chur i bhfeidhm maidir leis an bpacáiste luach saothair iomlán (buntuarastal, liúntais, agus na sochair go léir eile in airgead tirim nó na sochair chomhchineáil go léir eile ina measc), agus maidir le forálacha eile d'aoisliúntas agus sochair foirceanta, de chuid POFanna/Stiúrthóirí Bainistíochta na gcomhlachtaí Stáit.

Ceanglaítear ar chathaoirligh agus Boird chomhlachtaí Stáit, chomh maith, chun aon bheartas Rialtais ábhartha a chur i bhfeidhm, faoi mar léirítear ó thráth go chéile, maidir le luach saothair an Bhoird agus na foirne eile. Baineann bunriachtanas leis an ról seo maidir le hiontaoibh an phobail a chothú, anuas ar inchreidteacht an chomhlachta phoiblí atá i gceist, agus an cháil atá air.

Ba cheart don Bhord cloí le beartas Rialtais ar shocruithe íocaíochta do POFanna agus, nuair is infheidhme, don fhoireann eile i gcomhlachtaí Stáit tráchtála, anuas ar aon choinníollacha smachtbhanna a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus/nó an máthair-Roinn ábhartha.

Ceanglaítear ar chomhlachtaí Stáit sonraí a fhoilsiú ina dtuarascáil bhliantúil faoi tháillí neamhthuarastail a íocadh maidir leis an mBord, anailís de réir catagóire, agus tuarastal an POF.

Taistil agus Siamsaíochta Oifigiúil

Forálacha an Chóid

Ba cheart do chomhlachtaí Stáit tráchtála agus neamhthráchtála aird a thabhairt ar an ngá le barainneacht agus éifeachtúlacht a bhaint amach maidir le caiteachas ar thaisteal agus siamsaíocht oifigiúil.

Ba cheart do chomhlachtaí Stáit glacadh le ciorcláin agus fógraí oifige na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus iad a chomhlíonadh, faoi mar a leasaítear ó thráth go chéile, maidir le taisteal agus cothabháil agus siamsaíocht oifigiúil.

Cuimsítear an Treoir maidir le Luach Saothair agus Aoisliúntas i gcomhlachtaí Stáit sa Chód Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú – Treoir maidir le Luach Saothair agus Aoisliúntas atá ar fáil ag govacc.per.gov.ie/governance-of-state-bodies/.

10. Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí

Prionsabal

Sa déileáil a bhíonn acu leis an bpobal, ba cheart do chomhlachtaí Stáit cairt chustaiméirí a fhoilsiú ina dtugtar cuntas ar chineál agus cáilíocht na seirbhíse ar féidir le custaiméirí súil a bheith acu leis.

Forálacha an Chóid

- 10.1 Cairt Chustaiméirí:** Ba cheart go mbeadh cairt chustaiméirí ag gach comhlacht Stáit ina leagtar amach an leibhéal seirbhíse ar féidir le custaiméirí súil a bheith acu leis.
- 10.2 Céimeanna na Cairte Custaiméirí:** Baineann an méid seo a leanas leis an gcairt chustaiméirí 4 chéim:
- Comhairliúchán le custaiméirí / páirtithe leasmhara;
 - Tiomantas do chaighdeáin seirbhíse;
 - Meastóireacht ar fheidhmíocht; agus
 - Tuairisciú ar thorthaí.
- 10.3 Taispeáint agus Ábhar:** ba cheart cairteacha custaiméirí a thaispeáint go feiceálach (ar láithreáin ghréasáin agus ag pointí seirbhíse). Ba cheart go luafaí sa chairt tiomantas an chomhlachta Stáit do sheirbhísí a sholáthar dá custaiméirí i gcomhréir le dhá Phrionsabal déag na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus Cliant na Seirbhíse Poiblí (féach Aguisín G). Ba cheart go saineofaí sa chairt chustaiméirí caighdeáin seirbhíse i dtéarmaí soiléire agus i bhfriotal neamhchasta agus ba cheart go gcuirfeadh sé custaiméirí ar an eolas ar mheicníochtaí teagmhála agus aiseolais.
- 10.4 Plean Gníomhaíochta Custaiméirí:** Ba cheart go dtacódh plean gníomhaíochta custaiméirí leis an gcairt chustaiméirí, ina ndéantar cur síos go mionsonraithe ar conas a sholáthróidh agus a mheasúnóidh an comhlacht Stáit na tiomantais agus caighdeáin a leagtar amach sa chairt chustaiméirí agus conas a fheabhsófar seirbhís eile do chustaiméirí.
- 10.5 Cairteacha Custaiméirí agus Pleananna Gníomhaíochta Custaiméirí:** Ba cheart cairteacha custaiméirí agus pleananna gníomhaíochta custaiméirí a chur le chéile mar chuid den phróiseas céanna agus ba cheart ról ar leith ach chomhlántacha, mar sin féin, a bheith acu. Cé gur cáipéis ghearr sholáite inrochtana an chairt chustaiméirí a ghníomhaíonn mar thiomantas poiblí don chustaiméir ar leibhéal na seirbhíse ar féidir le custaiméirí súil a bheith acu leis go gcuirfear ar dóibh nuair a dhéileálann siad le comhlacht Stáit, cáipéis níos mionsonraithe atá sa plean gníomhaíochta custaiméirí ina ndéantar cur síos ar conas a dhéanfaidh an comhlacht Stáit tiomantais na cairte custaiméirí a sholáthar agus a mheasúnú. Ba cheart go mbeadh an t-amfhráma céanna ag an dá cháipéis (3 bliana, go hidéalach).

Aguisín G: Prionsabail Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus Cliant na Seirbhíse Poiblí

Gluais

Ar mhaithe leis an gCód seo, beidh an bhrí seo a leanas ag na téarmaí thíos:

- **Oifigeach Cuntasaíochta** – Tugtar sainmhíniú seo a leanas in Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 ar Oifigeach Cuntasaíochta *“oifigeach dá dtagraítear in Alt 22 den [Exchequer and Audit Department’s Act, 1866] ar a sanntar an dualgas chun cuntais leithreasa Roinne faoin alt sin”*.
 - **Tuarascáil Bhliantúil**– Tuarascáil ina sonraítear gnéithe maisiúla agus feidhmíocht airgeadais an chomhlachta Stáit i rith na bliana roimhe sin. Áirítear leis na ráitis airgeadais agus d’fhéadfaí a áireamh leis, chomh maith, tuarascálacha uathu siúd atá freagrach as rialachas (mar shampla, Cathaoirleach an Bhoird), athbhreithniú ar straitéis agus feidhmíocht, faisnéis ar bhainistíocht riosca agus rialachas an chomhlachta Stáit anuas ar fhaisnéis eile do pháirtithe leasmhara.
 - **POF**– Príomhoifigeach Feidhmiúcháin.
 - **Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh leis an Aire** – Litir rúnda ó Chathaoirleach Bhord comhlacht Stáit le hAire na máthair-Roinne.
 - **CIPFA** – Institiúid Chairte Airgeadais agus Cuntasaíochta Poiblí.
 - **Duine Bainteach**⁴¹ – Sonraítear in Alt 220 d’Acht na gCuideachtaí, 2014 nach bhfuil duine bainteach le stiúirtheoir cuideachta ach amháin sna cásanna seo a leanas (murab é nó ní stiúirtheoir na cuideachta):
 - (a) céile, páirtneoir sibhialta, tuismitheoir, deartháir, deirfiúr nó leanbh an stiúirtheora sin;
 - (b) duine a ghníomhaíonn ina c(h)áil mar iontaobhaí d’aon iontaobhas, arb iad príomhthairbhíthe an iontaobhais sin an stiúirtheoir, céile (nó páirtneoir sibhialta) nó aon leanaí an stiúirtheora sin nó aon chomhlacht corparáideach a rialaíonn an stiúirtheoir sin; nó
 - (c) i gcomhar leis an stiúirtheoir sin.
- Meastar go n-áirítear leis an téarma “leanbh” dá dtagraítear thuas leanbh pháirtneoir sibhialta an stiúirtheora a bhfuil gnáthchónaí air/uirthi leis an stiúirtheoir agus an páirtneoir sibhialta.
- **Dualgas Muiníne** – Oibleagáid dhlíthiúil pháirtí amháin chun gníomhú chun sárleasa páirtí eile. Leagtar amach príomhdhualgais mhuiníne stiúirtheoir cuideachta in Alt 228 d’Acht na gCuideachtaí, 2014.
 - **Ráitis Airgeadais** – Taifead foirmiúil ar ghníomhaíochtaí agus staid airgeadais an chomhlachta Stáit don bhliain airgeadais dheireanach, nochtadh ina, atá in ainm is acmhainní nó oibleagáidí geilleagracha an chomhlachta Stáit a chur in iúl ag pointe ama nó na hathruithe ansin istigh do thréimhse ama i gcomhréir le creat um thuairisciú airgeadais.
 - **CTA** – An Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais (an Ríocht Aontaithe).
 - **CIC**– Cónaidhm Idirnáisiúnta na gCuntasóirí.
 - **Comhfhiontar** – Aonán gnó is ea comhfhiontar a chruthaíonn dhá pháirtí nó níos mó, a mbíonn úinéireacht roinnte, tuairisceáin agus rioscaí roinnte agus rialachas roinnte mar thréith de, de ghnáth.
 - **Litir Uirill** – Litreacha ó chomhaltaí Boird iad litreacha uirill ionadaíochta ó chomhaltaí Boird a sheoltar chuig na hiniúcháirí seachtracha. Déantar uirill sa litir maidir le suimeanna sna ráitis airgeadais agus gnéithe den iniúchadh.

⁴¹ Féach alt 220 d’Acht na gCuideachtaí, 2014.

Déanann na hiniúcháirí seachtracha an litir a dhréachtú ag deireadh an iniúchta agus is gnách go gcuireann an Cathaoirleach ag deireadh an POF faoi bhráid an Bhoird í lena síniú.

- **Litir Bhainistíochta** – Litreacha iad litreacha bainistíochta ó na hiniúcháirí le suíomh na bainistíochta ina leagtar amach teipeanna / laigí ar thángthas orthu i rith na hiniúcháireachta. Murach go bhfuil na laigí nó teipeanna siúd ábhartha, eiseoidh na hiniúcháirí tuarascáil ghlan/neamhcháilithe/neamh-mionathraithe. Tá ar an mbainistíocht freagairtí a ullmhú ar na pointí a thugtar chun solais sa litir bhainistíochta. Tá ar an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca maoirseacht a dhéanamh ar na moltaí a dhéantar i litir bhainistíochta an iniúchára sheachtraigh a chur i bhfeidhm a ndéanfaidh na hiniúcháirí measúnú leantach orthu an bhliain dar gcionn.
- **NewERA** – An tÚdarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh an Gheilleagair
- **OSFC** – Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach.
- **An ECFE** – An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta.
- **Comhaontú Maoirseachta** – Ráiteas scríofa idir an tAire/an mháthair-Roinn agus an comhlacht Stáit ábhartha faoina choimirce a shainíonn go soiléir téarmaí chaidreamh na máthair-Roinne/an Aire leis an gcomhlacht Stáit.
- **Máthair-Roinn** – An Roinn a bhfuil an comhlacht Stáit faoina coimirce.
- **Comhaontú Soláthair Feidhmíochta** – Comhaontú idir an tAire/an mháthair-Roinn agus an comhlacht Stáit ábhartha faoina choimirce ina ndéantar leibhéal seirbhíse comhaontaithe foirmiúil. Tá cuid de chomhaontú maoirseachta i gcomhaontú soláthair feidhmíochta.
- **Comhlacht Rialála** – Féach an sainmhíniú ar leathanach 8 den cháipéis seo.
- **Comhlacht Stáit** – Féach leathanach 11 den cháipéis seo.
- **Fochuideachta** – Cuideachta atá i bhfochuideachta atá á rialáil ag an gcuideachta shealbháochta nó an mháthairchuideachta – is minic go dtugann sealúchais de bhreis ar 50% de scairchaipiteal vótála na cuideachta é seo le fios. Tá fochuideachta faoi úinéireacht iomlán faoi úinéireacht 100% ag sealúchas nó ag máthairchuideachta

Leabharliosta

- Lámhleabhar an Choiste um Dhearbhú Iniúchóireachta agus Riosca (*Cisteán na Banríona, Márta 2016*)
- Treoir do Chathaoirligh maidir le Dea-Rialachas (*Fóram Cathaoirligh Chomhlachtaí Stáit, Samhain 2009*)
- Comhlachtaí in Éirinn a bhfuil Cumhachtaí Rialála acu (*Roinn an Taoisigh, Feabhra 2007*)
- Caighdeán Rialachais Chorporáidigh don Státseirbhís (*an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Samhain 2015*)
- Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS 102 (*an CTA, Lúnasa 2014*))
- Prionsabail Rialachais Chorporáidigh G20/an ECFE (*an ECFE, Meán Fómhair 2015*)
- Páipéar Treorach ar Mhaoiniú, Athstruchtúru agus Príobháidiú Fiontar faoi Úinéireacht an Stáit atá comhlíontach i dtaobh Cúnamh Stáit (*an Coimisiún Eorpach, Feabhra 2012*)
- Treoirlínte maidir le Ceapacháin le Boird Stáit (*an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Samhain 2014*)
- Treoirlínte maidir le Rialachas Corparáideach Fiontar faoi Úinéireacht an Stáit (*an ECFE, 2015*)
- Rialú Inmheánach: Treoir Leasaithe do Stiúrthóirí ar an gComh-Chód (*an CTA, Deireadh Fómhair 2005*)
- Creat Idirnáisiúnta: Dea-Rialachas san Earnáil Phoiblí (*an IFAC/CIPFA, Iúil 2014*)
- Caighdeán Idirnáisiúnta do Chleachtas Gairmiúil na hIniúchóireachta Inmheánaí (Caighdeán) (*an Institiúid Iniúchóirí Inmheánacha, 2012*)
- Príomhdhualgais agus Cumhachtaí Stiúrthóirí Cuideachta faoi Acht na gCuideachtaí (*Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, 2015*)
- Treoirlínte Seirbhíse Poiblí (an 10ú hEagrán) (*an Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, Samhain 2015*)
- Cód Rialachais Chorporáidigh an RA (*an CTA, 2016*)

Aguisín A

Téarmaí Tagartha Samhla an Bhoird

Nóta: Sampla léiritheach é seo de théarmaí tagartha Boird ina leagtar amach an méid ba cheart a chur san áireamh, de ghnáth. Níl na riachtanais a chuimsítear thíos críochnaitheach. Ba cheart téarmaí tagartha an Bhoird a chur san áireamh i taobh chúinse ar leith an chomhlachta Stáit tráchtála.

Téarmaí Tagartha an [Aonáin]

Bunaíodh [aonán] faoin Acht [iontráil an tAct], 20xx le héifeacht ón 1 Eanáir 20xx. **Ghlac [aonán]** le córas rialachais chorparáidigh i gcomhréir le dea-chleachtas.

Is é cuspóir na cáipéise seo chun téarmaí tagartha Bhoird [aonán] a leagan amach. Tá na téarmaí tagartha seo a fhaomhann an Bord an [lá mí bliain] éifeachtach ón [lá mí bliain].

1. Ballraíocht

- Ceapfaidh an tAire [x] comhaltaí an Bhoird i gcomhréir le hAlt [x] den Acht. Beidh ar a laghad [x] comhalta sa Bhoird, a mbeidh [x] díobh ina gcomhaltaí neamhfheidhmiúcháin neamhspleácha Boird.
- Níl an ceart ach ag comhaltaí an Bhoird chun freastal ar chruinnithe Boird. Is féidir cuireadh a thabhairt do dhaoine aonair eile, áfach, ar nós an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, an Phríomhoifigigh Oibriúcháin, an Phríomhoifigigh Riosca, ceann acmhainní daonna agus comhairleoirí seachtracha chun freastal ar an gcuid iomlán de chruinniú nó ar chruinniú ar bith, nuair is gá agus más gá.
- Mairfidh ceapacháin leis an mBord ar feadh tréimhse a fhad le [x] bliain, agus is féidir sínte tréimhse bhreise amháin [x] bliain a chur leo.
- In éagmais an Chathaoirligh, toghfaidh na comhaltaí eile duine dá líon chun cathaoirleacht a dhéanamh ar an gcruinniú.

2. Rúnaí an Bhoird

- Cinnteoidh Rúnaí an Bhoird go dtugtar faisnéis agus páipéir don Bhoird ar bhealach tráthúil lena chur ar chumas breithniú iomlán agus ceart a dhéanamh ar na saincheisteanna.
- Tá Rúnaí an Bhoird freagrach, chomh maith, as ionduchtúchán foirmiúil a dhéanamh ar chomhaltaí nua an Bhoird agus as meantóireacht a dhéanamh ar chomhaltaí Boird nuair is gá.

3. Córam

- Is ionann a bheidh an córam a theastaíonn chun gnó a dhéanamh agus [x] comhalta. Beidh cruinniú den Bhoird a thionóltar go cuí a mbíonn córam i láthair ann inniúil chun gach ceann nó aon cheann de na húdaráis, cumhachtaí agus lánroghanna a fheidhmiú a dhílsítear sa Bhoird nó is féidir leis an mBord a fheidhmiú.

4. Minicíocht Chruinnithe

- Casfaidh an Bord ar a laghad [x] uair sa bhliain, agus gach uair eile a theastaíonn.

5. Fógra faoi Chruinnithe

- Déanfaidh Rúnaí an Bhoird cruinnithe an Bhoird a thionól ar iarraidh Chathaoirleach an Bhoird.

- Murar comhaontaíodh air, ar bhealach eile, seolfar fógra faoi gach cruinniú ina ndeimhnítear an t-ionad, an t-am agus an dáta, sa mhullach ar an gclár earraí atá le plé, chuig gach comhalta an Bhoird agus aon duine eile ar gá dóibh freastal tráth nach déanaí ná trí lá oibre roimh dháta an chruinnithe. Seolfar páipéir thacaíochta chuig na comhaltaí Boird agus chuig an lucht freastail eile, faoi mar is cuí, ag an am céanna.

6. Miontuairiscí Cruinnithe

- Glacfaidh Rúnaí an Bhoird miontuairiscí faoi imeachtaí agus réitigh chruinnithe uile an Bhoird, agus cuirfear i dtaifead ainmneacha iad siúd a bhí i láthair agus a d'fhreastail, chomh maith.
- Scaipfear miontuairiscí cruinnithe Boird ar gach comhalta an Bhoird.

7. Dualgais

- Déanfaidh an Bord freagracht oibríochtúil a tharmligean as reáchtáil laethúil an chomhlachta Stáit ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ar fhoireann bhainistíochta an chomhlachta Stáit.
- Monatóireacht ar fheidhmíocht – gheobhaidh an Bord tuairiscí rialta ó fhoireann bhainistíochta an chomhlachta Stáit agus ó fho-choistí an Bhoird.
- Cuirfidh an Bord idir chomhairle agus tacaíocht ar fáil don Chathaoirleach, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an bhainistíocht.
- Sásóidh an Bord dó féin go bhfuil rialuithe airgeadais agus córais bhainistíochta riosca daingean agus inchosanta.
- Coimeádfaidh an Bord é féin cothrom le dáta agus go hiomlán ar an eolas faoi shaincheisteanna agus athruithe straitéiseacha a dhéanann difear don chomhlacht Stáit agus don timpeallacht ina n-oibríonn sé.
- Cinnteoidh an Bord, ar cheapadh leis an mBord, go bhfaigheann comhaltaí neamhfheidhmiúcháin Bhoird litir fhoirmiúil cheapacháin ina leagtar amach go soiléir an méid a mbítear ag súil leis uathu i dtaobh tiomantais, seirbhíse ar an gcoiste agus rannpháirtíochta lasmuigh de chruinnithe Boird.
- Is féidir leis an mBord, ó thráth go chéile, coistí siúd an Bhoird a bhunú is riachtanach chun cabhrú leis a dhualgais a fheidhmiú. Is féidir leo comhaltaí a áireamh nach comhaltaí den Bhoird iad má theastaíonn sainscileanna. Nuair a chuirtear coiste i bhfeidhm:
 - sonróf ar na téarmaí tagartha i scríbhinn agus déanfaidh an Bord iad a fhaomhadh agus a athbhreithniú gach bliain;
 - ceapfaidh an Bord, ar ainmniú an Chathaoirligh, a chuid comhaltaí;
 - gheobhaidh an Bord tuairiscí rialta ón gcoiste.
 - cuirfear gach prótacal a bhaineann le hoibriú an Bhoird i bhfeidhm ar choiste;
 - scaipfear miontuairiscí cruinnithe coiste ar gach comhalta an Bhoird.
- Déanfaidh an Bord athbhreithniú ar thorthaí phróiseas measúnaithe feidhmíochta an Bhoird a bhaineann le comhdhéanamh an Bhoird agus rialachas corparáideach go ginearálta.
- Leanfaidh an Bord le hathbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar fhorbairt a thagann ar rialachas corparáideach (ceisteanna ina measc a bhaineann le heitic) a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don chomhlacht Stáit, agus é ina aidhm a chinntiú go leanann beartais agus cleachtais rialachais chorparáidigh an chomhlachta Stáit a bheith ar aon dul le dea-chleachtas.
- Cinnteoidh an Bord, chomh maith, go gcloítear leis na prionsabail agus na forálacha a leagtar amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (agus aon chóid eile rialachais chorparáidigh a bhaineann leis an gcomhlacht Stáit).

8. Freagrachtaí Tuairiscithe

- Coimeádfaidh an Bord Aire na máthair-Roinne ar an eolas ar cheisteanna a thagann chun solais laistigh den chomhlacht Stáit.

9. Eile

- Déanfaidh an Bord, ar a laghad uair sa bhliain, athbhreithniú ar a fheidhmíocht, bunreacht agus téarmaí tagartha lena chinntiú go bhfuil sé ag oibriú de réir na héifeachtachta uasta agus go bhfuil aon athruithe á gcur i bhfeidhm aige a mheasann sé is gá.

10. Údarás

- Tá údarás ag an mBord an fhaisnéis a lorg a theastaíonn uaidh ón gcomhlacht Stáit chun tabhairt faoina dhualgais.
- Tá údarás ag an mBord comhairle sheachtrach nó eile ghairmiúil a fháil, ar chostas an chomhlachta, nuair a mheasann siad gur gá amhlaidh a dhéanamh chun a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh mar chomhaltaí Boird.

Oibleagáidí faoin Reachtaíocht Eitice

Caithfidh iad siúd go léir a bhfuil stiúirthóireachtaí ainmnithe (ballraíocht de Bhord) acu nó a bhfuil poist ainmnithe fostaíochta acu i gcomhlachtaí poiblí, dá bhforordaítear i rialachán chun críocha na reachtaíochta Eitice (i.e. na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001), forálacha ábhartha na reachtaíochta a chomhlíonadh. Meastar gurb ionann comhlíonadh na nAchtanna Eitice agus coinníoll de cheapachán nó fostaíocht. Cé go gcuirtear an achoimre thíos ar fáil ar mhaithe le faisnéis, d'fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún um Chaighdeáin) treoirínte mionsonraithe ar chomhlíonadh na nAchtanna Eitice ar a [láithreán gréasáin](#).

Tá oibleagáid ar gach duine faoi na hAchtanna chun gníomhú i gcomhréir leis na treoirínte agus aon chomhairle a thugann an Coimisiún um Chaighdeáin, murach go mbeadh foráil eile den reachtaíocht á sárú acu trí amhlaidh a dhéanamh.

Leasanna Inchláráithe a Nochtadh

Foráiltear san Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, go nochtann sealbhóirí ballraíocht ainmnithe Bhoird agus sealbhóirí poist ainmnithe fostaíochta i gcomhlachtaí poiblí dá bhforordaítear chun críocha na reachtaíochta Eitice, leasanna inchláráithe. Go hachomair, is iad na riachtanais:

Comhaltaí Ainmnithe Boird: Ceanglaítear orthu siúd gach bliain, a mbíonn nó a bhí ballraíocht de Bhord ainmnithe acu de chuid comhlacht poiblí le linn na bliana sin nó le linn aon choda den bhliain sin, dá bhforordaítear i rialacháin a rinne tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chun ráiteas a ullmhú agus a sholáthar, i cibé foirm a chinneann an tAire, i scríbhinn ar a leasanna inchláráithe, agus ar leasanna, a bhfuil eolas iarbhír ag duine orthu, de chuid a c(h)eile nó a p(h)áirtnéara sibhialta, leanbh an duine nó leanbh chéile nó pháirtneír sibhialta an duine, a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar, nó maidir le, feidhmiú fheidhmeanna oifigiúla an duine mar gheall ar an gcaoi go bhféadfadh an feidhmiú sin an tionchar sin a imirt ar na leasanna siúd amhail a bhronnfaí ar, nó a shiarchoinneofaí ón, duine, a c(h)eile nó a p(h)áirtneír sibhialta, leanbh an duine nó leanbh chéile nó pháirtneír sibhialta an duine, tairbhe substainteach. Caithfear an ráiteas a sheoladh chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin agus chuig an oifigeach siúd den chomhlacht a chinneann an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Poist Ainmnithe Fostaíochta: Ceanglaítear orthu siúd gach bliain, a mbíonn nó a bhí fostaíocht acu i gcomhlacht poiblí le linn na bliana sin nó le linn aon choda den bhliain sin, dá bhforordaítear i rialacháin a rinne tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chun ráiteas a ullmhú agus a sholáthar, i cibé foirm a chinneann an tAire, i scríbhinn ar a leasanna inchláráithe, agus ar leasanna, a bhfuil eolas iarbhír ag duine orthu, de chuid a c(h)eile nó a p(h)áirtnéara sibhialta, leanbh an duine nó leanbh chéile nó pháirtneír sibhialta an duine, a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar, nó maidir le, feidhmiú fheidhmeanna oifigiúla an duine mar gheall ar an gcaoi go bhféadfadh an feidhmiú sin an tionchar sin a imirt ar na leasanna siúd amhail a bhronnfaí ar, nó a shiarchoinneofaí ón, duine, a c(h)eile nó a p(h)áirtneír sibhialta, leanbh an duine nó leanbh chéile nó pháirtneír sibhialta an duine, tairbhe substainteach. Caithfear an ráiteas a sheoladh chuig an údarás ábhartha don phost faoi mar a chinneann an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Leasanna Ábhartha: Tá ar shealbhóir ballraíocht ainmnithe Bhoird nó sealbhóir post ainmnithe fostaíochta ráiteas ar leas ábhartha a sholáthar nuair a bhíonn feidhm le feidhmiú, agus nuair a bhíonn leas ábhartha ag an gcomhalta Boird nó an fostaí nó “duine bainteach” (e.g. gaol nó comhpháirtí gnó leis an gcomhalta Boird nó an fostaí) i gceist lena mbaineann an feidhm. Caithfidh comhalta ainmnithe Boird an ráiteas sin a sholáthar do chomhaltaí Boird eile an chomhlachta poiblí nó caithfidh sealbhóir post ainmnithe fostaíochta é a sholáthar don údarás ábhartha. Níor cheart tabhairt faoin bhfeidhm murach go bhfuil cúiseanna an-láidre ann le hamhlaidh a dhéanamh. Má bheartaíonn comhalta ainmnithe Boird nó sealbhóir ainmnithe post fostaíochta tabhairt faoin bhfeidhm, caithfidh sé nó sí, sula ndéanann sé nó sí é, nó mura bhfuil sin praiticiúil go réasúnta, a luaite agus is féidir ina dhiaidh sin, ráiteas a ullmhú agus a sholáthar i scríbhinn ar na cúiseanna an-láidre do na comhaltaí

Boird eile agus is féidir don Choimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí más comhaltaí Boird ainmnithe é/í, no chuig an údarás ábhartha mas fostaí é/í. Baineann an oibleagáid seo cé acu má nó murar nochtadh an leas cheana féin i ráiteas ar leasanna incláraithe.

Oibleagáidí Imréitigh Cánach Ceapaithe le “hOifig Shinsearach”

Baineann forálacha imréitigh cánach an Achta um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001 le daoine a ceapadh le “hoifig shinsearach”, i.e. le post ainmnithe fostaíochta nó le comhaltaí Boird ainmnithe i gcomhlacht poiblí faoin Acht Eitice 1995, nach n-íoctar luach saothair níos lú ná an luach saothair is ísle a íoctar le Leas-Ard-Rúnaí sa státseirbhís don phost. Caithfidh gach duine a cheaptar le “oifig shinsearach” bhallaíocht ainmnithe Bhoird an méid seo a leanas a sholáthar don Choimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí tráth nach déanaí ná naoi mí i ndiaidh an dáta a ceapadh é nó í:

- deimhniú imréitigh cánach atá i bhfeidhm agus a eisíodh don duine tráth nach faide ná naoi mí roimhe sin, agus tráth nach faide ná naoi mí i ndiaidh, dháta an cheapacháin; nó
- deimhniú imréitigh cánach atá i bhfeidhm agus a eisíodh don duine tráth nach faide ná naoi mí roimhe sin, agus tráth nach faide ná naoi mí i ndiaidh, dháta an cheapacháin; agus
- dearbhú reachtúil, a rinne an duine tráth nach faide ná aon mhí roimhe sin, agus tráth nach faide ná aon mhí i ndiaidh, dháta an cheapacháin, go bhfuil sé nó sí, chomh fada agus is eol dó nó di agus a chreideann sé nó sí, i gcomhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar air nó uirthi sna hAchtanna Cánach agus nach bhfuil an eolas aige nó aici ar aon srian ar Deimhniú Imréitigh Cánach a eisiúint.

Imscrúduithe

Is féidir leis an gCoimisiún um Chaighdeán imscrúdú a dhéanamh ar Bhord agus fostaithe comhlachtaí poiblí, cé acu nuair a mheasann siad gur cuí é sin a dhéanamh, nó i ndiaidh go ndearnadh gearán, nó nuair a sháraítear na ceanglais imréitigh cánach, agus nuair nach ann d’aon rud a chuireann cosc ar an gCoimisiún um Chaighdeán ón gCód seo a chur san áireamh in imscrúdú den sórt seo.

Faisnéis agus Comhairle Bhreise

Cuirtear an t-aguisín seo ar fáil ar mhaithe le cuspóirí faisnéise amháin aguisín ní hionann é agus léirmhíniú dlíthiúil ar na hAchtanna Eitice. Ba cheart aird a thabhairt, ar an gcéad dul síos, ar threoirínte an Choimisiúin um Chaighdeán. Ba cheart iarrataí ar chomhairle maidir leis an reachtaíocht a chomhlíonadh a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeán.

Réamhrá

Seo creat molta do Chód Iompair do Bhord agus fostaithe comhlachtaí Stáit. Ba cheart an Cód Iompair a ullmhú trí chur chuige rannpháirtíoch agus ba cheart don Bhord é a fhaomhadh, agus forálacha an Achta um Eitic in Oifig Poiblí, 1995 agus na cóid éagsúla a rinneadh dó, á gcur san áireamh. Ba cheart go rachfaí i ngleic i gCód Iompair den sórt sin leis na ceisteanna seo a leanas:

Rún agus Scóip

Ba cheart go gcuimseofaí ann cur síos ar chineál, rún agus scóip chur i bhfeidhm an Chóid Iompair.

Cuspóirí

Ba cheart go leagfaí amach sa Chód Iompair cuspóirí bunúsacha, ar nós an mhéid seo a leanas:

- sraith chomhaontaithe prionsabail eiticiúla a bhunú;
- muinín agus iontaoibh a chur chun cinn agus a chothú; agus
- cosc a chur ar chleachtais mhí-eiticiúla a fhorbairt nó a ghlacadh.

Iomláine

- Leasanna seachtracha fostaíochta/gnó a nochtadh ag comhaltaí Boird a thagann salach ar nó a d'fhéadfadh teacht salach ar ghnó an chomhlachta Stáit.
- Níor cheart go mbeadh baint ag an mbainistíocht agus fostaithe i leasanna seachtracha fostaíochta/gnó, ná i gcoimhlint fhéideartha, ar ghnó an chomhlachta Stáit.
- Ba cheart bronntanais chorparáideacha, fáilteachas, caitheamh fabhrach nó sochair a thabhairt nó a fháil a sheachaint a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dó nó a bhféadfadh an chuma a bheith air go ndéanann sé difear do chumas an deontóra nó an fhaighteora chun breithiúnas neamhspleách a dhéanamh ar idirbhearta gnó.
- Bheith tiomanta chun dul san iomaíocht go bríomhar agus go fuinniúil ach go heiticiúil agus go hionraic, chomh maith.
- Ba cheart go mbeadh tabhairt faoi ghníomhaíochtaí ceannaigh earraí/seirbhísí i gcomhréir le dea-chleachtas gnó.
- Cultúr a chinntiú nach ndéantar ach costais a éileamh agus is cuí maidir le riachtanais ghnó agus i gcomhréir le dea-chleachtas san earnáil phoiblí go ginearálta.
- A chinntiú go léirítear i dtuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais an chomhlachta Stáit a bhfeidhmíocht gnó agus nach bhfuil siad míthreorach nó in ainm agus bheith míthreorach.
- A sheachaint úsáid a bhaint as acmhainní nó am an chomhlachta Stáit ar mhaithe le daoine/eagraíochtaí nach bhfuil baint acu leis an gcomhlacht nó a ghníomhaíochtaí nó ar mhaithe le hiomaitheoirí.
- Bheith tiomanta gan faisnéis nó rúin ghnó a fháil ar bhealach mícheart.

Faisnéis

- Tacaíocht a thugann an Bord, bainistíocht agus fostaithe comhlacht Stáit chun rochtain a sholáthar don chomhlacht ar fhaisnéis ghinearálta a bhaineann le gníomhaíochtaí an chomhlachta ar bhealach atá oscailte agus a fheabhsaíonn a chuntasacht leis an bpobal i gcoitinne.
- Meas a léiriú ar rúndacht faisnéise íogaire atá á coimeád ag an gcomhlacht Stáit. B'éard a bheadh i gceist leis seo ná ábhar ar nós an mhéid seo a leanas:
 - faisnéis atá íogair i dtaobh cúrsaí tráchtála (pleananna amach anseo nó sonraí faoi athruithe móra eagraíochtúla nó athruithe eile, ar nós athstruchtúrú ina measc, ach gan bheith teoranta dóibh);
 - faisnéis phearsanta; agus
 - faisnéis a fuair an comhlacht poiblí faoi rún.

- Cloí leis na nósanna imeachta cuí maidir le comhairliúchán roimh ré le tríú páirtithe nuair, as an ngnáth, go mbeartaítear scaoileadh le faisnéis íogair ar mhaithe le leas an phobail.
- Forálacha ábhartha reachtúla a chomhlíonadh (e.g. an reachtaíocht um chosaint sonraí agus um shaoráil faisnéise).

Oibleagáidí

- Gach oibleagáid rialála agus reachtúil a leagtar ar an gcomhlacht Stáit a chomhlíonadh.
- Nósanna imeachta mionsonraithe tairisceana agus ceannaigh a chomhlíonadh, anuas ar leibhéal fhorordaithe údaráis a chomhlíonadh chun aon chaiteachas ábhartha a cheadú.
- Rialuithe a thabhairt isteach chun cosc a chur ar chalois, rialuithe leordhóthanacha ina measc le comhlíonadh na nósanna imeachta forordaithe a chinntiú maidir le costais a éileamh ar thaisteal gnó.
- Tá ar gach comhalta Boird agus fostaí comhoibriú le hiniúcháireacht inmheánach sa phróiseas iniúcháireachta inmheánaí.
- Ba cheart do chomhaltaí Boird tabhairt faoi fhreastal ar gach cruinniú Boird.
- Cloí le nósanna imeachta a leagann an Bord síos maidir le cásanna coimhlinte leasa, maidir le glacadh le post ina measc i ndiaidh fostaíochta agus/nó fostaíocht ag comhlacht Stáit a d'fhéadfadh bheith mar chúis le coimhlintí leasa agus/nó le buarthaí rúndachta.
- An dualgas atá ar gach duine a aithint chun cloí leis na caighdeáin is airde d'eitic ghnó.

Dílseacht

- An fhreagracht atá orainn a bheith dílis don chomhlacht Stáit a aithint agus bheith tiomanta go hiomlán i ngach ceann dá ghníomhaíochtaí gnó agus aird a thabhairt air, i gcomhráth, go gcaithfidh an eagraíocht féin leasanna an scairshealbhóra a thabhairt san áireamh ag gach tráth.

Cothroime

e

- An reachtaíocht um chomhionannas fostaíochta agus stádas comhionann a chomhlíonadh.
- Bheith tiomanta do chothroime i ngach déileáil ghnó.
- Luach a léiriú ar chustaiméirí agus caitheamh le gach custaiméir go cothrom.

Timpeallacht Oibre/Sheachtrach

- Forbairt cultúir a chur chun cinn 'ina dtugtar rudaí le fios' inar féidir le hoibrithe buarthaí maidir le héagóir thromchúiseach san ionad oibre a thabhairt le fios gan eagla a bheith orthu roimh bheart díoltais.
- An tús áite is airde a thabhairt do shláinte agus sábháilteacht fostaithe a chur chun cinn agus a chaomhnú.
- A chinntiú go ndéantar breithniú iomlán ar bhuarthaí pobail.
- Aon tionchar díobhálach a imríonn oibríochtaí ar an timpeallacht a íoslaghdú.

Freagracht

- An Cód Iompair agus cáipéis bheartais ar nochtadh leasanna a scaipeadh ar gach comhalta Boird, an bhainistíocht agus fostaithe chun é a choimeád.
- A chinntiú go n-aithníonn na faighteoirí thuas go bhfuarthas agus go dtuigeann siad an céanna.
- Leabhrán mínitheach a ullmhú ina soláthraítear treoir agus treorú praiticiúil ar na limistéir sin, ar nós bronntanas agus siamsaíochta agus breithnithe eile eiticiúla a thagann chun solais go rialta.

Athbhreithniú

- Socrú a dhéanamh do, agus bheith tiomanta do, athbhreithniú a dhéanamh ar an gCód Iompair, faoi mar is cuí.

Réamhrá

Gníomhaíocht neamhspleách agus oibiachtúil dearbhaithe agus chun feabhas a chur sainchomhairleoireachta is ea Iniúcháireacht Inmheánach atá treoraithe ag an bhfealsúnacht ina gcuirtear luach le feabhas a chur ar oibríochtaí [iontráil ainm an aonáin]. Cabhraíonn sé le [iontráil ainm an aonáin] chun a chuspóirí a bhaint amach trí chur chuige córasach agus smachtaithe a chruthú i leith éifeachtacht rialachas, bainistíocht riosca agus rialú inmheánach na heagraíochta a mheasúnú agus a fheabhsú.

Ról

Tá an ghníomhaíocht iniúcháireachta inmheánaí bunaithe ag an mBord, an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca, nó an leibhéal is airde de chomhlacht rialaithe (dá dtagraítear ina dhiaidh seo mar an Bord). Déanann an Bord freagrachtaí na gníomhaíochta iniúcháireachta inmheánaí a shainiú mar chuid dá ról maoirseachta.

Údarás

Is ionann an ghníomhaíocht iniúcháireachta inmheánaí, a bhfuil cuntasacht as rúndacht agus taifid agus faisnéis a chosaint, agus rochtain iomlán, shaor agus neamhshrianta ar aon cheann agus gach ceann de thaifid, réadmhaoin fhisiciúil, agus pearsanra de chuid [iontráil ainm an aonáin] a bhaineann le tabhairt faoi aon sócrú. Iarrtar ar na fostaithe go léir chun cabhrú leis an ngníomhaíocht iniúcháireachta inmheánaí chun a ról agus freagrachtaí a chomhlíonadh. Beidh rochtain shaor agus neamhshrianta ag an ngníomhaíocht iniúcháireachta inmheánaí, chomh maith, ar an mBord.

Eagraíocht

Déanfaidh an ceann iniúcháireachta inmheánaí tuairisciú go feidhmiúil leis an mBord agus ar bhonn riaracháin (i.e. oibríochtaí laethúla) leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin.

Déanfaidh an Bord an méid seo a leanas:

- An chairt iniúcháireachta inmheánaí a fhaomhadh.
- An plean iniúcháireachta inmheánaí rioscabhunaithe a fhaomhadh.
- An buiséad agus an plean acmhainní iniúcháireachta inmheánaí a fhaomhadh.
- Cumarsáid a fháil ón gceann iniúcháireachta inmheánaí ar fheidhmíocht na gníomhaíochta iniúcháireachta inmheánaí maidir lena plean agus ceisteanna eile.
- Cinntí a fhaomhadh i dtaca leis an gceann iniúcháireachta inmheánaí a cheapadh agus a bhaint.
- Luach saothair an chinn iniúcháireachta inmheánaí a fhaomhadh:
- Fiosrúcháin chuí ar an mbainistíocht agus an ceann iniúcháireachta inmheánaí a dhéanamh lena dheimhniú cé acu an bhfuil nó nach bhfuil scóip nó teorainneacha míchuí acmhainní ann.

Déanfaidh an ceann iniúcháireachta inmheánaí cumarsáid agus idirghníomhú go díreach leis an mBord, i seisiúin feidhmeannachta agus idir cruinniú Boird ina measc, faoi mar is cuí.

Neamhspleáchas agus Oibiachtúlacht

Ní chuirfidh aon ghné san eagraíocht isteach ar an ngníomhaíocht iniúcháireachta inmheánaí, ceisteanna ina measc maidir le roghnú, scóip, nósanna imeachta, minicíocht, uainiú nó ábhar tuarascála lena cheadú meon neamhspleách riachtanach a chothabháil.

Ní bheidh aon fhreagracht ná údarás díreach oibríochtúil ar iniúcháirí inmheánacha ar aon cheann de na gníomhaíochtaí a rinneadh a iniúchadh. Dá réir, ní dhéanfaidh rialuithe inmheánacha a chur i bhfeidhm, nósanna imeachta a fhorbairt, córais a shuiteáil, taifid a ullmhú, ná tabhairt faoi aon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh baint de bhreithiúnas an iniúcháir inmheánaigh.

Léireoidh iniúcháirí inmheánacha an leibhéal is airde d'oibiachtúlacht ghairmiúil nuair a bhíonn faisnéis á bailiú, á measúnú agus á cur in iúl faoin ngníomhaíocht nó an próiseas atá á scrúdú. Déanfaidh iniúcháirí inmheánacha measúnú cothrom ar na cúinsí ábhartha go léir agus ní imreoidh a leasanna féin nó leasanna daoine eile tionchar orthu nuair a bhíonn breithiúnais á gcruthú acu.

Deimhneoidh an ceann iniúcháireachta inmheánaí don Bhord, ar a laghad gach bliain, neamhspleáchas eagraíochta na gníomhaíochta iniúcháireachta inmheánaí.

Freagracht

Cuimsíonn scóip na hiniúcháireachta inmheánaí, ach níl sé teoranta do, scrúdú agus meastóireacht a dhéanamh ar leordhóthanacht agus éifeachtacht rialachas, bainistíocht riosca agus rialuithe inmheánacha na heagraíochta, anuas ar cháilíocht na feidhmíochta i dtabhairt faoi fhreagrachtaí sannta chun spriocanna agus cuspóirí na heagraíochta a bhaint amach. Áirítear leis seo:

- Measúnú a dhéanamh ar nochtadh riosca a bhaineann le cuspóirí straitéiseacha na heagraíochta a bhaint amach.
- Measúnú a dhéanamh ar iontaofacht agus iomláine na faisnéise agus an bealach a úsáidtear chun an fhaisnéis sin a shainaithint, a thomhas, a rangú, agus a thuairisciú.
- Measúnú a dhéanamh ar na córais a bunaíodh lena chinntiú go gcomhlíontar na beartais, pleananna, nósanna imeachta, dlíthe, agus rialacháin siúd a d'fhéadfadh tionchar suntasach a imirt ar an eagraíocht.
- Measúnú a dhéanamh ar an mbealach chun sócmhainní a chosaint agus, faoi mar is cuí, a dheimhniú gurb ann do na sócmhainní siúd.
- Measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí agus a éifeachtúla a úsáidtear acmhainní.
- Measúnú a dhéanamh ar oibríochtaí nó cláir lena dheimhniú cé acu an bhfuil nó nach bhfuil torthaí comhsheasmhach le cuspóirí agus spriocanna bunaithe agus cé acu an bhfuiltear nó nach bhfuiltear ag tabhairt faoi na hoibríochtaí nó cláir, faoi mar a beartaíodh.
- Monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar phróisis rialachais.
- Monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht próisis bhainistíochta riosca na heagraíochta.
- Measúnú a dhéanamh ar cháilíocht fheidhmíocht na n-iniúcháirí seachtracha agus a mhéid atá siad comhordaithe le hiniúcháireacht inmheánach.
- Tabhairt faoi sheirbhísí sainchomhairleoireachta agus comhairleacha a bhaineann le rialachas, bainistíocht riosca agus rialú, faoi mar is cuí, don eagraíocht.
- Tuairisciú go tréimhsiúil ar chuspóir, údarás, freagracht na gníomhaíochta iniúcháireachta inmheánaí agus ar fheidhmíocht na gníomhaíochta iniúcháireachta inmheánaí maidir lena plean.
- Nochtadh suntasach rioscaí agus saincheistanna rialaithe suntasacha a thuairisciú, rioscaí calaoise, saincheistanna rialachais, agus ceistanna eile ina measc a theastaíonn ón mBord nó a iarrann sé.
- Measúnú a dhéanamh ar oibríochtaí ar leith ar iarraidh an Bhoird nó bhainistíocht an Bhoird, faoi mar is cuí.

An Plean Iniúcháireachta Inmheánaí

Cuirfidh an ceann iniúcháireachta inmheánaí, ar a laghad gach bliain, plean iniúcháireachta inmheánaí faoi bhráid na bainistíochta sinsearaí agus an Bhoird lena athbhreithniú agus lena fhaomhadh. Is éard a bheidh sa plean iniúcháireachta inmheánaí ná sceideal oibre, chomh maith le riachtanais bhuiséid agus acmhainní don chéad bhliain fhioscach/féilire eile. Cuirfidh an ceann iniúcháireachta inmheánaí tionchar teorainneacha ar acmhainní agus athruithe suntasacha eatramhacha in iúl don bhainistíocht shinsearach agus don Bhord.

Forbrófar an plean iniúcháireachta inmheánaí bunaithe ar thús áite a thabhairt don domhan iniúcháireachta trí úsáid a bhaint as modheolaíocht rioscabhunaithe, ionchur na bainistíochta sinsearaí agus an Bhoird. Déanfaidh an ceann iniúcháireachta inmheánaí athbhreithniú agus coigeartú, faoi mar is gá, mar fhreagairt d'athruithe ar ghnó, rioscaí, oibríochtaí, cláir, córais, agus rialuithe na heagraíochta. Cuirfear aon imeacht suntasach ón bplean faofa iniúcháireachta inmheánaí in iúl don bhainistíocht shinsearach agus don Bhord trí tuarascálacha tréimhsiúla ar ghníomhaíocht.

Tuairisciú agus Monatóireacht

Ullmhóidh agus eiseoidh an ceann iniúchóireachta inmheánaí nó dearáí tuarascáil scríofa i ndiaidh go gcuirtear gach socrú iniúchóireachta inmheánaí i gcrích agus déanfar í a scaipeadh faoi mar is cuí. Cuirfear torthaí iniúchóireachta inmheánaí in iúl, chomh maith, don Bhord.

Féadtar a áireamh leis an tuarascáil iniúchóireachta inmheánaí freagairt na bainistíochta agus gníomh ceartaitheach a rinneadh nó atá le déanamh maidir leis na torthaí agus na moltaí ar leith. Ba cheart go n-áirítear le freagairt na bainistíochta, cé acu má chuirtear nó mura gcuirtear san áireamh é laistigh den bhuntuarascáil iniúchóireachta nó má sholáthraíonn bainistíocht an limistéir iniúchta ina dhiaidh sin é (i.e. laistigh de thríocha lá), amhlár ina sonraítear cathain a bhfuil súil leis go gcuirfear gníomh i gcrích atá le déanamh, chomh maith le míniú ar aon ghníomh ceartaitheach nach gcuirfear i bhfeidhm.

Beidh an ghníomhaíocht iniúchóireachta inmheánaí freagrach as measúnú cuí leantach a dhéanamh ar thorthaí agus moltaí rannpháirtíochta. Beidh na torthaí suntasacha go léir i gcomhad saincheistanna oscailte go dtí go réitítear iad.

Déanfaidh an ceann iniúchóireachta inmheánaí tuairisciú tréimhsiúil leis an mbainistíocht shinsearach agus leis an mBord ar chuspóir, údarás agus freagracht na gníomhaíochta iniúchóireachta inmheánaí, anuas ar fheidhmíocht na gníomhaíochta maidir lena phlean iniúchóireachta inmheánaí. Áireofar le tuairisciú, chomh maith, nochtadh suntasach rioscaí agus saincheistanna rialaithe suntasacha, rioscaí calaoise, saincheistanna rialachais, agus ceistanna eile ina measc a theastaíonn ón mBord nó a iarrann sé.

An Clár um Dhearbhuí Cáilíochta agus Feabhsú

Cothóidh an ghníomhaíocht iniúchóireachta inmheánaí clár um dhearbhuí cáilíochta agus feabhsú a chumhdaíonn gach gné den ghníomhaíocht iniúchóireachta inmheánaí. Áireofar leis an gclár meastóireacht ar chloí na gníomhaíochta iniúchóireachta inmheánaí leis an Sainmhíniú ar Iniúchóireacht Inmheánach agus leis na *Caighdeáin*, anuas ar mheastóireacht ar cé acu an gcuireann nó nach gcuireann na hiniúcháirí inmheánacha an Cód Eitice i bhfeidhm. Déantar measúnú, chomh maith, sa chlár ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht na gníomhaíochta iniúchóireachta inmheánaí agus saináithnítear ann deiseanna chun feabhsú a dhéanamh.

Déanfaidh an ceann iniúchóireachta inmheánaí cumarsáid leis an mbainistíocht shinsearach agus leis an mBord ar chlár um dhearbhuí cáilíochta agus feabhsú na gníomhaíochta iniúchóireachta inmheánaí, torthaí ina measc ar mheasúnuithe leanúnacha inmheánacha agus measúnuithe seachtracha a dhéantar gach cúig bliana, ar a laghad.

An Chairt um Ghníomhaíocht Iniúchóireachta Inmheánaí

Faofa an _____ ú lá seo de _____ .

Ceann Iniúchóireachta Inmheánaí

Cathaoirleach an Bhoird /
An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Aguisín E:

Príomhghnéithe de Chomhaontuithe Seachadta Feidhmíochta

(Comhlacht Neamhthráchtála Stáit)

Réamheolas

Leagtar amach sa Phlean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí cur chuige an Rialtais maidir le hathchóiriú a dhéanamh ar an tseirbhís phoiblí agus conas a úsáidtear acmhainní poiblí le seirbhísí a chur ar fáil do shaoránaigh.

Is bunsprioc inghnóthaithe den *Phlean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí* é riachtanas a leagann amach gur chóir do Ranna Comhaontuithe Seachadta Feidhmíochta a chur i bhfeidhm le comhlachtaí Stáit atá faoina gcoimirce. Tá na comhaontuithe sin mar chuid de chreat níos leithne chun béim níos fearr a leagan ar phleanáil meántearma, struchtúrach agus straitéiseach um chaiteachas (Creat Meántearma Caiteachais) agus béim níos mó a leagan ar aschur agus ar fheidhmíocht a bhaintear amach.

Leagtar amach san aguisín seo na príomhghnéithe ar cheart a chur san áireamh i gComhaontuithe Seachadta Feidhmíochta. Cé go leagtar amach ann na gnéithe caighdeánacha ar cheart a chur san áireamh i gcomhaontú, ba cheart coinneáil i gcuimhne go gcuirtear ar fáil cur chuige ginearálta nach mór é a chur in oiriúint do chúinsí aonair gach comhlachta Stáit.

Comhaontuithe Seachadta Feidhmíochta

Is conradh idir an tAire/Máthair-Roinn ábhartha agus comhlacht neamhthráchtála Stáit é Comhaontú Seachadta Feidhmíochta ina gcuirtear leibhéal comhaontaithe seirbhíse agus feidhmíochta ar bhonn foirmiúil, agus a mbeidh seirbhísí poiblí níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla ann dá bharr ar deireadh thiar thall. Bainfear úsáid as an eolas sna comhaontuithe sin (paragraf 6 ach go háirithe, féach an chéad leathanach eile), chomh maith le tuarascálacha bliantúla srl., le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na gcomhlachtaí de réir spriocanna gach bliain. Is iad na tairbhí a bhaineann le cur chuige den chineál sin a bheith i bhfeidhm:

- luaitear na haidhmeanna agus cuspóirí ardleibhéil ann;
- leagtar amach slata tomhais cainníochtúla le dul chun cinn i dtreo Aidhmeanna agus Cuspóirí Ardleibhéil a bhaint amach a thomhas;
- leagtar amach na Príomhaschuir a chuireann le baint amach na nAidhmeanna agus Cuspóirí Ardleibhéil, agus leagtar béim ar leith ar shlata tomhais cainníochtúla;
- cuirtear sonraí maidir le hAcmhainní Daonna agus Airgeadais ar fáil;
- cuirtear in iúl riachtanais seirbhíse / feidhmíochta shoiléire ón chomhlacht Stáit; agus
- cuirtear ar fáil uirlis úsáideach tomhais feidhmíochta agus rialaithe mar leagtar amach slata tomhais agus spriocanna go soiléir.

Príomhghnéithe de Chomhaontuithe Seachadta Feidhmíochta

Beidh leibhéal difriúil mionsonraí i ngach comhaontú, ag brath ar an gcomhlacht, ach dá chasta na feidhmeanna is mó an seans go mbeidh leibhéal níos airde mionsonraí ag teastáil sa chomhaontú. Ba cheart go n-áireofaí le Comhaontuithe Seachadta Feidhmíochta na míreanna seo a leanas:

1. **Réamheolas:** Ba cheart go leagfaí amach sa mhír seo cúlra an chomhaontaithe; na páirtithe a bhfuil baint acu leis; agus tascanna reachtúla an chomhlachta Stáit chomh maith.
2. **Rialachas corparáideach:** Ba cheart go ndéanfaí cur síos ar an mbunchreat sa mhír seo, lena n-áirítear an comhthéacs reachtaíochta, comhlíonadh dualgas ábhartha reachtúla agus rialachais chorparáidigh; chomh maith le comhlíonadh an Chóid Chaiteachais Phoiblí (<http://publicspendingcode.per.gov.ie/>).

3. **Cuspóirí an Chomhaontaithe:** Ba cheart go leagfaí béim sa chomhaontú ar príomhthosaíochtaí / príomhchuspóirí an chomhlachta Stáit. Ní mór nasc soiléir a bheith ann idir aidhmeanna agus cuspóirí an chomhlachta Stáit agus iad atá ag an Roinn a bhfeidhmíonn an comhlacht faoina coimirce, mar a leagtar amach i Ráiteas Straitéise na Roinne. Is bunchloch an Chomhaontaithe Seachadta Feidhmíochta é Ráiteas Straitéise na Roinne. I gcás an Údaráis Forbartha Tionscail, tá an comhlacht nasctha leis an aidhm ardleibhéil "chun cruthú fostaíochta inbhuanaithe a uasmhéadú ar fud an bhoinn fiontair chun go mbeidh Éire an tír bheag is fearr le gnó a dhéanamh inti faoi 2016", agus is é an clár straitéiseach sa chás sin ná "Forbairt Post agus Fiontar" na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Leagtar amach sonraí faoi chláir straitéiseacha agus aidhmeanna ardleibhéil i bhfoilseachán bliantúil na Meastachán Athbhreithnithe.
4. **Comhghealltanais:** Ba cheart go dtabharfaí aitheantas i gcomhaontú éifeachtach don chaidreamh frithpháirteach atá ann ó thaobh freagrachtaí agus dualgais de idir an Roinn agus an comhlacht Stáit. Mar sin, ba cheart go gcuirfí san áireamh leis an gcomhaontú mír ina leagtar amach go soiléir gealltanais na Roinne m.sh. cuirfidh an Roinn réimse tacaíochtaí oibríochta X, Y agus Z ar fáil chun cur ar chumas an chomhlachta Stáit a shainordú a chomhlíonadh.
5. **Ionchuir:** D'fhonn léargas cuimsitheach a chur ar fáil agus deis a thabhairt comparáid a dhéanamh le comhaontuithe roimhe seo/amach anseo, ba cheart go leagfaí amach go soiléir na hionchuir/acmhainní atá ag an gcomhlacht Stáit ó thaobh ioncaim de (ioncam caipitiúil, státchiste agus neamh-státchiste), lena n-áirítear leithdháilte pá/líon foirne do thréimhse an chomhaontaithe.
6. **Leibhéil Feidhmíochta/Seirbhíse agus Tomhas Feidhmíochta:** Sonrófar i bpríomh-mhír(eanna) an chomhaontaithe na seirbhísí/an fheidhmíocht agus na haschuir/leibhéil seirbhíse, bunaithe ar na hionchuir comhaontaithe a ndearnadh cur síos orthu sa pharagraf thuas, a sholáthróidh an comhlacht Stáit, chomh maith leis na táscairí monatóireachta agus tomhais feidhmíochta.

Chomh fada agus is féidir, ba cheart leibhéil feidhmíochta/seirbhíse agus leibhéil a bhfuiltear ag súil leo (íosleibhéil san áireamh) a leagan amach go follasach d'fhonn míchiall agus míthuiscint idir an Roinn agus an comhlacht Stáit a sheachaint.

Ba cheart a thuiscint go mbíonn deacrachtaí ag baint leis na leibhéil sin a shocrú agus braitheann sé ar fheidhmeanna/seirbhísí an chomhlachta Stáit. Bíonn idir leibhéil shimplí, m.sh. "líon na bhfiosruithe ó chustaiméirí a láimhseáladh" agus leibhéil chasta ann, m.sh. "an méid comhairle beartais a cuireadh ar fáil". Ós rud é go bhféadfadh comhlachtaí Stáit tabhairt faoi go leor feidhmeanna/seirbhísí, ba cheart an bhéim a leagan ar na feidhmeanna/seirbhísí sin atá ríthábhachtach maidir le cuspóirí straitéiseacha an chomhlachta Stáit a chur i bhfeidhm. Maidir leis sin, níl sé riachtanach na seirbhísí tacaíochta nó tánaisteacha do na croíghníomhaíochtaí a chur san áireamh.

Is fiú coinneáil i gcuimhne chomh maith nach mór cothromaíocht a aimsiú idir na héilimh riaracháin agus phróiseála a bhaineann le córas láidir tomhais feidhmíochta a bheith i bhfeidhm agus na hacmhainní atá ar fáil do Ranna agus comhlachtaí Stáit. Mar sin, agus na táscairí cuí á roghnú, ba cheart díriú ar chaighdeán an t-eolas/na dtáscairí in áit an mhéid.

Ba cheart go dtacófaí na cineálacha slata tomhais ar cuireadh síos orthu leis an measúnacht faoin gCód Caiteachais Phoiblí maidir le cé chomh maith is a baineadh úsáid as na hacmhainní a leithdháileadh, is é sin, cibé acu ar úsáideadh iad go héifeachtúil le seirbhís phoiblí éifeachtach a sholáthar.

Is tábhachtach freisin go gcuirtear na leibhéil reatha feidhmíochta/seirbhíse, mar shampla ó thuarascálacha bliantúla, in iúl sa chomhaontú d'fhonn go mbeifear ábalta comparáid a dhéanamh le bonnlíne agus chun spriocanna réadúla bliantúla, agus ilbhlianta sa deireadh, a fhorbairt. Ba cheart treochoirí ardleibhéil maidir le haschur a chur san áireamh nuair is féidir.

7. **Tosca Féideartha Riosca:** Ba cheart freisin aird a tharraingt ar thosca féideartha riosca nó aon srianta eile is dócha a bheidh ann, idir sheachtrach agus inmheánach, a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar leibhéal feidhmíochta/seirbhíse a bhfuiltear ag súil leo le linn thréimhse an chomhaontaithe. Ós rud é go gcomhaontófar na hacmhainní do thréimhse an chomhaontaithe agus go gcuirfear san áireamh sa chomhaontú iad, ní gá srianta acmhainní a chur san áireamh mar thoisic féideartha riosca.
8. **Measúnú Feidhmíochta:** Is tábhachtach táscairí inchreidte agus iontaofa a bheith ann maidir le haschuir (na bearta a dhéanann an comhlacht Stáit) agus tionchair nó torthaí (cad a bhaineann an comhlacht Stáit amach). Tá tuilleadh eolais ar fáil i [gCaibidil III.5 den Tuarascáil Chuimsitheach ar Chaiteachas 2012-2014](#) agus go háirithe i mBosca III.b den Chaibidil sin a chuireann samplaí ar fáil de "Táscairí Aschuir" agus "Táscairí Comhthéacs & Tionchair" úsáideacha a d'fhéadfadh a chur san áireamh i limistéar áirithe.⁴³
9. **Solúbthacht & Leasú na Spriocanna:** Cé nach moltar go ndéantar an méid seo, seachas i gcásanna eisceachtúla, d'fhéadfaí go mbeadh gá le spriocanna comhaontaithe feidhmíochta/seirbhíse a athrú, a leasú, nó cuir leo, le linn thréimhse an chomhaontaithe de thoradh cúinsí nach rabhthas ag súil leo. D'fhéadfadh go mbeadh gá le leasuithe, mar shampla, mar gheall ar athruithe ar reachtaíocht, tosaíochtaí Rialtais/Aire, na dálaí oibríochta atá ann agus/nó tosca níos leithne polaitiúla, eacnamaíoch, airgeadais nó tosca gaolmhara. Má tá leasuithe de dhíth, ba cheart don Roinn dul i dteagmháil leis an gcomhlacht Stáit leis na spriocanna leasaithe a chomhaontú.
10. **Socruithe Monatóireachta:** Ba cheart aird a tharraingt ar shocruithe sonracha monatóireachta agus tuairiscithe an chomhaontaithe sa mhír seo, chomh maith leis na nósanna imeachta maidir le dul i ngleic le difríochtaí idir feidhmíocht agus spriocanna. Mar shampla, d'fhéadfaí go n-aireofaí leis na socruithe eolas a thuairisciú faoi oibriúchán an chomhaontaithe i dtuarascálacha bliantúla, oifigigh ag cruinniú le chéile ar bhonn rialta le hathbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht i gcomparáid leis an gcomhaontú; agus córas inmheánach a chur i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht de réir na ngníomhaíochtaí atá leagtha amach sa chomhaontú. Braithfidh monatóireacht rathúil an chomhaontaithe den chuid is mó ar cé chomh maith is a shonraítear na leibhéal feidhmíochta/seirbhíse, féach paragraf 8 thuas.
11. **Fad ama agus Síntheoirí an Chomhaontaithe:** Ba cheart go dtarraingeofaí aird sa mhír seo ar fhad ama an chomhaontaithe agus an dáta tosaigh. Cé go mbraithfidh thréimhse an chomhaontaithe ar nádúr agus castacht an chomhlachta Stáit, meastar go mairfidh siad go tipiciúil ar feadh thréimhse 3 bliana.

Níor cheart go síneodh ach na hoifigigh siúd a bhfuil údarás/cead tarmlichte acu an comhaontú a shíniú.

⁴³ Féach Ronnie Downes et al, 2013, "Ireland Stat – Government Performance Measurement", *Administration*, Vol.60 (3): 189- 200. [I mBéarla]

Fócas ar Shaoránaigh: Is é an caidreamh idir saoránaigh agus an Stát an caidreamh is tábhachtaí in aon sochaí dhaonlathach. Ba cheart go léireodh moltaí meas ar an gcaidreamh sin agus go gcuirfidís feabhas air, go háirithe trína chinntiú go ndearfar comhlachtaí Stáit le seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán a sholáthar agus le cur go héifeachtach le riarachán poiblí cibé acu go díreach nó trína Máthair-Roinn.

Ceapadh Beartais: Sa chóras riaracháin phoiblí atá i réim in Éirinn, ba cheart go mbeadh Ranna Rialtais ina bpríomhái ina ndéanfar ceapadh beartais phoiblí, measúnacht agus anailís. Níor cheart, de ghnáth, do chomhlachtaí seachtracha arna maoiniú ag an Stát tabhairt faoi fheidhmeanna measúnachta agus comhairle beartais. Féadfaidh Ranna Rialtais leas a bhaint as sainchomhairleoireacht ó am go ham, faoi réir na struchtúr níos doichte atá curtha i bhfeidhm ag an Rialtas maidir le buiséid i leith sainchomhairleoireacht sheachtrach.

Leas Soiléir maidir le Daonlathas agus/nó Costas: Dá ndéanfaí comhlachtaí Stáit a chumasc nó a athstruchtú, ba cheart go mbeadh tairbhe shoiléir agus fhollasach ann ó thaobh rialú níos mó daonlathach, soláthar seirbhíse níos fearr agus/nó ó thaobh airgead a shábháil.

Sainchomhlachtaí: Ba cheart go gcuirfí san áireamh, agus cinntí á nglacadh, an iomchuí go ndéanfaidh comhlacht ar leith feidhmeanna áirithe i réimsí a bhfuil sainscileanna ag teastáil ina leith, agus sna cásanna ina bhfuil scaradh na bhfeidhmeanna ó Ranna Rialtais de dhíth mar gheall ar neamhspleáchas i gcur i bhfeidhm na bhfeidhmeanna.

Athchóiriú chun éifeachta: Agus cinntí á ndéanamh, ba cheart go dtabharfaí aird ar dhúbláil agus cosúlachtaí feidhmeanna agus ról na gcomhlachtaí, chomh maith leis na sineirgí a thagann ó chomhlachtaí ar leith ó réimsí gaolmhara a thabhairt le chéile.

Comhroinnt Seirbhíse: Fiú amháin sa chás gur cheart go bhfanfaidh comhlachtaí scartha óna chéile, nó ón Máthair-Roinn, ba cheart go ndéanfaí iniúchadh ar na deiseanna atá ann maidir le comhroinnt seirbhísí, feidhmeanna cúloifige san áireamh, chomh fada agus is féidir.

Saolré an Chomhlachta Stáit: Ba cheart don Rialtas breathnú go rialta ar cibé acu ar baineadh amach an aidhm dár bunaíodh an comhlacht Stáit ar dtús (nó fuarthas amach nach bhfuil an aidhm indéanta) agus cibé acu an iomchuí an cuspóir bunaidh inniu fós, ag féachaint do na forbairtí sa tsochaí, athruithe ar thosaíochtaí an Rialtais, agus méid na n-acmhainní atá ar fáil atá i bhfad níos teoranta anois.

Struchtúr Rialachais: Ba cheart go mbeadh struchtúr rialachais na gcomhlachtaí Stáit ag teacht lena mbunús reachtaíochta. Ba cheart go léireofaí é sin i gcreatlach rialachais na gcomhlachtaí Stáit.

Fócas ar Fheidhmíocht: Tá saoránaigh i dteideal súil a bheith acu go bhfuil sainordú soiléir ag gach comhlacht Stáit, chomh maith le tagarmharcanna soiléire maidir le leibhéal na seirbhísí a bhfuiltear ag súil leis go soláthróidh siad lena n-acmhainní, agus struchtúr cuí rialachais a sholáthraíonn cuntasacht maidir le torthaí agus feidhmíocht.

Meas ar Leasanna Foirne: I dtaca leis na baill foirne a fhostaíonn na comhlachtaí éagsúla, cloífidh an Rialtas leis na gealltanais a tugadh i gcomhaontuithe difriúla maidir le moltaí cuíchóirithe a bhaineann le comhlachtaí áirithe a phlé agus a chur i bhfeidhm, ag brath ar sholáthar na solúbthachta riachtanaí, ach go háirithe ó thaobh athchóiriú fostaíochta de.

Aguisín G

Prionsabail Seirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí agus Cliant an Phobail Seirbhís

Agus iad ag déileáil leis an bpobal, déanfaidh oifigí Seirbhíse Poibí:

Caighdeán um Sheirbhís Ardchaighdeán

Ráiteas a fhoilsiú ina leagfar amach cineál agus cáilíocht na seirbhíse ar féidir le custaiméirí a bheith ag súil leis, agus é a chur ar taispeánt go feiceálach ag an bpointe a soláthraítear seirbhís ann.

Comhionannas/Éagsúlacht

Na cearta go gcaithfear go cothrom le duine, a bunaíodh le reachtaíocht chomhionannais, a chinntiú, agus socruithe a dhéanamh go gcuirfear éagsúlacht san áireamh, ionas go gcabhrófar le comhionannas i gcomhair na ngrúpaí a chlúdaítear faoin reachtaíocht chomhionannais (faoi na forais maidir le hinscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, creideamh reiligiúin, aois, míchumas, cine agus ballraíocht den Lucht Siúil). Nithe a chuireann bac ar dhaoine, atá thíos le bochtaineacht agus le heisiamh sóisialta, teacht ar sheirbhísí, a aithint agus oibriú chun na bacainní sin a dhíothú, agus dóibh siúd a bhfuil bacainní rompu ó thaobh cúrsaí geografacha maidir le bheith ag teacht ar sheirbhísí.

Rochtain Fhísiciúil

Oifigí poiblí atá glan agus inrochtana a sholáthar, oifigí ina gcinntítear príobháideachas, ina gcomhlíontar caighdeán cheirde agus sábháilteachta agus, mar chuid de sin, ina n-éascaítear rochtain do dhaoine faoi mhíchumas agus daoine eile a bhfuil riachtanais shonracha.

Faisnéis

Cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh i leith faisnéis a sholáthar atá soiléir, tráthúil agus cruinn, atá ar fáil ag gach pointe teagmhála, agus a chomhlíonann riachtanais daoine a bhfuil riachtanais shonracha acu. A chinntiú go mbaintear leas iomlán as an acmhainn a thairgtear le Teicneolaíocht Faisnéise agus go leanann an fhaisnéis a bhíonn ar fáil ar shuíomhanna gréasáin Seirbhíse Poiblí na treoirínte maidir le foilsitheoireacht ghréasáin. Leanúint ar aghaidh leis an bhfeachtas ar son rialacha, rialachán, foirmeacha, bileoga faisnéise agus nósanna imeachta a shimpliú.

Tráthúlacht agus Cúirtéis

Seirbhísí ardchaighdeán a sholáthar go cúirtéiseach, go hígair agus chomh gasta agus is féidir, agus ar an mbealach sin timpeallacht cóimheasa a chothú idir an soláthraí agus an custaiméir. Ainmneacha teagmhála a thabhairt i ngach cumarsáid chun a chinntiú go dtéann idirbhearta leanúnacha ar aghaidh go réidh.

Gearáin

Córas a choinneáil ar bun atá poiblithe go maith, inrochtana, trédhearcach agus simplí le húsáid chun déileáil le gearáin faoi chaighdeán na seirbhíse a chuirtear ar fáil.

D'fhéadfaí go mbeadh gach eagraíocht soláthair seirbhíse faoi réir gearán ag leibhéal an oifigigh agus leibhéal na heagraíochta. D'fhéadfaidís siúd a bheith bainteach le cáilíocht na seirbhíse féin nó leis an tslí inar seachadadh an tseirbhís. Is féidir méid na míshástachta custaiméara a laghdú trí eolas cuí a chur ar fáil don chustaiméir maidir leis an tseirbhís atá ar fáil agus trí oiliúint a chur ar an bhfoireann faoin tslí ina seachadtar an tseirbhís.

Nuair a chuirtear córais ar bun chun déileáil le míshástacht custaiméirí, ba chóir d'eagraíochtaí a chinntiú go ndéileáiltear le gach gearán go hoibiachtúil agus ar shlí sheasmhach oscailte cóir.

Ar roinnt gnéithe ar chóir a chur san áireamh sna córais Tuairimí/Gearán áirítear;

- ba cheart eolas faoi nósanna imeachta gearáin a bheith ar fáil saor in aisce don phobal ag gach pointe soláthair seirbhíse agus ba cheart d'eagraíochtaí é a scaipeadh;
- ba cheart nósanna imeachta gearán a bheith simplí agus ba cheart teacht a bheith orthu go saoráideach ag custaiméirí agus cliant, agus é saor in aisce más féidir in aon chor;

- ba cheart gach gearán a sheoladh chuig oifigeach ainmnithe de ghrád cuí agus ba cheart don oifigeach admháil a sheoladh;
- ba cheart oiliúint chuí a chur ar fáil do gach ball foirne a phléann le gearáin;
- ba cheart déileáil le gearáin a luaithe agus is féidir agus ba cheart an custaiméir a choinneáil ar an eolas faoin dul chun cinn;
- ba cheart nósanna imeachta gearán a athbhreithniú go rialta; agus
- ba chóir socruithe a dhéanamh maidir le hearráidí a cheartú gan mhoill agus, más gá, cúiteamh cuí a dhéanamh don ghearánaí.

Achomhairc

Ar an gcaoi chéanna, córas achomhairc/athbhreithnithe a choinneáil ar bun atá curtha ar bhonn foirmiúil, poiblithe go maith, inrochtana, trédhearcach agus simplí le húsáid do chustaiméirí atá míshásta le cinntí i ndáil le seirbhísí.

Comhairliúchán agus Meastóireacht

Cur chuige struchtúrtha a sholáthar i leith comhairliúchán suntasach leis an gcustaiméir, agus i leith rannpháirtíocht an chustaiméara, maidir le seirbhísí a fhorbairt, a sheachadadh agus a athbhreithniú. A chinntiú go ndéantar meastóireacht fhiúntach ó thaobh soláthar seirbhíse de.

Rogha

Rogha a thabhairt, nuair is féidir, maidir le soláthar seirbhíse, lena n-áirítear modhanna íocaíochta, suíomh na bpointí teagmhála, uaireanta oscailte agus amanna soláthair. Úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí atá ar fáil agus atá ag teacht chun cinn chun a chinntiú go bhfuil seirbhísí chomh hinrochtana agus is féidir agus go bhfuil an oiread rogha agus is féidir ar fáil ina leith.

Comhionannas na dTeangacha Oifigiúla

Seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar trí Ghaeilge agus/nó go dátheangach agus custaiméirí a chur ar an eolas maidir leis an gceart atá acu a roghnú go bpléifear leo trí cheann amháin nó ceann eile de na teangacha oifigiúla.

Comhordú Níos Fearr

Cur chuige níos comhordaithe agus níos comhtháite a chothú i leith soláthar seirbhísí poiblí.

An Custaiméir inmheánach

A chinntiú go n-aithnítear baill foirne mar chustaiméirí inmheánacha agus go dtugtar tacaíocht dóibh mar is ceart agus go dtéitear i gcomhairle leo mar is ceart maidir le ceisteanna a bhaineann le soláthar seirbhíse.

Riachtanais maidir le Tuairisciú Gnó agus Airgeadais

Clár na nÁbhar

Réamheolas	2
1 Riachtanais maidir le Tuairisciú Gnó agus Airgeadais	3
Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais	4
Riachtanais Bhreise Tuairiscithe (Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh don Aire)	8
Gluaisre	10

Aguisíní

Aguisín A - Tuarascáil Bhliantúil	11
Aguisín B - Ráitis Airgeadais	13
Aguisín C - Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh don Aire	15
Aguisín D - Ráiteas ar Chóras Rialaithe Inmheánaigh i gComhlacht Stáit	17

Riachtanais maidir le Tuairisciú Gnó agus Airgeadais

Réamheolas

Is é cuspóir an doiciméid seo na riachtanais maidir le tuairisciú gnó agus airgeadais a leagan amach, riachtanais nach mór do chomhlachtaí Stáit cloí leo faoin *gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit*

Cuireann an doiciméad seo sonraí ar fáil maidir leis na riachtanais tuairiscithe do chomhlachtaí Stáit (a) sa tuarascáil bhliantúil, (b) sna ráitis airgeadais, agus (c) i dTuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh don Aire ábhartha.

Chuir Aonad Cuntasaíochta an Rialtais, ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, an doiciméad seo le chéile. Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le:

Aonad Cuntasaíochta an Rialtais
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus
Athchóirithe, Oifigí an Rialtais
Sráid Mhuirfean
Uachtarach, Baile
Átha Cliath 2
D02 R583
Ríomhphost: govacc@per.gov.ie

Riachtanais maidir le Tuairisciú Gnó agus Airgeadais

Prionsabail

Ag féachaint do chuntasacht phoiblí agus na saincheisteanna speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistiú agus oibriú, ba cheart, ar an iomlán, go mbeadh an tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais cóir, cothrom agus sothuigthe, agus go gcuirfidís an t-eolas atá riachtanach le measúnú a dhéanamh ar staid airgeadais, feidhmíocht airgeadais, múnla gnó agus straitéis an chomhlachta Stáit ar fáil.¹

Is dualgas bunúsach an Bhoird a chinntiú go gcuirtear ar fáil pictiúr cothrom, fíor agus cóir d'feidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an chomhlachta Stáit nuair a ullmhaítear tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais an chomhlachta Stáit agus nuair a chuirtear os comhair an Aire ábhartha iad.

Ba cheart don Bhord a chinntiú go ndéanfar nochtadh tráthúil agus cruinn don Aire ábhartha maidir leis na gnóthaí ábhartha ar fad a bhaineann leis an gcomhlacht Stáit, lena n-áirítear an comhthéacs gnó, feidhmíocht agus staid airgeadais, agus rialachas an chomhlachta Stáit.²

Forálacha an Chóid

Is príomhbheart cuntasachta poiblí do chomhlachtaí Stáit é tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais iniúchta a phoiblí. Is é cuspóir na ráitis airgeadais ná eolas a chur ar fáil maidir le feidhmíocht airgeadais, staid airgeadais agus sreafaí airgid an chomhlachta Stáit, eolas atá úsáideach do réimse leathan páirtithe leasmhara i dtaca le cinntí a dhéanamh.³

Tá sé de cheangal ar Bhord comhlachta Stáit socruithe a dhéanamh chun na ráitis airgeadais i leith gach bliain airgeadais a ullmhú. Ullmhaítear na ráitis airgeadais bliantúla ón eolas atá i dtaifid chuntasaíochta na gcomhlachtaí Stáit agus eolas eile cuí, agus de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a bhaineann leis an gcomhlacht Stáit.

Ní mór don Bhord ráitis airgeadais do chomhlacht Stáit a chur i láthair a thugann léargas fírinneach cóir ar ioncam, caiteachas (feidhmíocht airgeadais), sócmhainní, dliteanais agus caipiteal (staid airgeadais) an chomhlachta Stáit amhail ag deireadh na bliana airgeadais.

Is éard atá i gceist le "*léargas fírinneach cóir*" a thabhairt i ráitis airgeadais ná, i gcás eintitis agus ráitis airgeadais ghrúpa, go gcuireann na ráitis airgeadais ioncam agus caiteachas (feidhmíocht airgeadais), sócmhainní, dliteanais agus caipiteal (staid airgeadais), agus sreafaí airgid an chomhlachta Stáit nó an ghrúpa atá i gceist i láthair ar bhonn cóir.

D'fhonn léargas fírinneach cóir a bheith curtha ar fáil i ráitis airgeadais, ní mór dóibh⁴:

- cloí leis na caighdeáin chuntasaíochta a bhaineann leis an gcomhlacht Stáit;
- breithiúnas a chuimsiú a bhfuil sé mar aidhm aige léargas fírinneach cóir a chur ar fáil maidir le luacháil, nochtadh agus ábharthacht;

¹ Bunaithe ar "UK Corporate Governance Code" de chuid an Financial Reporting Council (2016) leathanach 16

² Bunaithe ar "G20/OECD Principles of Corporate Governance" (OECD, Meán Fómhair 2015) leathanach 41

³ Bunaithe ar "FRS 102" (Financial Reporting Council, Meán Fómhair 2015) leathanach 28

⁴ Bunaithe ar "The Principal Duties and Powers of Company Directors under the Companies Act" (ODCE, 2015)

- a bheith stuama agus ábhair bhreithiúnais sna ráitis airgeadais á mbreithniú, ach go háirithe nuair atá éiginnteacht i gceist; agus
- a chinntiú go léiríonn na ráitis airgeadais bunús tráchtála na n-idirbheart agus ní hamháin a bhfoirm dhlíthiúil.

Éilítear ar an mBord socrú go ndéanfar iniúchadh ar na ráitis airgeadais ag iniúcháir neamhspleách. Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste an t-iniúchadh seachtrach ar chomhlachtaí Stáit neamhthráchtála.

Is scrúdú neamhspleách ar na ráitis airgeadais é iniúchadh. Is é cuspóir an iniúchta ná feabhas a chur ar mhuintir na n-úsáideoirí beartaithe as na ráitis airgeadais. Agus scrúdú déanta aige/aici ar na ráitis airgeadais, tá sé de cheangal ar an iniúcháir tuairisciú don Bhord den chomhlacht Stáit. Sa tuarascáil sin, tá sé de cheangal ar an iniúcháir teacht ar thuairim maidir le roinnt ábhar, lena n-áirítear, mar shampla, cibé acu an dtugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir agus cibé acu an bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid bhunúsacha chuntasaíochta.

Is tuarascáil chuimsitheach ar ghníomhaíochtaí an chomhlachta Stáit le linn na bliana roimhe sin í an tuarascáil bhliantúil ina bhfuil na ráitis airgeadais agus tráchtairacht faoi sin. Is é aidhm na dtuarascálacha bliantúla eolas a thabhairt do pháirtithe leasmhara i dtaca le gníomhaíochtaí agus feidhmíocht airgeadais an chomhlachta Stáit.

Ba cheart do gach Roinn Rialtais tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais iniúchta na gcomhlachtaí Stáit faoina coimirce a chur os comhair Thithe an Oireachtais laistigh de dhá mhí tar éis don Roinn na cuntais sin a fháil, chomh maith le haon tuarascáil ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar na ráitis airgeadais.

Más gá do Roinn an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a chur os comhair an Rialtais ar dtús, ba cheart é sin a dhéanamh a luaithe is féidir. I gcásanna den chineál sin, ní mór do Ranna ráitis airgeadais an chomhlachta Stáit a chur os comhair Thithe an Oireachtais laistigh de thrí mhí tar éis don Roinn iad a fháil ar scor ar bith, mar a leagtar amach [i gCiorclán 7/2015 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóiriú - Ullmhú agus Tíolacadh Tráthúil Cuntas Comhlachtaí agus Cistí arna n-iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus Tuarascálacha Speisialta ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais](#).

Tá sé de cheangal ar Chathaoirleach comhlachta Stáit tuarascáil chuimsitheach a chur isteach chuig an Aire ábhartha de réir na riachtanas tuairiscithe ar leith atá leagtha amach in alt 1.9 den *Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit - Riachtanais maidir le Tuairisciú Gnó agus Airgeadais*. Is litir rúnda é tuarascáil chuimsitheach an Chathaoirleach don Aire a sheolann Cathaoirleach an Bhoird chuig Aire na Máthair-Roinne. Áirítear leis sin nithe cosúil le dearbhú go bhfuiltear ag cloí le beartas Rialtais, imeachtaí suntasacha iar-chlár comhardaithe, ráiteas ar an gcóras rialaithe inmheánaigh agus achoimre ar na forbairtí go léir atá suntasach ó thaobh na tráchtála de a bhfuil tionchar acu ar an gcomhlacht Stáit sa bhliain roimhe sin.

Tuarascálacha Bliantúla agus Ráitis Airgeadais

1.1 Ráitis Airgeadais Iniúchta: Tá sé de cheangal ar gach comhlacht Stáit ráitis airgeadais iniúchta a fhoilsiú. Mar a leagtar amach thuas, is taifead foirmeálta ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an chomhlachta Stáit iad ráitis airgeadais comhlachta Stáit. Ag brath ar na riachtanais a leagtar amach sa reachtaíocht rialaitheach a chuir an comhlacht Stáit ar bun, táirgeann roinnt eintiteas ráitis airgeadais agus tuarascáil bhliantúil ach ní tháirgeann cuid eile acu ach ráitis airgeadais.

1.2 Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais a Ullmhú: Tá an Bord de chomhlacht Stáit freagrach as an tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais a ullmhú de réir na gcaighdeán cuntasaíochta ábhartha. Ceanglaítear ar an mBord:

- cur i bhfeidhm comhsheasmhach na mbeartas cuntasaíochta a chinntiú;
- breithiúnais agus meastacháin réasúnta agus stuama a dhéanamh; agus
- a chinntiú go n-ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthas leantach ach amháin mura bhfuil sé cuí talamh slán a dhéanamh de go mbeidh an t-eintiteas fós ar an bhfód go ceann i bhfad.

Ba cheart go mbeadh ráitis airgeadais faoi réir iniúchadh seachtrach sula gcuirfear san áireamh i dtuarascáil bhliantúil comhlachta Stáit iad. Tá sé tábhachtach go ndéanfar gach uile iarracht gan moill a chur ar chur i láthair na ráiteas airgeadais faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus na gnéithe eile den tuarascáil bhliantúil á gcur i gcrích.

1.3 Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais: Anuas ar na riachtanais nochta de reachtaíocht rialaitheach an chomhlachta Stáit, na caighdeán chuntasaíochta infheidhmithe agus na rialacháin eile a bhaineann leis an gcomhlacht Stáit, áirítear leis na gnéithe ar leith ar cheart iad a nochtadh sa tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais:

- Ráiteas maidir le conas a oibríonn an Bord, ráiteas maidir leis na cineálacha cinntí a ghlacfaidh an Bord agus na cineálacha a dhéanfar a tharmligean chuig an mbainistíocht san áireamh.³
- Ainmneacha an Chathaoirligh, an Leas-Chathaoirligh (más ann), an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus na gcomhaltaí Boird agus coistí Boird.
- Íocaíochtaí agus Comhaontuithe Foirceanta/Scaoilte - "Ba cheart go nochtfar sna ráitis airgeadais sonraí maidir le hÍocaíochtaí agus comhaontuithe a bhfuil luach comhiomlán os cionn €10,000 acu i dtréimhse an tuairiscithe. Áirítear leis sin íocaíochtaí foirceanta/scaoilte, deonú blianta breise chun críche pinsin nó luathscor gan na gnáthasbhaintí achtúireacha. Féadfaidh luach an chinn deiridh a shocrú de réir na treorach a eiseoidh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ó am go chéile. I bhfianaise an bheartais atá mar bhunús faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, níor cheart do chomhlacht Stáit comhaontuithe rúndachta a dhéanamh a chuirfeadh cosc air sonraí faoi shocrú ar thángthas air sna ráitis airgeadais a nochtadh, seachas in imthosca eisceachtúla agus de bhun comhairle dlí a deir go bhfuil siad riachtanach in imthosca an cháis. Nuair a dhéantar comhaontuithe rúndachta sna himthosca sin, ba cheart go dtabharfaí fógra roimh ré do na páirtithe sna comhaontuithe sin go bhféadfaí go mbeidís faoi réir nochta in aon chás ina saináithnítear leas sáraitheach an phobail nó nuair a cheanglaíonn an dlí é.
- Taisteal agus Maireachtáil - Ba cheart go nochtfaí sna ráitis airgeadais an costas iomlán a thabhaigh an t-eintiteas maidir le taisteal agus costais mhaireachtála, agus go ndéanfaí anailís air de réir taisteal intíre agus idirnáisiúnta.
- Caiteachas Fáilteachais - Ba cheart go nochtfaí sna ráitis airgeadais an caiteachas comhiomlán a tabhaíodh maidir le fáilteachas le linn na tréimhse. (Áirítear leis seo cóisirí Nollag, cóisirí scoir, caiteachas ar fholláine foirne, ranníocaíochtaí le clubanna spóirt agus sóisialta, dearbháin One4all, bronntanais scoir/fágála, bláthanna, srl.)

³ Sliocht ó "UK Corporate Governance Code" de chuid an Financial Reporting Council (2016) leathanach 7

- Costais Dlí/Socruithe - má sháraíonn an costas dlí comhiomlán a tabhaíodh i rith na bliana cuntasáíochta €50,000, ba cheart nóta a chur san áireamh leis na ráitis airgeadais ina gcuirfear miondealú ar na costais iomlána, de réir táillí dlíthiúla agus an cúiteamh a íocadh, ar fáil.

1.4 Riachtanais Tuairiscithe: Ba cheart cloí leis na riachtanais tuairiscithe mar seo a leanas:

Is tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhféadfadh máthair-Ranna roghnú faisnéis airgeadais bhreise a iarraidh níos minice ná na heatraimh thíosluaite.

- Ráitis Airgeadais Eatramhacha Neamhiniúchta:** Ba cheart do gach comhlacht tráchtála Stáit ráitis airgeadais eatramhacha don chéad leath den bhliain nach ndearnadh iniúchadh orthu a chur faoi bhráid a mháthair-Roinne agus, más cuí, na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus RÉnua⁶ tráth nach déanaí ná deireadh an t-ochtú mí den bhliain airgeadais.
- Dréacht-Ráitis Airgeadais Neamhiniúchta:** Ba cheart dréacht-ráitis airgeadais nach ndearnadh iniúchadh orthu⁷ do gach comhlacht Stáit a chur faoi bhráid na máthair-Roinne agus, más cuí, na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus RÉnua tráth nach déanaí ná dhá mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais ábhartha.
- Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais a fhoilsiú:** Ba cheart do gach comhlacht tráchtála Stáit a thuarascáil bhliantúil agus/nó ráitis airgeadais a fhoilsiú (nó, mura bhfuil sé sin riachtanach, iad a chur isteach chuig an Rialtas) tráth nach déanaí ná ceithre mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais ábhartha. I gcás comhlachtaí neamhthráchtála Stáit, ba cheart é sin a dhéanamh tráth nach déanaí ná mí amháin tar éis don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh ráiteas airgeadais an chomhlachta sin a chur i gcrích agus sé mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais don chomhlacht sin (cibé acu is luaithe).
- Táillí Boird:** Ar mhaithe le trédharcacht agus dea-rialachas, tá sé de cheangal ar chomhlachtaí Stáit sonraí maidir le táillí neamhphá a íoctar le comhaltaí Boird, agus anailís déanta air sin de réir chatagóir na dtáillí, a fhoilsiú ina thuarascáil bhliantúil agus/nó ráiteas airgeadais, chomh maith le tuarastal an phríomhoifigigh feidhmiúcháin.
- Cruinnithe Boird agus Tinreamh:** Ba cheart líon na gcruinnithe Boird agus cruinnithe choistí an Bhoird, chomh maith le tinreamh gach comhalta Boird ag cruinnithe Boird, a thuairisciú sa thuarascáil bhliantúil.
- Nochtadh maidir le Luach Saothair an Phríomhphearsanra Bainistíochta:** Ba cheart do chomhlachtaí Stáit sonraí comhiomlána maidir le luach saothair an phríomhphearsanra bainistíochta a nochtadh ina thuarascáil bhliantúil agus/nó ráitis airgeadais, agus anailís déanta air sin de réir na gcatagóirí seo a leanas:

- (a) Tuarastail agus sochair ghearrthréimhse fostaithe;
- (b) Sochair iarfhostaíochta; agus
- (c) Sochair foirceanta;

Nochtfaidh eintiteas luach saothair an phríomhphearsanra bainistíochta san iomlán chomh maith. *Áirítear le luach saothair gach sochar fostaithe.*

⁶ Baineann sé seo le heintitis ainmnithe faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2014

⁷ Déanann dréacht-ráitis airgeadais neamhiniúchta tagairt do dhréacht-ráitis airgeadais agus na nótaí ann (de réir na gcaighdeán cuntasáíochta infheidhmithe) agus ní dhéanann siad tagairt do chuntais bhainistíochta.

Is iad an príomhphearsanra bainistíochta na daoine a bhfuil údarás agus freagracht acu i leith gníomhaíochtaí an eintitis a phleanáil, a stiúradh agus a rialú, go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear aon chomhalta Boird an eintitis sin (pé acu feidhmiúcháin nó eile).

Beidh príomhphearsanra bainistíochta difriúil ag comhlachtaí Stáit difriúla. Ach ba cheart go n-áireofaí leis seo, ar a laghad, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, comhaltaí boird agus an leibhéal is airde bainistíochta a oibríonn faoin bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin.

Ba cheart go mbeadh na socruithe seo a leanas i bhfeidhm:

- a) Ba cheart do chomhlachtaí Stáit méid comhiomlán an luacha saothair a íoctar le fostaithe a nochtadh ina ráitis airgeadais, líon na bhfostaithe i bhformáid coibhéis lánaimseartha san áireamh.
- b) Ba cheart méid comhiomlán an luacha saothair a íoctar le fostaithe a bhriseadh suas idir tuarastal, ragobair agus liúntais.
- c) Ba cheart nóta ar leith maidir le tuarastal agus sochair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin (agus íocaíocht foirceanta más cuí) a chur san áireamh chomh maith.
- d) Ba cheart nóta ar leith maidir le sochair foirceanta do gach ball foirne a chur san áireamh. Ba cheart sochair foirceanta a choinneáil scartha, de réir mar a leagtar amach thuas.

vii) Comhlachtaí Tráchtála Stáit: Anuas ar an mbille comhiomlán tuarastail agus líon iomlán na bhfostaithe a nochtadh, ba cheart do chomhlachtaí Stáit sonraí maidir le líon na bhfostaithe a raibh a sochair iomlána fostaithe (costais phinsin an fhostóra as an áireamh) sa tréimhse tuairiscithe laistigh de gach banna de €25,000 ó €50,000 agus os a chionn a fhoilsiú ina thuarascáil bhliantúil agus/nó ráitis airgeadais, chomh maith le figiúr iomlán do ranníocaíochtaí pinsin an fhostóra.

viii) Comhlachtaí Neamhthráchtála Stáit: Anuas ar an mbille comhiomlán tuarastail agus líon iomlán na bhfostaithe a nochtadh, ba cheart do chomhlachtaí neamhthráchtála Stáit sonraí maidir le líon na bhfostaithe a raibh a sochair iomlána fostaithe (costais phinsin an fhostóra as an áireamh) sa tréimhse tuairiscithe laistigh de gach banna de €10,000 ó €60,000 agus os a chionn a fhoilsiú ina thuarascáil bhliantúil agus/nó ráitis airgeadais, chomh maith le figiúr iomlán do ranníocaíochtaí pinsin an fhostóra.

ix) Dlíteanais Phinsin: Ba cheart na cleachtais chaighdeánacha maidir le dlíteanais aoisliúntais seirbhíse poiblí a léiriú a leanúint i ngach cás.

1.5 Costais Sainchomhairleoireachta: Ba cheart do chomhlachtaí Stáit sonraí maidir le caiteachas ar tháillí sainchomhairleoireachta/comhairleoirí a nochtadh ina dtuarascálacha bliantúla agus/nó ráitis airgeadais do gach bliain chuntasaíochta do gach eintiteas.

Chun na críche sin, ciallaíonn táillí sainchomhairleoireachta táillí a íoctar le páirtithe seachtracha a chuireann seirbhísí comhairleacha d'aon chineál ar fáil. Ba cheart táillí den chineál sin a mhiondealú de réir na catagóire mar a luaitear thíos, nó de réir mar a mheasann an comhlacht Stáit a bheith iomchuí ag féachaint, i measc nithe eile, dá mhéad, dá chor iomaíocht agus a mhéid atá an t-eolas nochta cheana féin:

- Díl (táillí dlí ar fud na réimsí atá le cur san áireamh anseo m.sh. pinsean, acmhainní daonna srl.);
- Comhairle cánach agus airgeadais (m.sh. dícheall cuí, cuntasaíocht, airgeadas corparáideach);
- Caidreamh poiblí/margaíocht; agus
- Pinsin agus acmhainní daonna; agus
- Eile.

Tabhair faoi deara nach gcuimsíonn comhairle airgeadais an méid nach mór a chur san áireamh faoi láthair i dtaca le táillí atá le híoc le hiniúcháirí.

Agus seirbhísí sainchomhairleoirí seachtracha á soláthar, ba cheart do chomhlachtaí Stáit cloí leis na dlíthe infheidhmithe ar fad agus treoirilínte an Chóid i dtaca le córas tairiscintí iomaíocha.

- 1.6 Ráiteas ar Rialú Inmheánach:** Ba cheart tuarascáil an Chathaoirligh chuig an Aire ábhartha i dtaca leis an gcóras um rialú inmheánach (alt 1.9(iv)) a chur san áireamh le tuarascáil bhliantúil an chomhlachta Stáit. Ba cheart go ndéanadh iniúcháirí seachtracha athbhreithniú ar an ráiteas sin le deimhniú go léiríonn sé cibé acu ar chomhlíon an comhlacht Stáit iniúchta na riachtanais d'alt 1.9(iv) agus cibé acu an bhfuil sé ag teacht le chéile leis an eolas atá acu óna n-obair iniúchta maidir leis na ráitis airgeadais. Ba cheart do na hiniúcháirí seachtracha a dtuarascáil ar an ábhar sin a chur san áireamh ina dtuarascáil iniúchta ar na ráitis airgeadais.
- 1.7 Spriocdhátaí:** Má cuireadh moill ar an iniúchadh agus níorbh fhéidir é sin a sheachaint, agus dá mbeadh deacrachtaí, nach bhfuil údar leo, roimh chomhlachtaí Stáit na riachtanais in ailt 1.4(ii) agus (iii) a chomhlíonadh, is féidir an spriocdháta ábhartha a shíneadh, faoi réir ceada ón Aire ábhartha.
- 1.8 Foilsiú ar an Idirlíon:** Ba cheart tuarascálacha bliantúla a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an chomhlachta Stáit.

Riachtanais Bhreise Tuairiscithe (Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh don Aire)

- 1.9 Tuarascáil Bhliantúil an Chathaoirligh don Aire Ábhartha:** Ní mór don Chathaoirleach gach comhlachta Stáit tuarascáil chuimsitheach ar an gcomhlacht Stáit, agus más cuí an Grúpa, a chur faoi bhráid an Aire ábhartha, agus más cuí RÉnua⁸, in éineacht le tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais an chomhlachta Stáit, tuarascáil ina ndéantar:
- i)** achoimre a thabhairt ar gach forbairt atá suntasach ó thaobh na tráchtála de a raibh tionchar acu ar an gcomhlacht Stáit, lena n-áirítear bunú d'aon fhochuideachta nó comhfhiontair agus fáil scaireanna, chomh maith le haon saincheisteanna móra ar dócha go dtiocfaidh siad aníos sa ghearrthéarma nó sa mheántéarma;
 - ii)** sonraí achoimre a chur ar fáil maidir le gach idirbheart airgeadais lasmuigh den chlár comhardaithe⁹ a rinne an comhlacht Stáit nár nochtadh i dtuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais an chomhlachta stáit, lena n-áirítear eolas faoi nádúr, cuspóir agus tionchar airgeadais na n-idirbheart airgeadais lasmuigh den chlár comhardaithe. Ba cheart ábhar agus formáid na míre seo den tuarascáil a chomhaontú leis an Aire ábhartha/na hoifigigh ainmnithe Roinne roimh ré;
 - iii)** a dhearbhu go bhfuiltear ag tabhairt faoi na nósanna imeachta cuí ar fad maidir le tuairisciú airgeadais, iniúchadh inmheánach, taisteal, soláthar agus diúscairt sócmhainní;
 - iv)** ráiteas ar an gcóras rialaithe inmheánaigh sa bhformáid a leagtar amach in **Aguisín D** a chur san áireamh, agus, má sainaithníodh sárú an chórais sin, achoimre a thabhairt ar na bearta a ghlacfar le cosaint ar shárú den chineál sin amach anseo;

⁸ Baineann sé seo le heintitis ainmnithe faoin Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2014

⁹ Mar threoir, is éard is idirbheart lasmuigh den chlár comhardaithe ann ná socrú nach n-aithneofar sócmhainn ná dliteanas atá os cionn €10 milliún nó 2% de shócmhainní iomlána an chuideachta, cibé acu is lú, ar chlár comhardaithe an chomhlachta Stáit féin (nó clár comhardaithe comhdhlúite grúpa an chomhlachta Stáit) dá bharr, nó socrú a bhféadfaí nach n-aithneofaí sócmhainn ná dliteanas den chineál sin ar an gclár comhardaithe dá bharr. Áirítear leo, mar shampla, léasanna, litreacha creidmheasa, ráthaíochtaí, díorthaigh, díolachán infháltas, fiachas nó ionstraimí ar nós fiachais a bhaineann le gnáthscaireanna neamhchomhdhlúite nó comhfhiontair.

- v) a dhearbhu gur cuireadh i bhfeidhm agus cloíodh le Cóid Iompair don Bhord agus d'fhostaithe.
- vi) a dhearbhu go bhfuiltear ag cloí le beartas Rialtais maidir le pá na bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus gach fostaí an chomhlachta Stáit;
- vii) a dhearbhu go bhfuiltear ag cloí le treoirlínte an Rialtais maidir le híocaíocht tháillí na gcomhaltaí Boid;
- viii) míniú a thabhairt ar aon chás nár cloíodh le haon cheann de na nithe thuas agus aon bheart ceartaitheach a glacadh nó a pléadh a chur in iúl;
- ix) achoimre a thabhairt ar imeachtaí suntasacha iar-chlár comhardaithe;
- x) a dheimhniú go gcloítear leis na riachtanais chuí i gCód Caiteachais Phoiblí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe;
- xi) a dheimhniú go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm maidir le nochtaí cosanta a dhéanamh de réir alt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 agus a dheimhniú gur foilsíodh an tuarascáil bhliantúil atá ag teastáil faoi alt 22(1) den Acht;
- xii) a dheimhniú go gcloítear le riachtanais bheartais taistil an Rialtais ar gach slí;
- xiii) a dheimhniú gur chomhlíon an comhlacht Stáit a n-oibleagáidí ar fad faoi dhlí cánach;
- xiv) sonraí a chur ar fáil maidir le hachrainn dlí ina bhfuil páirt ag comhlachtaí Stáit eile;
- xv) a dheimhniú gur glacadh leis an gCód sin agus a mhéid atá an comhlacht Stáit ag cloí leis an gCód; agus
- xvi) a chur in iúl go leanann aon fochuideachta d'aon chomhlacht Stáit (nó fochuideachta dá chuid) de bheith ag oibriú chun na críche ar cuireadh ar bun é, agus go gcomhlíonann sé anois agus go gcomhlíonfaidh sé amach anseo téarmaí agus coinníollacha an toilithe faoinar cuireadh ar bun é.

1.10 Forbairtí Suntasacha atá Íogair ó thaobh na Tráchtála de: Chomh maith leis na ráitis airgeadais neamhniúchta gach sé mhí, ba cheart don Chathaoirleach tuarascáil eatramhach a chur ar fáil don Aire ábhartha agus, más cuí, RÉnua maidir le forbairtí suntasacha atá íogair ó thaobh na tráchtála de sna sé mhí roimhe sin agus na forbairtí is dócha a bheidh ann sa chuid eile den bhliain.

1.11 Tuairisciú Fochuideachta: Ba cheart do Chathaoirleach an Bhoird de gach fochuideachta tuairisciú go foirmiúil don Phríomhbhord ar an mbealach céanna a dtuairiscíonn Cathaoirleach an Phríomhbhoird don Aire ábhartha. Ba cheart go bhfaighfí an tuarascáil sin sula dtuairiscíonn an Príomhbhord.

Leagtar amach na riachtanais tuairiscithe atá ag teastáil ó chomhlachtaí Stáit (a) faoin tuarascáil bhliantúil, (b) faoi na ráitis airgeadais, agus (c) faoi Thuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh don Aire ábhartha i bhformáid tháblach in Aguisíní A, B agus C.

Aguisín A:	Tuarascáil
Aguisín B:	Ráitis Airgeadais
Aguisín C:	Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh don Aire
Aguisín D:	Ráiteas ar Chóras Rialaithe Inmheánaigh i gComhlacht Stáit

Gluaisre

I gcomhthéacs an Chóid seo, beidh an bhrí seo a leanas ag na téarmaí thíos:

- **Oifigeach Cuntasaíochta** - tugtar sainmhíniú in Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 ar Oifigeach Cuntasaíochta mar "oifigeach dá dtagraítear in alt 22 den Acht [Exchequer and Audit Department's Act of 1866] ar a bhfuil sé de chúram cuntais leithreasaithe Roinne faoin alt sin".
- **Tuarascáil Bhliantúil** - Tuarascáil ina ndéantar cur síos ar ghníomhaíochtaí agus feidhmíocht airgeadais an chomhlachta Stáit le linn na bliana roimhe sin. Áirítear leis sin na ráitis airgeadais agus d'fhéadfaí go n-áireofaí leis tuarascálacha ó na daoine siúd a bhfuil sé de chúram orthu rialachas a dhéanamh (Cathaoirleach an Bhoird, mar shampla), athbhreithniú ar straitéis agus feidhmíocht an chomhlachta Stáit, eolas maidir le bainistíocht riosca agus rialachas, chomh maith le heolas eile do pháirtithe leasmhara.
- **CEO** - Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, nó *Chief Executive Officer*
- **Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh don Aire** - Litir rúnda a sheolann Cathaoirleach Bhord an chomhlachta Stáit chuig an Aire sa mháthair-Roinn.
- **Ráitis Airgeadais** - Taifead foirmiúil ghníomhaíochtaí agus staid airgeadais an chomhlachta Stáit don bhliain airgeadais roimhe sin, nochtaí san áireamh, a bhfuil sé mar aidhm aige acmhainní eacnamaíocha nó dualgais an chomhlachta Stáit a chur in iúl ag tráth áirithe nó athruithe lena linn do thréimhse ama de réir creatlach tuairiscithe airgeadais.
- **Comhfhiontar** - Is eintiteas gnó é comhfhiontar a bhunaigh dhá pháirtí nó níos mó. De ghnáth, bíonn úinéireacht roinnte, rioscaí agus sochair roinnte agus rialachas roinnte ina gcomharthaí sóirt aige.
- **RÉnua** - *NewERA*, New Economy and Recovery Authority
- **ODCE** – Oifig an Stiúirthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach.
- **OECD** – an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta.
- **Máthair-Roinn** - An Roinn a bhfuil an comhlacht Stáit faoina coimirce.
- **Comhlacht Stáit** - Féach leathanach 11 den Chód Cleachtas.
- **Fochuideachta** - Is cuideachta é fochuideachta atá faoi rialú na máthairchuideachta nó na cuideachta sealbhaíochta - go minic tugtar é sin le fios ag sealúchais níos airde ná 50% de scair chaipitil vótála an chomhlachta. Is fochuideachta ar lánúinéireacht é fochuideachta atá 100% faoi úinéireacht na máthairchuideachta nó na cuideachta sealbhaíochta.

Áirítear leis na riachtanais tuairiscithe don Tuarascáil Bhliantúil na nithe seo a leanas:

1. Ba cheart do gach comhlacht Stáit an comhaontú a rinneadh lena mháthair-Roinn a chur in iúl ina thuarascáil bhliantúil i dtaca lena leibhéal comhlíonta leis an gCód sin. Ba cheart a mhíniú cibé acu an dtabharfar riachtanais áirithe isteach de réir a chéile thar thréimhse fhada ama, nó an ndéanfar iad a chur i bhfeidhm ar bhealach éigin difriúil. **(Riachtanais Chomhlíonta)**
2. Ba cheart don Bhord de gach comhlacht Stáit plean bliantúil agus/nó buiséad a fhaomhadh, ba cheart dó tabhairt faoi mheastóireacht fhoirmiúil ar fheidhmíocht iarbhír i gcomparáid leis an bplean, agus/nó buiséadú a dhéanamh ar bhonn bliantúil agus é sin a léiriú, de réir mar is cuí, sa tuarascáil bhliantúil. **(1.19 -Cód Cleachtais)**
3. Ní mór a chur in iúl sa tuarascáil bhliantúil go bhfuil an Bord freagrach as an tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais¹⁰ a ullmhú, chomh maith le plé a dhéanamh ar cibé acu an dtugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an chomhlachta Stáit ag deireadh na bliana. **(1.20 – Cód Cleachtais)**
4. Ba cheart don Bhord a chur in iúl sa tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais conas a rinneadh meastóireacht feidhmíochta an Bhoird agus a choistí. Ba cheart meastóireacht sheachtrach atá i gcomhréir le méid agus riachtanais an chomhlachta Stáit a dhéanamh gach 3 bliana ar a laghad. **(4.6 - Cód Cleachtais)**
5. Ba cheart ráiteas maidir le conas a oibríonn an Bord a chur san áireamh leis an tuarascáil bhliantúil, lena n-áirítear ráiteas maidir leis na cineálacha cinntí a ghlacann an Bord agus na cinntí atá le tarmligean chuig an mbainistíocht. **(4.7 – Cód Cleachtais)**
6. Ba cheart don Choiste Iniúchta agus Riosca cruinniú le chéile ceithre huair sa bhliain ar a laghad agus cuireadh chuig cruinnithe a thabhairt do dhaoine seachtracha a bhfuil an saineolas cuí acu, más gá. Má shíltear nach bhfuil gá le ceithre chruinniú, ba cheart do Chathaoirleach an chomhlachta Stáit ráiteas a dhéanamh i dtuarascáil bhliantúil an chomhlachta Stáit a dheimhniú go bhfuil sé/sí sásta gur chomhlíon an Coiste Iniúchta agus Riosca a ról le níos lú na ceithre chruinniú le linn na bliana. **(1.13 – Riachtanais Coiste Iniúchta agus Riosca)**
7. Ainmneacha an Chathaoirligh, an Leas-Chathaoirligh (más ann), an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus na gcomhaltaí Boird agus coistí Boird. **(1.3 - Doiciméad maidir le Riachtanais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais)**
8. Ba cheart líon na gcruinnithe Boird agus cruinnithe choistí an Bhoird, chomh maith le tinreamh gach comhalta Boird ag cruinnithe Boird, a thuairisciú sa tuarascáil bhliantúil. **(1.4(v) – Doiciméad maidir le Riachtanais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais)**
9. Ba cheart do gach comhlacht tráchtála Stáit a thuarascáil bhliantúil agus/nó ráitis airgeadais a fhoilsiú (nó, mura bhfuil sé sin riachtanach, iad a chur isteach chuig an Rialtas) tráth nach déanaí ná ceithre mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais ábhartha. I gcás comhlachtaí neamhtráchtála Stáit, ba cheart é sin a dhéanamh tráth nach déanaí ná mí amháin tar éis don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ráiteas airgeadais an chomhlachta sin a chur i gcrích agus sé mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais don chomhlacht sin (cibé acu is luaithe). **(1.4(iii) – Doiciméad maidir le Riachtanais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais)**
10. Dearbhú go ndearna an Bord measúnú cuí ar phríomhrioscaí an chomhlachta Stáit, lena n-áirítear cur síos ar na rioscaí sin, agus más cuí bearta nó straitéisí maolaithe lena mbaianeann. **(7.2 - Cód Cleachtais)**
11. Ba cheart do Chathaoirleach de gach comhlacht Stáit dearbhú sa tuarascáil bhliantúil go bhfuil an eagraíocht ag cloí le gnéithe ábhartha an Chóid Chaiteachais Phoiblí. **(8.25 - Cód Cleachtais)**

¹⁰ Seachas i gcás comhlacht reachtúil a freagracht aige as cistí "Vótáilte"; sa chás sin, tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an Cuntas Leithreasa bhliantúil a ullmhú.

12. Ba cheart tuarascáil an Chathaoirligh chuig an Aire ábhartha i dtaca leis an gcóras um rialú inmheánach **(alt 1.9(iv) - Doiciméad maidir le Riachtanais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais)** a chur san áireamh le tuarascáil bhliantúil an chomhlachta Stáit. Ba cheart go ndéanfadh iniúchóirí seachtracha athbhreithniú ar an ráiteas sin le deimhniú go léiríonn sé cibé acu ar chomhlíon an comhlacht Stáit iniúchta na riachtanais d'alt **1.9(iv)** agus cibé acu an bhfuil sé ag teacht le chéile leis an eolas atá acu óna n-obair iniúchta maidir leis na ráitis airgeadais. Ba cheart do na hiniúchóirí seachtracha a dtuarascáil ar an ábhar sin a chur san áireamh ina dtuarascáil iniúchta ar na ráitis airgeadais. **(1.6 - Doiciméad maidir le Riachtanais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais)**

Áirítear leis na riachtanais tuairiscithe do na ráitis airgeadais na nithe seo a leanas:

Nóta: Is tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhféadfadh máthair-Ranna roghnú faisnéis airgeadais bhreise a iarraidh níos minice ná na heatraimh thíosluaite anseo.

1. Ba cheart do gach comhlacht tráchtála Stáit ráitis airgeadais eatramhacha don chéad leath den bhliain nach ndearnadh iniúchadh orthu a chur faoi bhráid a mháthair-Roinne agus, más cuí, na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus RÉnua¹¹ tráth nach déanaí ná deireadh an t-ochtú mí den bhliain airgeadais. **(1.4(i) – Doiciméad maidir le Riachtanais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais)**
2. Ba cheart dréacht-ráitis airgeadais nach ndearnadh iniúchadh orthu¹² do gach comhlacht Stáit a chur faoi bhráid na máthair-Roinne agus, más cuí, na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus RÉnua tráth nach déanaí ná dhá mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais ábhartha. **(1.4(ii) - Doiciméad maidir le Riachtanais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais)**
3. Ba cheart do gach comhlacht tráchtála Stáit a thuarascáil bhliantúil agus/nó ráitis airgeadais a fhoilsiú (nó, mura bhfuil sé sin riachtanach, iad a chur isteach chuig an Rialtas) tráth nach déanaí ná ceithre mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais ábhartha. I gcás comhlachtaí neamhthráchtála Stáit, ba cheart é sin a dhéanamh tráth nach déanaí ná mí amháin tar éis don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh ráiteas airgeadais an chomhlachta sin a chur i gcrích agus sé mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais don chomhlacht sin (cibé acu is luaithe). **(1.4(iii) – Doiciméad maidir le Riachtanais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais)**
4. Ar mhaithe le trédhearcacht agus dea-rialachas, tá sé de cheangal ar chomhlachtaí Stáit sonraí maidir le táillí neamhphá a íoctar le comhaltaí Boird, agus anailís déanta air sin de réir chatagóir na dtáillí, a fhoilsiú ina thuarascáil bhliantúil agus/nó ráiteas airgeadais, chomh maith le tuarastal an phríomhoifigigh feidhmiúcháin. **(1.4(iv) – Doiciméad maidir le Riachtanais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais)**
5. Ba cheart do chomhlachtaí Stáit sonraí maidir le caiteachas ar tháillí sainchomhairleoireachta / comhairleoirí a nochtadh ina dtuarascálacha bliantúla agus/nó ráitis airgeadais do gach bliain chuntasaíochta do gach eintiteas.

Chun na críche sin, ciallaíonn táillí sainchomhairleoireachta táillí a íoctar le páirtithe seachtracha a chuireann seirbhísí comhairleacha d'aon chineál ar fáil. Ba cheart táillí den chineál sin a mhiondealú de réir na catagóire mar a luaitear thíos, nó de réir mar a mheasann an comhlacht Stáit a bheith iomchuí ag féachaint, i measc nithe eile, dá mhéad, dá chor iomaíocht agus a mhéid atá an t-eolas nochtá cheana:
 - Dlí (táillí dlí sna réimsí atá le cur san áireamh anseo m.sh. pinsean, acmhainní daonna srl.);
 - Comhairle cánach agus airgeadais (m.sh. dícheall cuí, cuntasaíocht, airgeadas corparáideach);
 - Caidreamh poiblí/margaíocht;
 - Pinsin agus acmhainní daonna; agus
 - Eile. **(1.5 - Doiciméad maidir le Riachtanais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais)**
6. **Comhlachtaí Tráchtála Stáit:** Anuas ar an mbille comhiomlán tuarastail agus líon iomlán na bhfostaithe a nochtadh, ba cheart do chomhlachtaí Stáit sonraí maidir le líon na bhfostaithe a raibh a sochair iomlána fostaithe (costais phinsin an fhostóra as an áireamh) sa tréimhse tuairiscithe laistigh de gach banna de €25,000 ó €50,000 agus os a chionn a fhoilsiú ina thuarascáil bhliantúil agus/nó ráitis airgeadais, chomh maith le figiúr iomlán do ranníocaíochtaí pinsin an fhostóra. **(1.4(vii) - Doiciméad maidir le Riachtanais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais)**

¹¹ Baineann sé seo le heintitis ainmnithe faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2014

¹² Déanann dréacht-ráitis airgeadais neamhiniúchta tagairt do dhréacht-ráitis airgeadais agus na nótaí ann (de réir na gcaighdeán cuntasaíochta infheidhmithe) agus ní dhéanann siad tagairt do chuntais bhainistíochta.

<p>7. Comhlachtaí Neamhthráchtála Stáit: Anuas ar an mbille comhiomlán tuarastail agus líon iomlán na bhfostaithe a nochtadh, ba cheart do chomhlachtaí neamhthráchtála Stáit sonraí maidir le líon na bhfostaithe a raibh a sochair iomlána fostaithe (costais phinsin an fhostóra as an áireamh) sa tréimhse tuairiscithe laistigh de gach banna de €10,000 ó €60,000 agus os a chionn a fhoilsiú ina thuarascáil bhliantúil agus/nó ráitis airgeadais, chomh maith le figiúr iomlán do ranníocaíochtaí pinsin an fhostóra. (1.4(viii) - Doiciméad maidir le Riachtanais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais)</p>
<p>8. Ba cheart do chomhlachtaí Stáit sonraí comhiomlána maidir le luach saothair an phríomhphearsanra bainistíochta a nochtadh ina thuarascáil bhliantúil agus/nó ráitis airgeadais, agus anailís déanta air sin de réir na gcatagóirí seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> a) Tuarastail agus sochair ghearrthréimhse fostaithe; b) Sochair iarfhostaíochta; agus c) Sochair foirceanta; <p>Nochtfaidh eintiteas luach saothair an phríomhphearsanra bainistíochta san iomlán chomh maith. (1.4(vi) - Doiciméad maidir le Riachtanais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais)</p>
<p>9. Íocaíochtaí agus comhaontuithe foirceanta/scaoilte - Ba cheart go nochtfar sna ráitis airgeadais sonraí maidir le híocaíochtaí agus comhaontuithe (a bhfuil luach comhiomlán os cionn €10,000) acu i dtréimhse an tuairiscithe. Áirítear leis sin íocaíochtaí foirceanta/scaoilte, deonú blianta breise chun críche pinsin nó luathscor gan na gnáthasbhaintí achtúireacha. (1.3 - Doiciméad maidir le Riachtanais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais)</p>
<p>10. Taisteal agus Maireachtáil - Ba cheart go nochtfaí sna ráitis airgeadais an costas iomlán a tabhaíodh maidir le taisteal agus costais mhaireachtála, agus go ndéanfaí miondealú air de réir taisteal náisiúnta agus idirnáisiúnta. (1.3 - Doiciméad maidir le Riachtanais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais)</p>
<p>11. Caiteachas Fáilteachais - Ba cheart go nochtfaí sna ráitis airgeadais an caiteachas comhiomlán a tabhaíodh maidir le fáilteachas le linn na tréimhse. (Áirítear leis seo cóisirí Nollag, cóisirí scoir, caiteachas ar fholláine foirne, ranníocaíochtaí le clubanna spóirt agus sóisialta, dearbháin One4all, bronntanais scoir/fágála, bláthanna, srl.) (1.3 - Doiciméad maidir le Riachtanais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais)</p>
<p>12. Costais Dí/Socrúithe - má sháraíonn an costas dlí comhiomlán a tabhaíodh i rith na bliana cuntasaíochta €50,000, ba cheart nóta a chur san áireamh leis na ráitis airgeadais ina gcuirfear miondealú ar na costais iomlána, de réir táillí dlíthiúla agus an cúiteamh a íocadh, ar fáil. (1.3 - Doiciméad maidir le Riachtanais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais)</p>

Áirítear leis na nithe atá le cur san áireamh le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh don Aire agus, más cuí, chuig RÉnua¹² na nithe seo a leanas:

1. Ba cheart tuarascáil an Chathaoirligh chuig an Aire ábhartha i dtaca leis an gcóras um rialú inmheánach (**alt 1.9(iv) - Doiciméad maidir le Riachtanais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais**) a chur san áireamh le tuarascáil bhliantúil an chomhlachta Stáit. Ba cheart go ndéanadh iniúchóirí seachtracha athbhreithniú ar an ráiteas sin le deimhniú go léiríonn sé cibé acu ar chomhlíon an comhlacht Stáit iniúchta na riachtanais d'alt **1.9(iv)** agus cibé acu an bhfuil sé ag teacht le chéile leis an eolas atá acu óna n-obair iniúchta maidir leis na ráitis airgeadais. Ba cheart do na hiniúchóirí seachtracha a dtuarascáil ar an ábhar sin a chur san áireamh ina dtuarascáil iniúchta ar na ráitis airgeadais. (**1.6 - Doiciméad maidir le Riachtanais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais**)
2. Ba cheart go n-áireofaí le tuarascáil an Chathaoirligh don Aire ábhartha ráiteas ar an gcóras rialaithe inmheánaigh sa bhformáid a leagtar amach in Aguisín D, agus, má sainaithníodh sárú an chórais sin, achoimre a thabhairt ar na bearta a ghlacfar le cosaint ar shárú den chineál sin amach anseo. (**1.9(iv) - Doiciméad maidir le Riachtanais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais**)
3. Ba cheart achoimre a thabhairt ar gach forbairt atá suntasach ó thaobh na tráchtála de a raibh tionchar acu ar an gcomhlacht Stáit, lena n-áirítear bunú d'aon fhochuideachta nó comhfhiontair agus fáil scaireanna, mar aon le haon saincheisteanna móra ar dócha go dtiocfaidh siad aníos sa ghearrthearma nó sa mheántearma. (**1.9(i) - Doiciméad maidir le Riachtanais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais**)
4. Ba cheart sonraí achoimre a chur ar fáil i dtuarascáil chuimsitheach an Chathaoirligh maidir le gach idirbheart airgeadais lasmuigh den chlár comhardaithe¹⁴ a rinne an comhlacht Stáit nár nochtadh i dtuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais an chomhlachta stáit, lena n-áirítear eolas faoi nádúr, cuspóir agus tionchar airgeadais na n-idirbheart airgeadais lasmuigh den chlár comhardaithe. Ba cheart ábhar agus formáid na míre seo den tuarascáil a chomhaontú leis an Aire ábhartha/na hoifigigh ainmnithe Roinne roimh ré. (**1.9(ii) - Doiciméad maidir le Riachtanais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais**)
5. Ba cheart a dhearbhu go bhfuiltear ag tabhairt faoi na nósanna imeachta cuí ar fad maidir le tuairisciú airgeadais, iniúchadh inmheánach, taisteal, soláthar agus diúscairt sócmhainní. (**1.9(iii) - Doiciméad maidir le Riachtanais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais**) Mar shampla, ba cheart sonraí agus mínithe maidir leis na diúscairtí sócmhainní nó bronntaí rochtana ar mhaoin nó infreastruchtúr le haghaidh socrúithe tráchtála le tríú páirtithe atá os cionn an tairseach de €150,000 nach ndearnadh ceant nó próiseas tairiscintí iomaíocha ina leith a chur san áireamh. (**8.34**)
6. Ba cheart a dhearbhu gur cuireadh i bhfeidhm agus cloíodh le Cóid Iompair don Bhord agus d'fhostaithe. (**1.9(v) - Doiciméad maidir le Riachtanais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais**)
7. Ba cheart a dhearbhu go bhfuiltear ag cloí le beartas Rialtais maidir le pá na bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus gach fostaí an chomhlachta Stáit. (**1.9(vi) - Doiciméad maidir le Riachtanais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais**)
8. Ba cheart a dhearbhu go bhfuiltear ag cloí le treoirlínte an Rialtais maidir le híocaíocht tháillí na gcomhaltaí Boird. (**1.10(vii) - Doiciméad maidir le Riachtanais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais**) Ba cheart go n-áireofaí le tuarascáil chuimsitheach an Chathaoirligh sceideal na dtáillí agus na gcostas comhiomlán a íocadh le comhaltaí an Bhoird freisin. (**2.10 - Luach Saothair agus Aoisliúntas**)

¹³ Baineann sé seo le heintitis ainmnithe faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2014

¹⁴ Mar threoir, is éard is idirbheart lasmuigh den chlár comhardaithe ann ná socrú nach n-aithneofar sócmhainn ná dliteanas atá os cionn €2% milliún nó 2% de shócmhainní iomlána an chuideachta, cibé acu is lú, ar chlár comhardaithe an chomhlachta Stáit féin (nó clár comhardaithe comhdhlúite grúpa an chomhlachta Stáit) dá bharr, nó socrú a bhféadfaí nach n-aithneofaí sócmhainn ná dliteanas den chineál sin ar an gclár comhardaithe dá bharr. Áirítear leo, mar shampla, léasanna, litreacha creidmheasa, ráthaíochtaí, díorthaigh, díolachán infháltas, fiachas nó ionstraimí ar nós fiachais a bhaineann le gnáthscaireanna neamhchomhdhlúite nó comhfhiontair.

<p>9. Mar chuid de thuarascáil chuimsitheach an Chathaoirligh, ba chóir don Chathaoirleach a dhearbhu go gcloítear le treoirlínte pá an Rialtais i dtaca leis na daoine ceaptha atá ar an bPríomhbhord agus aon fhochuideachtaí de chomhlachtaí Stáit. (2.10 - Luach Saothair agus Aoisliúntas)</p>
<p>10. Ba cheart míniú a thabhairt ar aon chás nár cloíodh le haon cheann de na nithe thuas agus aon bheart ceartaitheach a glacadh nó a pléadh a chur in iúl. (1.9(viii) – Doiciméad maidir le Riachtanais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais)</p>
<p>11. Ba cheart achoimre a thabhairt ar imeachtaí suntasacha iar-chlár comhardaithe. (1.9(ix) – Doiciméad maidir le Riachtanais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais)</p>
<p>12. Ba cheart a dheimhniú go gcloítear leis na riachtanais chuí i gCód Caiteachais Phoiblí. (1.9(x) - Doiciméad maidir le Riachtanais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais)</p>
<p>13. Ba cheart a dheimhniú go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm maidir le nochtaí cosanta a dhéanamh de réir alt 21(1) den acht um nochtadh cosanta 2014 agus a dheimhniú gur foilsíodh an tuarascáil bhliantúil atá ag teastáil faoi alt 22(1) den acht; (1.9(xi) – Doiciméad maidir le Riachtanais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais)</p>
<p>14. Ba cheart a dheimhniú go gcloítear le riachtanais beartais taistil an Rialtais ar gach slí. (1.9(xii) – Doiciméad maidir le Riachtanais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais)</p>
<p>15. Ba cheart a dheimhniú gur chomhlíon an comhlacht Stáit a n-oibleagáidí ar fad faoi dhlí cánach; (1.9(xiii) – Doiciméad maidir le Riachtanais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais)</p>
<p>16. Ba cheart sonraí a chur ar fáil maidir le hachrainn dlí ina bhfuil páirt ag comhlachtaí Stáit eile. (1.9(xiv) – Doiciméad maidir le Riachtanais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais)</p>
<p>17. Ba cheart a dheimhniú gur glacadh leis an gCód sin agus a mhéid atá an comhlacht Stáit ag cloí leis an gCód. (1.9(xv) – Doiciméad maidir le Riachtanais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais)</p>
<p>18. Ba cheart a chur in iúl go leanann aon fochuideachta d'aon chomhlacht Stáit (nó fochuideachta dá chuid) de bheith ag oibriú chun na críche ar cuireadh ar bun é, agus go gcomhlíonann sé anois agus go gcomhlíonfaidh sé amach anseo téarmaí agus coinníollacha an toilithe faoinar cuireadh ar bun é. (1.9(xvi) – Doiciméad maidir le Riachtanais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais)</p>
<p>19. Chomh maith leis na ráitis airgeadais neamhniúchta gach sé mhí, ba cheart don Chathaoirleach tuarascáil eatramhach a chur ar fáil don Aire ábhartha agus, más cuí, RÉnua maidir le forbairtí suntasacha atá íogair ó thaobh na tráchtála de sna sé mhí roimhe sin agus na forbairtí is dócha a bheidh ann sa chuid eile den bhliain. (1.10 - Doiciméad maidir le Riachtanais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais)</p>
<p>20. Ba cheart don Chathaoirleach a dhearbhu sa tuarascáil bhliantúil don Aire go bhfuiltear ag cloí le beartas agus nósanna imeachta cuí soláthair agus go bhfuil Plean Corparáideach Soláthair á fhorbairt agus á chur i bhfeidhm. (8.20 - Cód Cleachtais)</p>
<p>21. Ba cheart soláthar neamhiomaíoch a thuirisciú i dtuarascáil chuimsitheach an Chathaoirligh don Aire. (8.16 - Cód Cleachtais)</p>

Ba cheart go n-áireofaí le ráiteas ar an gcóras rialuithe inmheánacha i gcomhlacht Stáit na nithe seo a leanas:

1. Dearbhú go nglacann an Cathaoirleach leis go bhfuil an Bord freagrach as córas rialaithe inmheánaigh an chomhlachta Stáit.
2. Míniú a chuireann in iúl nach féidir le córas den chineál sin ach gealltanais réasúnta a thabhairt i leith earráid ábhartha agus nach gealltanais absalóideach é.
3. Cur síos ar na príomhnósanna imeachta a cuireadh in oiriúint do mhéid agus castacht na heagraíochta d'fhonn tuiscint iomlán ar na nósanna imeachta, a chuir an Bord i bhfeidhm, a chur ar fáil le rialú éifeachtach inmheánach a sholáthar.
 - i) Ráiteas maidir le cathain a rinneadh an t-athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht an rialaithe nó mura ndearnadh athbhreithniú den chineál sin, ráiteas a dhearbhaíonn nach ndearnadh é.
 - ii) Nochtadh sonraí a bhaineann le sárúithe rialaithe - d'fhéadfaí go n-áireofaí leis na sárúithe sin neamhchomhlíonadh rialacha soláthair nó cásanna eile nuair nach raibh gnéithe den chóras rialaithe (m.sh. iniúchadh inmheánach, an Coiste Iniúchta agus Riosca nó coistí eile) ag feidhmiú i gceart.
 - iii) Nochtadh sonraí maidir le haon chaillteanas nó calaois ábhartha.
 - iv) Tá an Ráiteas ar an gCóras Rialuithe Inmheánacha le hathbhreithniú ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca agus ag an mBord lena chinntiú go léiríonn sé go cruinn an córas rialaithe a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe.
 - v) Tá an Ráiteas ar an gCóras Rialuithe Inmheánacha le hathbhreithniú ag iniúcháirí seachtracha athbhreithniú le deimhniú go léiríonn sé cibé acu ar chomhlíon an comhlacht iniúchta Stáit na riachtanais d'alt 1.9(iv) agus cibé acu an bhfuil sé ag teacht le chéile leis an eolas atá acu óna n-obair iniúchta maidir leis na ráitis airgeadais, agus, mura bhfuil sé, ba cheart don iniúcháir seachtrach é sin a thuairisciú sa tuarascáil iniúcháir ar na ráitis airgeadais lena mbaineann.
 - vi) na bearta a glacadh le timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú (cosúil le freagrachtaí bainistíochta atá sainithe go soiléir);
 - vii) na próisis a úsáidtear le rioscaí gnó a aithint agus a dtionchair airgeadais a mheasúnú;
 - viii) sonraí maidir leis na córais mhóra faisnéise atá i bhfeidhm, cosúil le buiséid, agus na modhanna a úsáideadh le torthaí iarbhír a chur i gcomparáid le buiséid le linn na bliana;
 - ix) na nósanna imeachta atá ann le dul i ngleic le tionchair airgeadais na rioscaí móra gnó (cosúil le treoracha airgeadais agus nótaí faoi nósanna imeachta, cleachtais tarmligin cosúil le huasteorainneacha údaraithe, scaradh dualgas agus modhanna le calaois a chosc agus a bhrath); agus
 - x) na nósanna imeachta atá i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh, agus d'fhéadfaí go n-áireofaí leis sin: Coistí Iniúchta agus Riosca, athbhreithnithe bainistíochta, sainchomhairleoireacht, staidéir chigreachta agus athbhreithnithe, obair an iniúchta inmheánaigh, athbhreithnithe iniúchta cáilíochta agus ráitis ó cheannairí an iniúchta inmheánaigh.
4. Dearbhú go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh.
5. Faisnéis (más cuí) faoi na laigí sa rialú inmheánach ar tharla cailteanais ábhartha nó teagmhais dá mbarr, nó a bhfuil ábhair éiginnteachta ann dá mbarr, nach mór nochtadh a dhéanamh ina leith sna ráitis airgeadais nó i dtuarascáil an iniúcháir faoi na ráitis airgeadais.
6. Ba cheart go gcuirfí faisnéis faoi laigí sa rialú inmheánach in iúl mar chur síos ar an mbeart a glacadh, nó an beart atá beartaithe, chun an laige a chur i gceart, nó míniú ar cén fáth a meastar nach bhfuil beart de dhíth.
7. Dearbhú a chuireann in iúl go bhfuil an comhlacht Stáit ag comhlíonadh na rialacha agus treoirínte reatha soláthair mar a leagann an Oifig um Sholáthar Rialtais amach.

Luach Saothair agus Aoisliúntas

Clár na nÁbhar

	Réamheolas	2
1	Luach Saothair agus Aoisliúntas	3
	Luach Saothair agus Aoisliúntas – Comhlachtaí Tráchtála Stáit	4
	Luach Saothair agus Aoisliúntas – Comhlachtaí Neamhtráchtála Stáit	5
2	Táillí do Chomhaltaí Boird	7
	Scéimeanna Maoinithe Pinsin agus Riachtanais Chaighdeánacha Maoinithe Íosta	8
3	Taisteal agus Fáilteachas Oifigiúil	10
	Gluisre	11

Aguisíní

	Aguisín A - Creat um Bheartas Taistil do Chomhlachtaí Stáit	12
--	---	----

Luach Saothair agus Aoisliúntas

Réamheolas

Is é cuspóir an doiciméid seo na riachtanais maidir le Luach Saothair agus Aoisliúntas a leagan amach, riachtanais nach mór do chomhlachtaí Stáit a chomhlíonadh faoin *gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit*.

Tá sé de cheangal ar Chathaoirligh agus Boird gach comhlachta Stáit beartas Rialtais a chur i bhfeidhm i dtaca leis an bpacáiste iomlán luacha saothair (buntuarastal, liúntais agus na sochair airgid nó comhchineáil ar fad eile san áireamh), agus i dtaca le socruithe eile maidir le sochair aoisliúntais agus foirceanta do Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin/Stiúrthóirí Bainistíochta na gcomhlachtaí Stáit.

Tá sé de cheangal ar Chathaoirligh agus Boird comhlachtaí Stáit freisin aon bheartas Rialtais a chur i bhfeidhm, de réir mar a leagtar amach ó am go ham, i dtaca le luach saothair an Bhoird agus na mball foirne ar fad eile.

Chuir Aonad Cuntasaíochta an Rialtais, ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, an doiciméad seo le chéile. Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le:

Aonad Cuntasaíochta an Rialtais
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus
Athchóirithe, Oifigí an Rialtais
Sráid Mhuirfean
Uachtarach, Baile
Átha Cliath 2
D02 R583
Ríomhphost: govacc@per.gov.ie

1. Luach Saothair agus Aoisliúntas

Prionsabail

Tá sé de cheangal ar Chathaoirligh agus Boird gach comhlachta Stáit beartas Rialtais a chur i bhfeidhm i dtaca leis an bpacáiste iomlán luacha saothair (buntuarastal, liúntais agus na sochair airgid nó comhchineáil ar fad eile san áireamh), agus i dtaca le socruithe eile maidir le sochair aoisliúntais agus foirceanta do Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin/Stiúrthóirí Bainistíochta na gcomhlachtaí Stáit.

Tá sé de cheangal ar Chathaoirligh agus Boird comhlachtaí Stáit freisin aon bheartas Rialtais a chur i bhfeidhm, de réir mar a leagtar amach ó am go ham, i dtaca le luach saothair na gcomhaltaí Boird agus na mball foirne ar fad eile. Tá an ról sin fíorthábhachtach ó thaobh muinín an phobail as an gcomhlacht Stáit a choinneáil, chomh maith le creidiúnacht agus cáil an chomhlachta Stáit.

Ba chóir do Bhord cloí le beartas Rialtais maidir le socruithe íocaíochta do Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus, más infheidhme, baill foirne eile i gcomhlachtaí tráchtála Stáit, chomh maith le haon choinníoll a bhaineann le faomhadh a thug an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus/nó an máthair-Roinn ábhartha.

Tá sé de cheangal ar chomhlachtaí Stáit sonraí maidir le táillí neamhphá a íoctar le comhaltaí Boird, agus anailís déanta air sin de réir chatagóir na dtáillí, agus tuarastal an phríomhoifigigh feidhmiúcháin a fhoilsiú.

Forálacha an Chóid

- 1.1** Tá sé de cheangal ar Chathaoirligh agus Boird gach comhlachta Stáit beartas Rialtais a chur i bhfeidhm i dtaca leis an bpacáiste iomlán luacha saothair (buntuarastal, liúntais agus na sochair airgid nó comhchineáil ar fad eile san áireamh), agus i dtaca le socruithe eile maidir le sochair aoisliúntais agus foirceanta do Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin/Stiúrthóirí Bainistíochta na gcomhlachtaí Stáit.
- 1.2** **Socruithe Roinne:** Ba cheart chomh maith cloí le socruithe a chuir an máthair-Roinn nó an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm maidir le luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin/Stiúrthóra Bainistíochta a shocrú agus a chur i bhfeidhm.
- 1.3** **Foireann Eile:** Tá sé de cheangal ar Chathaoirleach agus Boird beartas pá an Rialtais, de réir mar a leagtar amach ó am go ham, maidir le baill foirne eile a chur i bhfeidhm. Áirítear leis sin, de réir mar is cuí, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nó a chomhionann agus baill foirne d'aon fhochuideachta, de réir mar is ábhartha.
- 1.4** **Comhairliúchán Roinne:** Ba cheart dul i gcomhairle leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go luath maidir le haon mholadh pá a chur i bhfeidhm, nó maidir le haon fhorbairt, is dócha a bheidh ann, a d'fhéadfadh tionchar mór a imirt ar na nithe seo a leanas:
 - beartas pá ginearálta an Rialtais;
 - cúrsaí airgid an chomhlachta Stáit;
 - táillí i leith earraí nó seirbhísí a chuirtear ar fáil; agus/nó
 - réimsí eile den earnáil phoiblí.

- 1.5 Caighdeán Seirbhíse Poiblí:** Níor cheart beartais pá an Rialtais nó aon chinneadh an Rialtais a chomhlíonadh ar bhealach a thagann salach ar ionracas nó iompar nó caighdeán seirbhíse poiblí, nó trí úsáid a bhaint as cleachtais doghlactha a gcaillfidh an Státchiste ioncam cánach dá mbarr.

Comhlachtaí Tráchtála Stáit

- 1.6 Beartas Rialtais maidir le Socruithe Íocaíochta:** Cloífidh an Bord go docht le beartas Rialtais maidir le socruithe íocaíochta do Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus, más infheidhme, baill foirne eile i gcomhlachtaí tráchtála Stáit, chomh maith le haon choinníoll eile a bhaineann leis an gcead a thug an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus/nó an máthair-Roinn ábhartha.
- 1.7 Conradh an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin:** Ba cheart go mbeadh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin i ngach comhlacht Stáit in oifig faoi réir na dtéarmaí agus coinníollacha a shocraíonn Bord an chomhlachta Stáit le cead ón Aire ábhartha agus an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóiriú. Ní mór dréachtchonarthaí fostaíochta molta, an luach saothair atá molta san áireamh, a chuir isteach chuig an Aire ábhartha lena gceadú sula gcuirfear os comhair na bPríomhoifigigh Feidhmiúcháin ionchasach iad.

D'fhaomh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóiriú dréachtchonradh fostaíochta ina bhfuil na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta ábhartha ar fad do ról an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, agus thacaigh Oifig an Ard-Aighne leis. Níor cheart Príomhoifigigh Feidhmiúcháin a fhostú ach amháin ar bhonn conradh ceadaithe sínithe atá bunaithe ar an gconradh teimpléid sin. Tá teimpléad den chonradh fostaíochta ar fáil ó Rannóg Luacha Saothair, Caidrimh Saothair agus Pinsean den Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

- 1.8 Próiseas Earcaíochta:** Seachas in imthosca eisceachtúla, agus fiú ansin is gá comhaontú ón Aire ábhartha a fháil, ba cheart an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a earcú tar éis próiseas iomaíoch, agus ba cheart an conradh a bheith sínithe sula dtosaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ina p(h)ost.
- 1.9 Luach Saothair do Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin:** Coinníonn an Rialtas an ceart aige luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin a athrú le linn thréimhse an chonartha trí bheartas pá na hearnála poiblí a chur i bhfeidhm. Cé go bhfuil ábhair a bhaineann leis na téarmaí agus coinníollacha do Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin nua, nó athruithe ar na téarmaí agus coinníollacha do Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin reatha, faoi réir scrúdú ag an mBord de gach comhlacht Stáit, ní mór don Aire iad a fhaomhadh, i gcomhar leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sula ndéanfar aon tairiscint don Phríomhoifigeach. Ní fhaomhfar aon tairiscint luacha saothair don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin mura bhfuil sí ar aon dul le beartas Rialtais agus i gcomhréir leis na treoirlínte ábhartha maidir leis an raon agus na teorainneacha ceadaithe do phá Príomhoifigeach Feidhmiúcháin. Baineann sé sin le Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nua a earcú chomh maith le haon athrú ar luach saothair i ndiaidh conradh a shíniú.
- 1.10 Fad an Chonartha:** Is é an polasaí agus an cleachtas atá i bhfeidhm ar fud na Ranna go léir faoi láthair ná go gcuirtear teorainn idir cúig bliana agus seacht mbliana, de ghnáth, le thréimhse shingil chonartha i gcás conradh Príomhoifigigh Feidhmiúcháin (nó a chomhionann) i gcomhlacht tráchtála Stáit. Ní dhéanfar an conradh sin a athnuachan. Cuireadh nádúr téarma seasta na gconarthaí sin san áireamh nuair a socraíodh an leibhéal cuí luacha saothair do na poist sin. Sonraíonn an conradh teimpléid freisin nach mbaineann na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach le dífhostú nach dtarlaíonn ach de bharr dul in éag na thréimhse conartha.

Baineann an tréimhse chonartha sin freisin má dhéantar duine a cheapadh ó laistigh den chomhlacht tráchtála Stáit nó fochuideachta dá chuig. Sa chás sin, ní mór go gcuirtear in iúl go soiléir i gconradh an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin gur conradh ar leith é nach mbaineann le haon chonradh fostaíochta roimhe sin.

1.11 Aoisliúntas: Tá trí rogha pinsin ann do Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin nua. Íocfaidh an comhlacht Stáit costais riaracháin na scéimeanna pinsin sin (lasmuigh de tháillí caighdeánacha tráchtála). Is iad seo a leanas na roghanna:

1. Scéim Ranníocach Sochair Sainithe nach gclúdaíonn ach téarma cheapachán an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, scéim a chuireann pinsean ar fiú aon ochtóid den bhuntuarastal é ar fáil, chomh maith le cnapshuim ar fiú trí ochtóid den bhuntuarastal é, do gach bliain seirbhíse mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin.
2. Scéim pinsin na cuideachta - más ball de scéim pinsin cuideachta é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin cheana féin, d'fhéadfadh go roghnódh sé nó sí leanúint de bheith ina b(h)all den scéim. Beidh feidhm ag rialacha na scéime go fóill cé go bhféadfadh iad a athrú chun aon chinneadh an Rialtais nó aon reachtaíocht a bhaineann leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin a chur i bhfeidhm.
3. Scéim Ranníocach Sainithe ar leith ina ndéanfaidh an chuideachta ranníocaíocht suas go huasmhéid 25% de bhuntuarastal an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin le linn téarma an chonartha.

1.12 Baill foirne faoi Leibhéal an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin: Murab ionann is Príomhoifigigh Feidhmiúcháin na gcomhlachtaí tráchtála Stáit, de ghnáth ní bhíonn téarmaí agus coinníollacha na mbainisteoirí sinsearacha a thuiriscíonn chuig na Príomhoifigigh Feidhmiúcháin faoi réir reachtaíocht shonrach a bhaineann leis an gcomhlacht Stáit i gceist. Ach éilítear ar an gcomhlacht Stáit (i gcás na mball foirne go léir) aird a bheith acu ar bheartas an Rialtais maidir le pá agus ábhair bhainteacha, agus iad a chur i bhfeidhm.

Ba cheart leibhéil phá na mball foirne sinsearach a shocrú trí thagairt do leibhéil phá na bpost a bhfuil leibhéil chosúla dualgas agus freagrachtaí acu i dtimpeallachtaí fostaíochta den chineál céanna, ach ba cheart chomh maith aird a bheith ar thuarastal ceadaithe Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an chomhlachta Stáit. Ba cheart chomh maith tuarastal na hardbhainistíochta a shocrú ag leibhéal a ligeann do bhearna mór a dhóthain idir an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an ardbhainistíocht.

Maidir le peorcaisí, is tábhachtach iad sin a choinneáil ag leibhéal cuí. Níor cheart ar aon chuma go sáródh aon pheorcaisí iad sin atá ar fáil don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, agus ba cheart difear réasúnta mór a choinneáil idir an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an lucht ardbhainistíochta eile.

1.13 Táillí Boird an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin: I gcomhréir leis an Rial 'Duine Amháin Tuarastal Amháin', ní íocfar aon táille ná aon chúiteamh eile, cibé acu cúiteamh airgid nó comhchineáil é, do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, ar comhalta Boird comhlachta tráchtála Stáit é/í, i leith an ról mar chomhalta Boird.

Comhlachtaí Neamhthráchtála Stáit

1.14 Treoirínte maidir le Príomhoifigigh Feidhmiúcháin a Cheapadh: Tá treoirínte maidir le Príomhoifigigh Feidhmiúcháin a cheapadh i gcomhlachtaí neamhthráchtála Stáit (teimpléad de chonradh caighdeánach fostaíochta san áireamh) ar fáil ó máthair-Ranna.

1.15 Scéim Aonair Pinsin: Ó thaobh soláthar pinsin de, ní bheidh ach an Scéim Aonair Pinsin Seirbhíse Poiblí ar fáil do gach duine, an lucht ardbhainistíochta agus Príomhoifigigh Feidhmiúcháin san áireamh, a earcaíonn comhlachtaí neamhthráchtála Stáit (agus fostóirí eile seirbhíse poiblí eile) an 1 Eanáir 2013 nó tar éis an dáta sin. Baineann an fhoráil sin le gach cás seachas má tá sé díolmhaithe faoin dlí (An tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012), agus d'ainneoin más ann d'aon scéim dheonach pinsin do bhaill foirne a earcaíodh an 31 Nollaig 2012 nó roimhe sin.

2. Táillí do Chomhaltaí Boird

Prionsabail

Mar a leagtar amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, tá roinnt ról thábhachtacha ag comhaltaí Boird maidir leis an treoir straitéiseach a leagan amach agus maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht comhlachtaí Stáit a chomhlíonann príomhfhreagrachtaí atá leagtha síos sa reachtaíocht.

Tá luach don phobal de dhlúth agus d'inneach i ról an Bhoird agus tá sé mar aidhm aige a chinntiú go dtugann an comhlacht Stáit faoina chúraim ar bhealach atá chomh héifeachtach agus éifeachtúil agus is féidir, agus go ndéanann sé a ionchur do thorthaí saoránach a uasmhéadú.

Tarraingíonn an córas ceapachán ar Bhoird Stáit, a ndearnadh athchóiriú air, aird ar an gcuspóir chun daoine den scoth a mhealladh as gach cúlra le freastal ar Bhoird Stáit. Léiríonn socruithe luacha saothair do chomhaltaí Boird na gcomhlachtaí Stáit éiteas an luacha phoiblí.

Forálacha an Chóid

- 2.1 Leibhéal Táillí Údaraithe:** De ghnáth, i gcás táillí atá le híoc leis an gCathaoirleach nó comhaltaí Boird, tá foráil chumasúcháin sa reachtaíocht a rialaíonn an comhlacht Stáit i gceist de dhíth. Go hiondúil, sonraíonn foráil den chineál sin gur féidir cibé luach saothair (más ann) a íoc le comhaltaí a shocróidh an tAire ábhartha, le cead ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá na rátaí táillí reatha do Chatagóirí Boird Stáit 1 - 4 ar fáil ó Rannóg Luacha Saothair, Caidrimh Saothair agus Pinsean den Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- 2.2 Rialacha Duine Amháin Tuarastal Amháin:** Ó 1 Samhain 2011 ar aghaidh, faoin bprionsabal Duine Amháin Tuarastal Amháin, is riachtanas den phrionsabal sin nach féidir táillí Boird a íoc le fostaithe sa tseirbhís phoiblí (seachas Stiúrthóirí áirithe, ar oibríthe iad, de chomhlachtaí tráchtála Stáit amháin) a shuíonn ar Bhoird Stáit. Ní bhaineann na critéir a úsáideadh roimhe seo le hincháilitheacht fostaithe sa tseirbhís phoiblí chun íocaíochtaí i leith táillí Boird a fháil a shocrú in aon chás den chineál sin a thuilleadh. Baineann sé sin le gach comhalta Boird, iad siúd a bhí sa phost roimh 2011 san áireamh, chomh maith le gach comhalta lánaimseartha feidhmiúcháin a oibríonn ar bhonn tuarastail. Tá an comhlacht Stáit i gceist freagrach as na socruithe sin a chur i bhfeidhm agus as cloí leo.
- 2.3 An Rogha chun an Táille Bhoird a Tharscaoileadh:** Ó Eanáir 2012 ar aghaidh, is riachtanas é go dtugann an tAire ábhartha, ar bhonn prótacail fhoirmiúil, an rogha do gach comhalta Boird de chomhlachtaí Stáit, nó aon chomhalta a cheapfar ar na Boird sin amach anseo, an táille Bhoird bhainteach a tharscaoileadh ar bhonn roghnach. Is faoi na Ranna Rialtais agus comhlachtaí Stáit i gceist na socruithe riachtanacha a chur i bhfeidhm chun comhlíonadh an riachtanais sin a chinntiú.
- 2.4 Rátaí Táillí Údaraithe:** Ní mór do Bhord an chomhlachta Stáit a chinntiú go n-íoctar na táillí ar fad a íoctar le Cathaoirligh agus an Bord ag na rátaí a d'údaraigh agus a d'fhaomh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus nach n-íoctar aon táillí le fostaithe sa tseirbhís phoiblí (seachas Stiúrthóirí áirithe, ar oibríthe iad, de chomhlachtaí tráchtála Stáit amháin) faoi na rialacha Duine Amháin Tuarastal Amháin.

- 2.5** **ÁSPC:** Go hiondúil, tá táillí a íoctar le Cathaoirleach agus comhaltaí Boird/Stiúrthóirí (Stiúrthóirí ar Oibrithe iad san áireamh) comhlachta Stáit díolmhaithe ó ÁSPC. Meastar gur Sealbhóirí Oifige iad na daoine sin, ar an gcoinníoll gur cuireadh an comhlacht Stáit ar bun le hAcht an Oireachtais nó le reachtaíocht reachtúil agus ar an gcoinníoll gur féidir sealbhóir na hOifige a bhaint má cheadaíonn an ionstraim a chruthaigh an Oifig é sin. (Cuireann an Rannóg Scóipe sa Roinn Coimirce Sóisialaí treoir agus eolas ar fáil maidir le hinárachaitheacht fostaíochta de réir an dlí).
- 2.6** **Cáin:** Tá táillí Boird faoi réir cánach. Leagtar amach na riachtanais i Ráiteas Cleachtais SP- IT/1/04 (Leasaithe Aibreán 2011) *'Tax Treatment of Remuneration of members of State and State Sponsored Committees, Boards, Commissions and other Bodies'* atá ar fáil ó Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Ba cheart aon cheist i dtaca leis sin a chur ar Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.
- 2.7** **Fochuideachtaí:** Ní sháróidh na táillí a íoctar leis an gCathaoirleach nó comhaltaí Boird/Stiúrthóirí d'aon fhochuideachta nó comhlacht bainteach na rátaí a bhaineann le Cathaoirleach nó comhaltaí Boird/Stiúrthóirí, faoi seach, an phríomhchomhlachta agus, de ghnáth, beidh na táillí i bhfad níos lú. Ní mór na táillí a íoc ag na rátaí údaráithe agus a bheith ceadaithe ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- 2.8** **Táille Aonair:** Ní íocfar ach táille amháin le duine (a) i leith seirbhíse ar Phríomhbhord comhlachta Stáit nó Boird fochuideachta nó comhlachtaí comhlachaithe nó (b) i leith seirbhíse ar fhochuideachta nó Boird Stáit comhlachaithe amháin.
- 2.9** **Boird Sheachtracha:** Tabharfar cead d'fheidhmeannach nach an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin é/í, faoi réir chead an Bhoird, ballraíocht a ghlacadh ar Bhoird comhlachtaí arna maoiniú ag an Stát nach fochuideachta den phríomhchomhlacht ná comhlacht comhlachaithe é, ach ní bhfaighidh sé/sí táille Bhoird faoi na rialacha Duine Amháin Tuarastal Amháin.
- 2.10** **Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh:** Mar chuid de thuarascáil chuimsitheach an Chathaoirligh, ba chóir don Chathaoirleach a dhearbhú go gcloítear le Treoirínte Pá an Rialtais i dtaca leis na daoine ceaptha atá ar an mBord agus aon fhochuideachtaí de chomhlachtaí Stáit. Ba cheart go n-áireofaí le tuarascáil chuimsitheach an Chathaoirligh sceideal na dtáillí a íoctar le comhaltaí an Bhoird freisin.

Scéimeanna Maoinithe Pinsin agus Riachtanais Chaighdeánacha Maoinithe Íosta

- 2.11** **Scéimeanna Maoinithe Pinsin:** Ní mór do scéimeanna maoinithe pinsin (faoi réir eisceachtaí áirithe) a bhunaigh fostóirí (idir phoiblí agus phríobháideacha) chun sochair aoisliúntais a chur ar fáil dá bhfostaithe cloí, i measc nithe eile, le caighdeáin mhaoinithe íosta a leagtar amach san Acht Pinsean 1990, arna leasú. Má mheasann achtúire na scéime nach bhfuil dóthain cistithe ag scéim leis an gcaighdeán maoinithe a chomhlíonadh, forálann an tAcht go gcaithfear moladh maoinithe maidir leis an easnamh a líonadh a ullmhú agus a chur ar aghaidh chuig an Údarás Pinsean.
- 2.12** **Moladh Maoinithe maidir le Scéim Pinsin:** Má éilítear go n-ullmhaítear moladh maoinithe i leith scéim maoinithe pinsin de chomhlacht Stáit, ba cheart don chomhlacht Stáit aird a bheith aige ar an Treoirnóta a d'eisigh An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an 27 Meitheamh 2014 ([Ciorclán 12/2014 - Measúnú ar Mholtaí Maoinithe maidir le Scéimeanna Pinsin](#)). Ba cheart, sula ndéanann Bord an

chomhlachta Stáit agus iontaobhaithe na scéime comhaontú, an dréachtmholadh maoinithe a chur isteach chuig an máthair-Roinn ábhartha lena cheadú, agus tabharfar an cead sin le comhaontú ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Níor cheart an moladh maoinithe a chur ar aghaidh chuig an Údarás Pinsean (nó, de réir mar a bheidh, na Coimisinéirí Ioncaim) lena cheadú go dtí go dtabharfar an cead sin.

3. Taisteal agus Fáilteachas Oifigiúil

Prionsabal

Ba cheart go mbeadh comhlachtaí tráchtála agus neamhthráchtála Stáit ar an eolas maidir leis an ngá le barainneacht agus éifeachtúlacht i leith costais taistil agus fáilteachais oifigiúil a bhaint amach.

Forálacha an Chóid

3.1 Ciorcláin Taistil: Ba chóir do chomhlachtaí neamhthráchtála Stáit glacadh le ciorcláin agus fógraí oifige na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le taisteal agus cothabháil, de réir mar a leasaítear ó am go ham, agus iad a chur i bhfeidhm.

Ní mór do chomhaltaí Boird agus fostaithe gan costais taistil agus chothabhála a éileamh ach i dtaca le gnó oifigiúil agus gan éileamh a dhéanamh i dtaca le taisteal nó cóiríocht phearsanta, agus ní mór dóibh gan éileamh a dhéanamh ó níos mó ná comhlacht Stáit amháin i leith an turais chéanna. Ní mór cuspóir gnó soiléir a bheith luaite do gach éileamh Taistil agus Cothabhála.

Leagtar amach rátaí liúntais chothabhála, a bhfuil feidhm acu más infheidhme, [i gCiorclán 05/2015 Liúntais Chotheabhála](#) na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

3.2 Taisteal Idirnáisiúnta: Ba cheart do chomhlachtaí neamhthráchtála Stáit a thabhaíonn caiteachas suntasach maidir le taisteal idirnáisiúnta a dhéanann fostaithe nó comhaltaí den Bhord nósanna imeachta cuí monatóireachta agus rialaithe a chur i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na ciorcláin agus riachtanas ábhartha de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

3.3 Fáilteachas Oifigiúil: I [gCiorclán 25/2000: Fáilteachas Oifigiúil](#) de chuid na Roinne Airgeadais, leagtar amach na liúntais fáilteachais, na teorainneacha ar chaiteachas ar fháilteachas oifigiúil agus líon na ndaoine ar féidir glacadh leo ag ócáid ar bith (ag brath ar ghrád nó ar phost an óstaigh).

Aguisín A: Creat um Bheartas Taistil do Chomhlachtaí Stáit

Gluaisre

I gcomhthéacs an Chóid seo, beidh an bhrí seo a leanas ag na téarmaí thíos:

- **Tuarascáil Bhliantúil** - Tuarascáil ina ndéantar cur síos ar ghníomhaíochtaí agus feidhmíocht airgeadais an chomhlachta Stáit le linn na bliana roimhe sin. Áirítear leis sin na ráitis airgeadais agus d'fhéadfaí go n-áireofaí leis tuarascálacha ó na daoine siúd a bhfuil sé de chúram orthu rialachas a dhéanamh (Cathaoirleach an Bhoird, mar shampla), athbhreithniú ar straitéis agus feidhmíocht an chomhlachta Stáit, eolas maidir le bainistíocht riosca agus rialachas, chomh maith le heolas eile do pháirtithe leasmhara.
- **CEO** - Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, nó *Chief Executive Officer*
- **Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh don Aire** - Litir rúnda a sheolann Cathaoirleach Bhord an chomhlachta Stáit chuig an Aire sa mháthair-Roinn.
- **Ráitis Airgeadais** - Taifead foirmiúil ghníomhaíochtaí agus staid airgeadais an chomhlachta Stáit don bhliain airgeadais roimhe sin, nochtaí san áireamh, a bhfuil sé mar aidhm aige acmhainní eacnamaíocha nó dualgais an chomhlachta Stáit a chur in iúl ag tráth áirithe nó athruithe lena linn do thréimhse ama de réir creatlach tuairiscithe airgeadais.
- **Máthair-Roinn** - An Roinn a bhfuil an comhlacht Stáit faoina coimirce.
- **Comhlacht Stáit** - Féach leathanach 11 den Chód Cleachtas.
- **Fochuideachta** - Is cuideachta é fochuideachta atá faoi rialú na máthairchuideachta nó na cuideachta sealbhaíochta - go minic tugtar é sin le fios ag sealúchais níos airde ná 50% de scair chaipitil vótála an chomhlachta. Is fochuideachta ar lánúinéireacht é fochuideachta atá 100% faoi úinéireacht na máthairchuideachta nó na cuideachta sealbhaíochta.

Aguisín A

Creat um Bheartas Taistil do Chomhlachtaí Stáit

Réamheolas

In ábhair a bhaineann le taisteal agus cothabháil oifigiúil, ba cheart do chomhlachtaí neamhthráchtála Stáit cloí le nósanna imeachta na státseirbhíse de réir mar a leagtar amach sna treoirlínte a eisiúint an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóiriú, treoirlínte a chuirtear in iúl go díreach nó tríd an máthair-Roinn. Ar an mbealach céanna, ba cheart do chomhlachtaí tráchtála Stáit a bheith ar an eolas maidir leis an ngá le barainneacht agus éifeachtúlacht a bhaint amach i leith a gcostas taistil oifigiúil, agus beartas a bheith i bhfeidhm a chlúdaíonn taisteal náisiúnta agus idirnáisiúnta araon.

Ba cheart don Bhord den chomhlacht Stáit a dheimhniú dó féin go gcloítear le prionsabail a mbeartais taistil agus go bhfuil an próiseas iniúchta inmheánaigh éifeachtach ó thaobh a chinntiú go bhfuil an comhlacht Stáit ag cloí go hiomlán leis an mbeartas.

Ba cheart comhaltaí Boird a chur ar an eolas maidir le sonraí bheartas taistil an chomhlachta Stáit. Ní mór do chomhaltaí Boird agus fostaithe gan liúntais taistil agus chothabhála a éileamh ach i dtaca le taistil oifigiúil agus gan éileamh a dhéanamh ó níos mó ná comhlacht Stáit amháin i leith an turais chéanna.

Cuspóir agus Raon Feidhme

Is é cuspóir an bheartais taistil a chinntiú go mbainfear amach luach ar airgead i leith gach turais oifigiúil faona dtugtar, ar aon dul le riachtanais an ghnó oifigiúil. Ba cheart rogha eile ar thaisteal rialta, cosúil le húsáid a bhaint as áiseanna físchomhdhála, a phlé.

Taisteal Intíre

- Ba cheart an úsáid is mó is féidir a bhaint as iompar poiblí do thaisteal oifigiúil; ba cheart úsáid seirbhíse tacsaithe a chuíchóiriú a mhéad is féidir.

Aerthaisteal

- Ráiteas maidir leis an gcleachtas atá le leanúint, m.sh. na critéir le cur i bhfeidhm maidir le rogha a dhéanamh idir táillí idirlín teoranta agus táillí grád barainne atá go hiomlán solúbtha, má tá an cur chuige sin éifeachtach ó thaobh an chostais de.
- Achoimre ar na himthosca eisceachtúla inar féidir roghanna níos costasaí Grád Gnó a chur san áireamh (is annamh is féidir údar a thabhairt le húsáid na rátaí is airde).
- Níor cheart go n-imreodh pointí do dhaoine a bhíonn ar eitleáin go minic tionchar ar chinntí a ghlactar maidir leis na haerlínte a úsáidtear le haghaidh gnó oifigiúil.

Cóiríocht

- Ráiteas a chuireann in iúl nár cheart go mbeadh an t-óstán a úsáidtear den chuid is costasaí mura bhfuil gá don fhostaí fanacht in óstán ar leith chun críocha gnó, m.sh. ba cheart óstán trí réalta nó ceithre réalta a úsáid.

Treoirlínte maidir leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca

Clár na nÁbhar

	Réamheolas	2
	Scéimléaráid Coiste Iniúchta agus Riosca	3
1	An Coiste Iniúchta agus Riosca	4
2	Clár Oibre an Choiste Iniúchta agus Riosca	9
	Gluaisre	11

Aguisíní

	Aguisín A - Téarmaí Tagartha do Choistí Iniúchta agus Riosca	12
	Aguisín B - Litir Ceapacháin Shamplach do Chomhalta an Choiste Iniúchta agus Riosca	15
	Aguisín C - Seicliosta um Éifeachtúlacht Coistí Iniúchta agus Riosca	17

Treoirínte maidir leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca

Réamheolas



Is é cuspóir an doiciméid seo treoirínte deachleachtais maidir leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca faoin *gCód Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit* a leagan amach, comhairle a chur ar fáil do Bhoird Stáit maidir le socruithe cuí a dhéanamh dá gCoiste Iniúchta agus Riosca, agus tacaíocht a thabhairt don Choiste Iniúchta agus Riosca i gcomhlíonadh a róil agus freagrachtaí.

Is riachtanas an deachleachtais é gur cheart do Bhoird comhlachtaí Stáit a chinntiú go bhfuil na socruithe i dtaca leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca curtha in oiriúint d'imthosca an chomhlachta Stáit, agus beidh socruithe difriúla i bhfeidhm i gcomhlachtaí difriúla, ag brath ar scála, nádúr, freagrachtaí agus feidhmeanna an chomhlachta Stáit.

Chuir Aonad Cuntasaíochta an Rialtais, ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, an doiciméad seo le chéile. Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le:

Aonad Cuntasaíochta an Rialtais
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus
Athchóirithe, Oifigí an Rialtais
Sráid Mhuirfean
Uachtarach, Baile
Átha Cliath 2
D02 R583
Ríomhphost: govacc@per.gov.ie

An Coiste Iniúchta agus Riosca



^a De ghnáth, ba cheart Coistí Iniúchta agus Riosca a thabhairt le chéile, ach d'fhéadfaí go mbeadh gá le Coistí Iniúchta agus Riosca ar leith i roinnt eagraíochta móra.

1. An Coiste Iniúchta agus Riosca

Prionsabal

Cé go bhfuil sé de dhualgas ar an mBord feidhmiú chun leasa an chomhlachta Stáit, tá ról ar leith ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca. Feidhmíonn an Coiste go neamhspleách ó bhainistíocht an chomhlachta lena chinntiú go gcosnaítear go hiomlán leasanna an Rialtais agus páirtithe leasmhara eile i dtaca le tuairiscithe gnó agus airgeadais agus rialú inmheánach.

Forálacha an Chóid

1.1 Rialuithe inmheánacha: Ba cheart don Bhord a chinntiú go bhfuil socruithe éifeachtacha i bhfeidhm sa chomhlacht Stáit maidir le rialachas, bainistíocht riosca agus rialú inmheánach. Ba cheart go bhfaigheadh an Bord tacaíocht ó na grúpaí seo a leanas:

- coiste Iniúchta agus Riosca; agus
- Aonad Iniúchta Inmheánaigh a oibríonn ag na Caighdeáin Idirnáisiúnta den Institiúid Iniúchóirí Inmheánacha nó caighdeáin chomhionanna ghairmiúla.

1.2 Coiste Iniúchta agus Riosca: Ba cheart don Bhord de chomhlacht Stáit Coiste Iniúchta agus Riosca a bhunú ar a bhfuil trí chomhalta Boird neamhspleácha neamhfheidhmiúcháin, nó i gcás comhlachtaí níos lú Stáit (a bhfuil níos lú ná 20 fostaí aige) dhá chomhalta Boird neamhspleácha neamhfheidhmiúcháin, agus go mbeadh téarmaí tagartha i scríbhinn ann a chuireann údarás agus dualgais an choiste in iúl go soiléir. Mura bhfuil ach comhaltaí Boird feidhmiúcháin ar an mBord, ba cheart socruithe eile a dhéanamh le Coiste Iniúchta agus Riosca a chur le chéile ar a bhfuil pearsanra neamhspleách seachtrach.

Moltar go mbeadh comhaltaí ar Choiste Iniúchta agus Riosca nach bhfuil ar an mBord. Is é is dóichí go mbeidh an raon leathan scileanna agus saineolais riachtanaigh ag Coiste Iniúchta agus Riosca mura bhfuil ach iad siúd atá ar an mBord ina gcomhalta den Choiste. Ba cheart go dtabharfaí cumhacht don Choiste Iniúchta agus Riosca comhaltaí a thabhairt isteach chun sainscileanna a chur ar fáil ag tráth éigin agus chun saineolas a chur ar fáil ar chostas réasúnta agus ceadaithe chun tacú leis an gCoiste i dtaca le réimsí sonracha de ghnó an Choiste.

De ghnáth, ba cheart Coistí Iniúchta agus Riosca a thabhairt le chéile, ach d'fhéadfaí go mbeadh gá le Coistí Iniúchta agus Riosca ar leith i roinnt eagraíochta móra.

1.3 Cairt i Scríbhinn: Ba cheart ról agus freagrachtaí an Choiste Iniúchta agus Riosca a leagan amach i gcairt i scríbhinn, lena n-áirítear na téarmaí tagartha ar cheart iad a chur in iúl do gach comhalta den Bhord.

Ba cheart don Bhord na téarmaí tagartha don Choiste Iniúchta agus Riosca a leagan amach agus ba cheart go n-áireofaí leo socruithe maidir le:

- comhaltas;
- riachtanais tuairiscithe;
- údarás chun imscrúdú a dhéanamh;
- cruinnithe - am, iompar agus minicíocht;
- riachtanais faisnéise;

- luach ar airgead;
- rialachas; agus
- freagrachtaí i dtaca le:
 - bainistíocht riosca;
 - rialú inmheánach;
 - iniúchadh inmheánach;
 - iniúchadh seachtrach; agus
 - athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtúlacht féin.

Ba cheart don Choiste Iniúchta agus Riosca athbhreithniú a dhéanamh ar a dtéarmaí tagartha gach bliain agus aon athrú riachtanach a mholadh don Bhord. Tá sé tábhachtach go n-aimsítear cothromaíocht le linn chruinnithe an Choiste Iniúchta agus Riosca idir rialachas, bainistíocht riosca, rialú inmheánach, agus míreanna maidir le tuairisciú airgeadais.

Aguisín A: Téarmaí Tagartha Samplacha do Choistí Iniúchta agus Riosca

- 1.4 Cathaoirleach an Bhoird:** Féadfaidh Cathaoirleach an Bhoird freastal ar chruinnithe an Choiste Iniúchta agus Riosca agus a bheith mar chomhalta, ach ní Cathaoirleach, den Choiste Airgeadais.
- 1.5 Ceapacháin:** Ba cheart don Bhord ceapacháin don Choiste Iniúchta agus Riosca a dhéanamh i gcomhairle le Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca. Ba cheart don Choiste Iniúchta agus Riosca deimhniú dó féin go raibh taithí airgeadais chuí le déanaí ag comhalta amháin den Choiste Iniúchta agus Riosca ar a laghad.
- 1.6 Tréimhse Cheapacháin:** Ba cheart tréimhse cheapacháin chomhaltaí an Choiste Iniúchta agus Riosca a leagan amach tráth a gceapacháin. Moltar go ndéanfar an chéad cheapachán ar feadh tréimhse trí bliana agus is féidir an tréimhse a athnuachan ar feadh tréimhse suas go trí bliana, go dtí uastréimhse sé bliana ar an iomlán.
- 1.7 Scileanna agus Taithí Chuí:** Ba cheart go mbeadh raon cuí scileanna ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca le chéile chun a fheidhmeanna a fheidhmiú ag an gcaighdeán riachtanach. Féadfaidh an raon scileanna a bheith éagsúil ag brath ar nádúr agus méid na heagraíochta, ach ba cheart go raibh taithí ábhartha airgeadais le déanaí ag comhalta amháin den Choiste Iniúchta agus Riosca ar a laghad. Ba cheart chomh maith go mbeadh taithí ag comhaltaí eile i bpríomhréimsí a ghnó, lena n-áirítear bainistíocht riosca, iniúchadh inmheánach, rialachas, saincheisteanna ábhartha teicniúla agus speisialta, tuiscint ar an timpeallacht earnála poiblí, ach go háirithe na struchtúir chuntasaíochta, chomh maith le tionscnaimh reatha athchóirithe san earnáil poiblí.
- 1.8 Critéir Mheasúnaithe:** Ba cheart go mbeadh critéir fhoirmiúla mheasúnaithe i bhfeidhm le haghaidh an Cathaoirleach agus comhaltaí eile an Choiste Iniúchta agus Riosca a cheapadh. Chomh maith leis an meascán scileanna a ndearnadh cur síos air thuas, ba cheart go mbeadh tuiscint anois, nó go bhfaighidh tuiscint acu chomh luath agus is féidir i ndiaidh a gceapacháin, ar na nithe seo a leanas:
- cultúr eagraíochta, cuspóirí agus dúshláin;
 - struchtúr eagraíochta, príomhchaidrimh san áireamh m.sh. caidreamh an chomhlachta Stáit leis an Aire ábhartha agus máthair-Roinn; agus
 - reachtaíocht nó rialacha eile ábhartha a rialaíonn an eagraíocht.

1.9 Litir Cheapacháin: Ba cheart litir cheapacháin chaighdeánach a bheith ann do gach comhalta nua den Choiste Iniúchta agus Riosca, más cuí, agus an t-eolas seo a leanas san áireamh:

- ról an Choiste Iniúchta agus Riosca
- tréimhse cheapacháin agus forálacha athnuachana;
- tacaíocht agus oiliúint a chuirfear ar fáil;
- méid ama atá i gceist;
- leibhéal an luacha saothair (más cuí);
- rialacha maidir le coimhlint leasa;
- socruithe maidir le bainistiú feidhmíochta; agus
- socruithe foirceanta.

Aguisín B: Litir Cheapacháin Shamplach do Chomhalta an Choiste Iniúchta agus Riosca

1.10 Coimhlint Leasa: Ba cheart an próiseas céanna a úsáid chun coimhlintí leasa a dhearbhu sa Choiste Iniúchta agus Riosca is a bhíonn ag leibhéal an Bhoird. Is ar gach comhalta den Bhord a bheidh an fhreagracht phearsanta aon choimhlint leasa a tharlódh maidir le haon ní ar chlár cruinnithe an Choiste Iniúchta agus Riosca a admháil.

1.11 Clár Leasanna na gComhaltaí: Ba cheart don Bhord clár leas chomhaltaí an Choiste Iniúchta agus Riosca a choimeád. Ba cheart iallach a bheith ar na comhaltaí aon choimhlint leas a bheadh ann le haon rud ar chlár cruinnithe an Choiste Iniúchta agus Riosca a admháil. Ba chóir don Choiste na nósanna imeachta atá aige i gcás coimhlint leasa a shonrú, lena n-áirítear an riachtanas ar an gcomhalta ábhartha aird an Chathaoirligh a dhíriú air agus, más gá, an seomra a fhágáil le linn an phlé a dhéantar ar an ngnó áirithe agus gan páirt a ghlacadh i bpléite ar bith maidir leis an bplé. Ba chóir socruithe cosúla a bheith i bhfeidhm maidir le doiciméadú ar an gcruinniú, nach gcuirtear an doiciméadú seo ar fáil don chomhalta ach oiread. Ba chóir é seo a bhreacadh síos sna miontuairiscí.

1.12 Oiliúint agus Forbairt: Caithfear próiseas foirmiúil ionductúcháin a bhunú (traenáil in oiriúint go pearsanta san áireamh) do chomhalta nua an Choiste Iniúchta agus Riosca. Caithfidh An Coiste Iniúchta agus Riosca agus an Cathaoirleach moltaí a dhéanamh don Bhord maidir le riachtanais aonair oiliúna na mBall agus an Choiste. Ba chóir don Choiste Iniúchta agus Riosca a bheith suas chun dáta faoi dheachleachtas agus forbairtí i rialachas corparáideach.

1.13 Minicíocht of cruinnithe: Ba cheart don Choiste Iniúchta agus Riosca cruinniú le chéile ceithre huair sa bhliain ar a laghad agus cuireadh chuig cruinnithe a thabhairt do dhaoine seachtracha a bhfuil an saineolas cuí acu, más gá. Má shíltear nach bhfuil gá le ceithre chruinniú, ba cheart do Chathaoirleach an chomhlachta Stáit ráiteas a dhéanamh i dtuarascáil bhliantúil an chomhlachta Stáit a dheimhniú go bhfuil siad sásta gur chomhlíon an Coiste Iniúchta agus Riosca a ról le níos lú na ceithre chruinniú le linn na bliana.

1.14 Údarás chun imscrúdú a dhéanamh: Ba cheart go mbeadh údarás soiléir ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca aon ábhar laistigh dá théarmaí tagartha a fhiosrú, na hacmhainní cuí agus comhairle sheachtrach a dteastaíonn uaidh chun é a dhéanamh a bheith acu freisin, chomh maith le teacht ar an eolas iomlán.

- 1.15 Caidrimh:** Mar a éilíonn gnó an Choiste Airgeadais, ba chóir don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Stiúrthóir Airgeadais, Ceann an Iniúchta Inmheánaigh agus iniúcháir seachtrach freastal ar chruinnithe áirithe nó míreanna cláir ar iarratas ón gCoiste. Ba chóir cuireadh chuig cruinnithe an Choiste Iniúchta agus Riosca a thabhairt do chomhaltaí feidhmiúcháin na heagraíochta chun páirt a ghlacadh i gcomhráite agus eolas a sholáthar de réir gá. Ba cheart do chomhaltaí feidhmiúcháin caidreamh cuí a choimeád leis an gCoiste iniúchta agus Riosca.
- 1.16 Cumarsáid:** Ba chóir don Choiste Iniúchta agus Riosca teagmháil éifeachtach leis an mBord, Ceann an Iniúchta Inmheánaigh, an t-iniúcháir seachtrach agus páirtithe leasmhara eile a chinntiú. Ba cheart aon mhír iniúchta inmheánaigh nó iniúchta a bhaineann le réimsí freagrachta an Bhoird a chur in iúl don Bhord chomh luath is a shainnítear iad.
- 1.17 Dréacht-Ráitis Airgeadais:** Ba chóir don Choiste Iniúchta agus Riosca na dréacht-ráitis airgeadais a athbhreithniú sula moltar don Bhord glacadh leo agus, más féidir, sula seoltar iad ar aghaidh chun iniúchta. Agus é sin á dhéanamh, ba cheart cuntasacht phoiblí agus na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistíocht agus oibriú a chur san áireamh. Ba cheart plé a dhéanamh ar cibé acu an léiriú cothrom, cóir agus intuigthe an tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais, ar an iomlán, agus an bhfuil an t-eolas cuí iontu chun measúnú a dhéanamh ar staid airgeadais, feidhmíocht airgeadais, múnla gnó agus straitéis an chomhlachta Stáit.¹
- 1.18 Iniúcháirí Seachtracha:** Ba cheart don Choiste Iniúchta agus Riosca dul i gcomhairle le hiniúcháirí seachtracha ó am go ham maidir le feidhmiú an Aonaid Iniúchta Inmheánaigh agus tagairt ar leith a dhéanamh do sholáthar foirne an Aonaid, an clár oibre iniúchta atá á chur i bhfeidhm agus an tástáil a dtugtar faoi i dtaca le comhlíonadh na riachtanas a leagtar amach sa doiciméad seo i gcás an chomhlachta Stáit.
- I bhfianaise mhéid an chomhlachta Stáit agus tarlú laigí sna rialuithe inmheánacha nó fadhbanna iniúchta, ba cheart don Choiste Iniúchta agus Riosca bualadh leis an iniúcháir seachtrach, nó teagmháil a dhéanamh leis/léi ar shlí eile, uair amháin sa bhliain ar a laghad gan comhaltaí feidhmiúcháin Boird a bheith i láthair. Déantar é sin chun a chinntiú nach bhfuil aon ábhar imní gan réiteach agus chun aon rioscaí nó fadhbanna rialachais atá ag teacht chun cinn ar chur ar a shúile don iniúcháir seachtrach.
- 1.19 Tuarascáil bhliantúil:** Maidir le tuarascáil bhliantúil an Choiste Iniúchta agus Riosca, ba chóir go gcuirfí a thuairim i dtaca le leordhóthanacht na gcóras bainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh, agus i dtaca le leordhóthanacht na bhfoinsí gealltanais atá faoi bhráid an Bhoird.

Ba cheart go n-áireofaí leis an tuarascáil bhliantúil:

- saincheistanna rialachais;
- tuairisciú airgeadais; agus
- caighdeán an iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh.

Anuas air sin ba chóir don Choiste a thuairim ar a éifeachtacht féin a thuairisciú mar aon le comhairle a chur ar fáil maidir le conas is féidir é féin a threisiú agus a fhorbairt.

¹ Bunaithe ar “UK Corporate Governance Code” de chuid an Financial Reporting Council (2016) leathanach 18

1.20 Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca: Tá freagracht ar leith ar Chathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca as a chinntiú:

- go bhfuil acmhainní cuí ar fáil don Choiste Iniúchta agus Riosca;
- go ndéanann an Coiste athbhreithniú ar Thuarascálacha ar Iniúchadh Inmheánach agus freagraí ón mbainistíocht agus go gcinntíonn sé go ndéantar obair leantach ar bhearta;
- go mbíonn eolas ábhartha i dtuairiscí chuig an gCoiste agus go gcuirtear iad ar fáil in am trátha i bhformáid oiriúnach;
- go gcuirtear comhaltaí den Choiste nach raibh i láthair ar an eolas faoi chruinnithe agus go gcoinnítear taifid tinrimh agus go ndéantar iad a mheas go bliantúil;
- go dtugann sé/sí tuairisc ag cruinnithe Boird agus go gcuireann sé/sí tuarascálacha scríofa ina bhfuil eolas ábhartha isteach chuig an mBord go rialta;
- go dtuairiscítear gnóthaí a thagann chun cinn ag gach cruinniú dá éis; agus
- go bhfuil sé/sí rannpháirteach i gceapadh comhaltaí Coiste nua.

1.21 Breithmheas: Ba chóir do Chathaoirleach an Bhoird maoirseacht a dhéanamh ar bhreithmheas ar Chathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca.

1.22 Rúnaíocht an Choiste Iniúchta agus Riosca: Ba cheart do rúnaíocht an Choiste Iniúchta agus Riosca:

- páipéir a choimisiúnú de réir mar is gá agus tacaíocht a thabhairt don Chathaoirleach maidir le tuarascálacha a ullmhú;
- doiciméid agus miontuairiscí cruinnithe a scaipeadh chuig comhaltaí Coiste, agus iniúchadh seachtrach agus inmheánach de réir mar is gá, in am trátha roimh chruinnithe;
- maidir le haon bheart a comhaontaíodh, an t-úinéir, an sprioc-am agus aon chomhairle a thug páirtithe leasmhara a dhoiciméadú, chomh maith le monatóireacht a dhéanamh idir cruinnithe;
- an Coiste a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí sa chomhlacht Stáit; agus
- taifead a choinneáil ar cheapacháin comhaltaí agus dátaí foirceanta/athnuachana agus a chinntiú go dtionscnaítear nósanna imeachta ceapacháin cuí nuair is gá.

2. Clár Oibre an Choiste Iniúchta agus Riosca

Forálacha an Chóid

2.1 Clár Oibre an Choiste Iniúchta agus Riosca: Ba cheart go n-áireofaí le clár oibre an Choiste Iniúchta agus Riosca:

- i) **Aonad Iniúchta Inmheánaigh:** Monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtacht ghníomhaíochtaí iniúchta inmheánaigh an chomhlachta Stáit agus plé ar neamhspleáchas, saineolas agus taithí an Aonaid Iniúchta Inmheánaigh, agus ar cibé acu an gcloínn sé le caighdeán ghairmiúla.
- ii) **Raon na hOibre:** Ba chóir don Choiste Iniúchta agus Riosca plé a dhéanamh ar raon oibre an Aonaid Iniúchta Inmheánaigh agus a mheas cé acu an gcuireann nó nach gcuireann na hacmhainní atá ar fáil agus an rochtain ar dhaoine agus fhaisnéis ar chumas an Aonaid aghaidh a thabhairt ar rioscaí suntasacha san eagraíocht.
- iii) **Plean Iniúchta:** Ba cheart go mbeadh ról ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca maidir le plean iniúchta an Aonaid Iniúchta Inmheánaigh a cheadú, agus go n-áireofaí leis sin moltaí ón gCoiste maidir le rioscaí agus fadhbanna ar cheart don phlean iniúchta dul i ngleic leo. Ba chóir go bhfaigheadh an Coiste Iniúchta agus Riosca tuarascálacha ar dhul chun cinn go rialta ón Aonad Iniúchta Inmheánaigh.
- iv) **Iniúcháir Seachtrach:** Ba cheart don Choiste Iniúchta agus Riosca athbhreithniú a dhéanamh ar Litreacha Bainistíochta agus ar an Litir Uiríoll, agus ba cheart deis a thabhairt dó féachaint ar fhreagraí na heagraíochta ar Litreacha Bainistíochta agus tuarascálacha an iniúcháora sheachtraigh.
- v) **Tuairimí an Iniúcháora Sheachtraigh:** Ba cheart don Choiste Iniúchta agus Riosca tuairimí an iniúcháora sheachtraigh ar obair agus éifeachtacht an Choiste Iniúchta agus Riosca a iarraidh. Ba chóir don Choiste Iniúchta agus Riosca teagmháil a dhéanamh leis an iniúcháir seachtrach uair amháin sa bhliain ar a laghad gan comhaltaí feidhmiúcháin Boird a bheith i láthair d'fhonn a chinntiú nach bhfuil aon fhadhbanna gan réiteach ar ábhair imní iad fós ann. Chomh maith leis sin, ba cheart dó iniúcháirí seachtracha a chur ar an eolas maidir le haon saincheisteanna rialachais a leagtar amach sa Chód seo nach mór don chomhlacht Stáit cloí leo.
- vi) **Comhoibriú idir an tIniúcháir Seachtrach agus an tAonad Iniúchta Inmheánaigh:** Ba cheart don Choiste Iniúchta agus Riosca comhoibriú idir an t-iniúcháir seachtrach agus an tAonad Iniúchta Inmheánaigh a chur chun cinn, agus dearbhú a fháil ón iniúcháir seachtrach agus ón Aonad Iniúchta Inmheánaigh maidir le héifeachtacht a gcaidreamh oibre. Áirítear leis sin go roinntear pleananna iniúchta chun dúbailt iarrachta a sheachaint, agus ba chóir don Aonad Iniúchta Inmheánaigh cóipeanna de gach tuarascáil ón Aonad Iniúchta Inmheánaigh a chur ar fáil don iniúcháir seachtrach.
- vii) **Dréacht-Ráitis airgeadais:** Ba cheart don Choiste Iniúchta agus Riosca athbhreithniú a dhéanamh ar dhréacht-ráitis airgeadais sula moltar go nglacfaidh an Bord leo agus plé a dhéanamh ar cibé acu:
 - go ndéanfar beartais chuntasaíochta, iomláine na ráiteas airgeadais, beartas

- frithchaloise agus caillteanais a thaifeadadh mar is ceart agus go dtugtar cuntas ceart ina leith;
 - go bhfuil nósanna imeachta cuí i bhfeidhm lena chinntiú go mbainfear amach rialtacht, ionracas agus cuibheas;
 - gur tugadh aghaidh ar bhealach cuimsitheach agus cuí ar shaincheistean ar tharraing an t-iniúcháir seachtrach aird orthu;
 - go dtugann na ráitis airgeadais léiriú cóir ar staid airgeadais an chomhlachta Stáit;
 - an bhfuil Ráiteas an chomhlachta Stáit ar Rialú Inmheánach agus a athbhreithniú ar an Litir Uirill cuimsitheach agus an bhfuil brí ag baint leo, sula n-eisíonn an comhlacht Stáit iad.
- viii) Ba cheart don Choiste chomh maith plé a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:
- éifeachtacht agus leordhóthanacht beartais frithchaloise, frithéillithe agus nochta cosanta an chomhlachta Stáit, chomh maith le feasacht na foirne faoi sin;
 - cibé acu an gcuireann nó nach gcuireann an rialú airgeadais lena n-áirítear an struchtúr tarmiligin, ar chumas na heagraíochta a cuid cuspóirí a bhaint amach ar bhonn luach ar airgid; agus
 - cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na nósanna imeachta um bhreithmheas infheistíochta oiriúnach dá bhfeidhm agus an bhfuil siad ag teacht le deachleachtas, prionsabail agus riachtanais ábhartha [Cód Caiteachais Phoiblí](#) na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- ix) **Ráiteas ar Rialú Inmheánach:** Chomh maith leis sin, ba cheart don Choiste deimhniú dó féin go raibh córas an chomhlachta Stáit ag oibriú go héifeachtach le linn na tréimhse tuairiscithe agus go dtugann an córas tuairiscithe inmheánaigh rabhadh luath má theipeann ar rialú inmheánach agus maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn.

Aguisín C: Seicliosta um Éifeachtúlacht Coistí Iniúchta agus Riosca

Comhlachtaí Tráchtála Stáit

- 2.2 Comhlachtaí Tráchtála Stáit:** Níor cheart go mbeadh ach comhaltaí neamhfheidhmiúcháin Boird ina gcomhaltaí ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca de chuid comhlachta Stáit. Má ghlacann Cathaoirligh páirt, ba cheart go mbeadh comhalta Boird eile ina c(h)athaoirleach ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca.
- 2.3 Iniúcháir Seachtrach a Cheapadh:** I gcomhlachtaí tráchtála Stáit, déanfaidh an Coiste Iniúchta agus Riosca na nithe seo a leanas:
- moltaí a dhéanamh don Bhord maidir le ceapachán, ath-cheapachán agus briseadh an iniúcháir sheachtraigh;
 - téarmaí na rannpháirtíochta agus luach saothair an iniúcháir sheachtraigh a cheadú; agus
 - monatóireacht a dhéanamh ar neamhspleáchas an iniúcháir sheachtraigh, chomh maith le neamhchlaontacht agus éifeachtacht an phróisis iniúchta.

Gluaisre

I gcomhthéacs an Chóid seo, beidh an bhrí seo a leanas ag na téarmaí thíos:

- **Oifigeach Cuntasaíochta** - tugtar sainmhíniú in Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 ar Oifigeach Cuntasaíochta mar *"oifigeach dá dtagraítear in alt 22 den Acht [Exchequer and Audit Department's Act of 1866] ar a bhfuil sé de chúram cuntais leithreasaithe Roinne faoin alt sin"*.
- **Tuarascáil Bhliantúil** - Tuarascáil ina ndéantar cur síos ar ghníomhaíochtaí agus feidhmíocht airgeadais an chomhlachta Stáit le linn na bliana roimhe sin. Áirítear leis sin na ráitis airgeadais agus d'fhéadfaí go n-áireofaí leis tuarascálacha ó na daoine siúd a bhfuil sé de chúram orthu rialachas a dhéanamh (Cathaoirleach an Bhoird, mar shampla), athbhreithniú ar straitéis agus feidhmíocht an chomhlachta Stáit, eolas maidir le bainistíocht riosca agus rialachas, comh maith le heolas eile do pháirtithe leasmhara.
- **CEO** - Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, nó *Chief Executive Officer*
- **Ráitis Airgeadais** - Taifead foirmiúil ghníomhaíochtaí agus staid airgeadais an chomhlachta Stáit don bhliain airgeadais roimhe sin, nochtáí san áireamh, a bhfuil sé mar aidhm aige acmhainní eacnamaíochta nó dualgais an chomhlachta Stáit a chur in iúl ag tráth áirithe nó athruithe lena linn do thréimhse ama de réir creatlach tuairiscithe airgeadais.
- **Litir Uirill** - Is litreacha ón mBord a sheoltar chuig na hiniúcháirí seachtracha iad litreacha uirill. Déantar uirill sa litir maidir le méideanna sna ráitis airgeadais agus gnéithe an iniúchta. Dréachtaíonn na hiniúcháirí seachtracha an litir ag deireadh an iniúchta agus cuirtear isteach í chuig an mBord lena síniú, go minic ag an gCathaoirleach agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin.
- **Litir Bhainistíochta** - Is litreacha ó na hiniúcháirí chuig an mbainistíocht iad litreacha bainistíochta ina leagtar amach na lochtanna/lagáid a aimsíodh le linn an iniúchta. Mura bhfuil na lagáid nó lochtanna sin ábharach, eiseoidh na hiniúcháirí tuarascáil ghlan/gan choinníoll/gan athrú. Tá sé de cheangal ar an mbainistíocht freagraí ar na pointí sa litir bhainistíochta a ullmhú. Ní mór don Choiste Iniúchta agus Riosca maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na moltaí a bhí i litir bhainistíochta an iniúcháirí sheachtraigh, agus déanfaidh an t-iniúcháirí athbhreithniú air sin sa chéad bhliain eile.
- **Máthair-Roinn** - An Roinn a bhfuil an comhlacht Stáit faoina coimirce.
- **Comhlacht Stáit** - Féach leathanach 11 den Chód Cleachtais.

Aguisín A

Téarmaí Tagartha Samplacha do Choistí Iniúchta agus Riosca²

Chuir an Bord Coiste Iniúchta agus Riosca ar bun mar Choiste den Bhord le tacú leo ina bhfreagrachtaí as saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais. Déantar é sin trí athbhreithniú a dhéanamh ar cé chomh cuimsitheach is atá na gealltanais ó thaobh riachtanais gealltanais an Oifigigh Chuntasáíochta agus an Bhoird a chomhlíonadh de, agus ar iontaofacht agus ionracas na ngealltanais sin.

Comhaltas

Is iad comhaltaí an Choiste Iniúchta agus Riosca:

- comhaltaí neamhfheidhmiúcháin Boird: [\[liostáil iad siúd atá ceaptha ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca\]](#);
- comhaltaí seachtracha neamhspleácha: [\[liostáil iad siúd atá ceaptha ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca; \(i ngach cás, luaigh an dáta ceaptha agus cathain a thiocfaidh deireadh leis an gceapachán / a bheidh an ceapachán le hathnuachan\)\]](#);
- déanfaidh [\[ainm\]](#) cathaoirleacht ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca; agus
- Is é/í [\[ainm\]](#) an duine a chuirfidh rúnaíocht ar fáil don Chiste Iniúchta agus Riosca.

Tuairisciú

- tuairisceoidh an Coiste Iniúchta agus Riosca go foirmiúil chuig an mBord; agus
- cuirfidh an Coiste Iniúchta agus Riosca Tuarascáil Bhliantúil ar fáil don Bhord, agus cuirfear ar fáil í ag an am ceart chun tacú le cur i gcrích na tuarascála bliantúla agus ráiteas airgeadais. Cuirfear achoimre ar fáil inti ar a chonclúidí ón obair a rinne sé i rith na bliana.

Freagrachtaí

Cuirfidh an Coiste Iniúchta agus Riosca comhairle ar an mBord maidir le:

- na próisis straitéiseacha maidir le riosca, rialú inmheánach agus rialachas;
- na beartais chuntasáíochta, na ráitis airgeadais, agus tuarascáil bhliantúil na heagraíochta, lena n-áirítear an próiseas le hathbhreithniú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais sula gcuirfear isteach lena n-iniúchadh iad, leibhéal na n-earráidí a sainaithníodh, agus litir uiríll na bainistíochta do na hiniúcháirí seachtracha;
- an ghníomhaíocht phleanáilte agus torthaí an iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh;
- leordhóthanacht freagra na bainistíochta d'fhadhbanna a aimsíodh tríd an ngníomhaíocht iniúchta, litir uiríll ó bhainistíocht an iniúchta sheachtraigh san áireamh;
- dearbhuithé maidir le bainistíocht riosca agus maidir le riachtanais um rialachas corparáideach don chomhlacht Stáit;
- (más cuí) moltaí maidir le próisis tairiscintí le haghaidh seirbhísí iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh nó maidir le seirbhísí nach seirbhísí iniúchta iad a cheannach ó chonraitheoirí a chuireann seirbhísí iniúchta ar fáil;
- beartais frithchialaoise, próisis nochta cosanta, agus socrúithe maidir le himscrúdaithe speisialta; agus
- déanfaidh an Coiste Iniúchta agus Riosca athbhreithniú tréimhsiúil freisin ar a éifeachtacht féin agus tuairisceoidh sé torthaí an athbhreithnithe sin don Bhord.

Cearta

D'fhéadadh an Coiste Iniúchta agus Riosca:

- comhaltaí breise a thabhairt isteach chun saincileanna, eolas agus taithí a thabhairt isteach; agus
- sainchomhairle ad hoc a sholáthar ar chostas réasúnta don chomhlacht Stáit, faoi réir buiséid comhaontaithe ag an mBord.

² Bunaithe ar "Audit and Risk Assurance Committee Handbook" (HM Treasury, Márta 2016)

Rochtain

Beidh rochtain shaor faoi rún ag Ceann an Iníúchta Inmheánaigh agus ag ionadaí an iniúchta sheachtraigh ar Chathaoirleach an Choiste Iníúchta agus Riosca.

Cruinnithe

- Cruinneoidh an Coiste Iníúchta agus Riosca le chéile ceithre huair sa bhliain ar a laghad. Féadfaidh Cathaoirleach an Choiste Iníúchta agus Riosca cruinnithe breise a eagrú, de réir mar a mheasann siad is gá;
- beidh íoslón de [\[uimhir\]](#) comhalta den Choiste Iníúchta agus Riosca i láthair le go measfar go bhfuil córam ag an gcruinniú;
- mar a éilíonn gnó an Choiste Airgeadais, ba chóir don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Stiúrthóir Airgeadais, Ceann an Iníúchta Inmheánaigh agus iniúchóir seachtrach freastal ar chruinnithe áirithe nó míreanna cláir ar iarratas ón gCoiste [\[cuir leis seo aon duine eile a fhéadfaidh freastal ar an gCoiste go rialta\]](#);
- is féidir leis an gCoiste Iníúchta agus Riosca iarraidh ar oifigeach ar bith eile den chomhlacht Stáit freastal ar an gcruinniú chun cabhrú leis i dtaobh a chuid pléite ar aon ghnó ar leith ar bith;
- is féidir leis an gCoiste Iníúchta agus Riosca iarraidh ar dhuine ar bith nó ar gach duine atá i láthair ach nach comhaltaí iad, dul as láthair d'fhonn plé oscailte macánta ar ghnó ar leith a éascú;
- is féidir leis an mBord iarraidh ar an gCoiste Iníúchta agus Riosca tuilleadh cruinnithe a eagrú chun saincheisteanna ar leith a phlé a bhfuil comhairle an Choiste á lorg aige ina leith.

Riachtanais Faisnéise

Cuirfear na nithe seo a leanas ar fáil don Choiste Iníúchta agus Riosca (tamall maith roimh an gcruinniú):

- tuarascáil a thugann achoimre ar athruithe suntasacha ar bith ar rioscaí straitéiseacha an chomhlachta Stáit agus cóip den Chlár Rioscaí straitéiseach/corparáideach;
- tuarascáil ar dhul chun cinn ó Cheann an Iníúchta Inmheánaigh ina dtugtar achoimre ar:
 - obair atá déanta (agus comparáid le hobair atá ar na bacáin);
 - príomhcheisteanna a éiríonn as obair an iniúchta inmheánaigh;
 - freagra na bainistíochta do mholtaí an iniúchta;
 - athruithe ar an bplean iniúchta inmheánaigh comhaontaithe; agus
 - saincheisteanna acmhainní a bhfuil tionchar acu ar sheachadadh chuspóirí an iniúchta inmheánaigh.
- tuarascáil ar dhul chun cinn (i scríbhinn/i bhfocail) ó ionadaí an iniúchta sheachtraigh ina dtugtar achoimre ar an obair atá déanta agus ar thorthaí atá ag teacht chun cinn (d'fhéadfaí go n-áireofaí leis sin, más cuí i gcás na heagraíochta, gnéithe den obair ghinearálta a rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, m. sh. tuarascálacha ar Luach ar Airgead agus torthaí maidir le deachleachtas);
- tuarascálacha na bainistíochta um dhearbhú; agus
- tuarascálacha ar bhainistíocht mórtheagmhas, neastimpistí agus ceachtanna a foghlaimíodh.

Anuas air sin cuirtear na nithe seo a leanas ar fáil don Choiste de réir mar a bhíonn gá leis agus nuair a bhíonn gá leis:

- moltaí i leith téarmaí tagartha an iniúchta inmheánaigh / na cairte iniúchta inmheánaigh;
- an straitéis iniúchta inmheánaigh;
- tuairim agus tuarascáil bhliantúil Cheann an Iníúchta Inmheánaigh;
- tuarascálacha um dhearbhú cáilíochta ar an Aonad Iníúchta Inmheánaigh;
- dréacht-ráitis airgeadais na heagraíochta;
- dréacht-ráiteas rialachais;
- tuarascáil ar athruithe ar bith ar bheartais chuntasaíochta;
- litir bhainistíochta an iniúchta sheachtraigh;
- tuarascáil ar aon mholadh le haghaidh tairiscintí a lorg ar fheidhmeanna iniúchta, más cuí;
- tuarascáil ar chomhoibriú idir an t-iniúchadh inmheánach agus seachtrach; agus
- straitéis bainistíochta riosca na heagraíochta.

Is moltaí maidir le riachtanais íosta iad na riachtanais atá curtha ar fáil sa liosta, riachtanas i dtaca leis na feidhmeanna ba cheart don Choiste Iniúchta agus Riosca a chur ar fáil. I gcásanna áirithe d'fhéadfaí go gcuirfí tuilleadh ar fáil. Mar shampla, d'fhéadfaí go gcomhaontófaí gur cheart cóip den tuarascáil maidir le gach measúnú iniúchta inmheánaigh a chur ar fáil do chomhaltaí an Choiste Iniúchta agus Riosca.

Aguisín B:

Litir Cheapacháin Shamplach do Chomhalta an Choiste Iniúchta agus Riosca

Moltar go gcuirfear na nithe seo a leanas san áireamh leis an Litir Cheapacháin de chomhalta Coiste Iniúchta agus Riosca:

Ceapachán agus Cuspóir

Ceapann an [Bord] thú leis seo mar chomhalta den Choiste Iniúchta agus Riosca de [cuir isteach ainm an eintitis anseo]. Mar chomhalta den Choiste Iniúchta agus Riosca, tá tú freagrach don [Bhord] trí Chathaoirleach an Choiste. Fanfaidh tú sa phost ar feadh [(uimhir) bliain ó (dáta)]. Féadfar go ndéanfar an ceapachán sin a athnuachan [líon] uair (le comhaontú frithpháirteach) tar éis thréimhse an cheapacháin sin.

Is Coiste den Bhord de [cuir isteach ainm an eintitis] é an Coiste Iniúchta agus Riosca agus is é cuspóir an Choiste ná:

- athbhreithniú a dhéanamh ar cé chomh cuimsitheach is atá na gealltanais maidir le rialachas, bainistíocht riosca agus an timpeallacht rialaithe ó thaobh riachtanais gealltanais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Bhoird a chomhlíonadh;
- iontaofacht agus ionracas na ngealltanais sin a athbhreithniú;
- ionracas na ráiteas airgeadais a athbhreithniú; agus
- comhairle a chur ar an mBord agus an tOifigeach Cuntasaíochta maidir le cé chomh maith is a thacaíonn na gealltanais sin leo agus cinntí á ndéanamh agus a n-oibleagáidí cuntasachta á gcomhlíonadh acu.

Tá cóip de théarmaí tagartha an Choiste Iniúchta agus Riosca faoi iamh. Déanann [ainm] cathaoirleacht ar an gCoiste agus is iad na comhaltaí eile [ainmneacha]. [Moltar go gcuirfear liosta ar fáil do chomhaltaí nua ar a bhfuil a sonraí teagmhála]

Tacaíocht agus Oiliúint

Is [é/í ainm / sonraí teagmhála] Rúnaí an Choiste Iniúchta agus Riosca agus beidh siad i dteagmháil leat go luath le hoiliúint ionduchtúcháin chuí a phlé agus a eagrú.

Le tacaíocht a thabhairt duit tuiscint a fháil ar na socruithe rialachais agus ról an Choiste Iniúchta agus Riosca i gcomhlacht Stáit, tá cóip de shraith doiciméad dar teideal "*Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit*" faoi iamh leis an litir cheapacháin seo.

An Méid Ama atá i gCeist agus Luach Saothair

Meastar go mbeidh [líon] lá i gceist le do dhualgais mar chomhalta den Choiste Iniúchta agus Riosca in aghaidh na bliana, lena n-áirítear am chun páipéir a léamh mar ullmhúchán do chruinnithe agus clár gníomhaíochta le tú a choinneáil ar an eolas maidir le gníomhaíochtaí agus tosaíochta na heagraíochta. Buaileann an Coiste le chéile [líon] uair gach bliain de ghnáth, ach d'fhéadfaí go mbeadh gá le tuilleadh cruinnithe ó am go ham. [Cuir san áireamh, más cuí, sonraí maidir le méid an luacha saothair].

Coimhlíntí Leasa

Má athraíonn do chúinsí pearsanta le linn thréimhse do cheapacháin ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca ar aon bhealach a bhféadfadh coimhlínt leasa i do ról ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca teacht as, ní mór duit na cúinsí sin a fhógairt do Chathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca.

Breithmheas

Mar chomhalta den Choiste Iniúchta agus Riosca, féadfar go mbeidh tú faoi réir breithmheas ó Chathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca [Cuir achoimre ar an bpróiseas breithmheasa ar fáil].

Iompar

Cé nach seirbhíseach poiblí thú mar gheall ar do cheapachán, tá tú in ainm agus thú féin a iompar i do ról sa chomhlacht Stáit de réir na [dTreoirínite do Sheirbhísigh Phoiblí](#).

Foirceann

Má roghnaíonn tú éirí as an bpost seo beifear ag súil leis go dtabharfaidh tú [\[uimhir\]](#) mí fógra, murar athraigh do chúinsí ar bhealach a fhágann gur cheart duit éirí as ar an bpointe. Má chinntear nach bhfuil d'fheidhmíocht mar chomhalta Coiste Iniúchta agus Riosca maith go leor nó má tá d'iompar (coimhlíní leasa san áireamh) doghlactha, d'fhéadfadh an Bord do cheapachán a fhoirceannadh.

Ról an Choiste Iniúchta agus Riosca Comhlíonann an Coiste Iniúchta agus Riosca ról tábhachtach sa chreat rialachais d'eintiteas trí thacú leis an mBord monatóireacht a dhéanamh ar an timpeallacht rialaithe inmheánaigh, bainistíocht riosca agus tuairisciú airgeadais agus an t-aonad iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh. Ní thugann an Coiste faoi fhreagrachtaí bainistíochta agus ní thagann sé in ionad rialuithe agus freagrachtaí an eintitis.	T	N	N/B	Tuairim / Beart atá ag teastáil
1. An bhfuil cairt agus téarmaí tagartha scríofa ann ina leagtar amach ról agus freagrachtaí an Choiste Iniúchta agus Riosca agus a chuid comhaltaí agus an bhfuil sé curtha in iúl do gach comhalta?				
2. An bhfuil forálacha san áireamh sna téarmaí tagartha de réir mar atá leagtha amach in alt 1.3 den doiciméad seo?				
3. An éilíonn na téarmaí tagartha go ndéanann an Coiste Iniúchta agus Riosca athbhreithniú rialta ar a éifeachtacht féin? Má éilíonn, cathain a rinneadh an t-athbhreithniú deireanach?				
4. An mbuaileann an Coiste Iniúchta agus Riosca le chéile ceithre huair sa bhliain ar a laghad?				
Comhaltas, Neamhspleáchas, Neamhchlaontacht agus Tuiscint Ba chóir don Choiste Iniúchta agus Riosca a bheith neamhspleách agus neamhchlaonta. Anuas air sin, ba chóir do gach comhalta deathuiscint a bheith aige/aici ar chuspóirí agus tosaíochtaí na heagraíochta agus ar a ról mar chomhalta den Choiste.	T	N	N/B	Tuairim / Beart atá ag teastáil
Comhaltas agus Téarmaí Ceapacháin				
5. An bhfuil trí chomhalta neamhfheidhmiúcháin neamhspleách Boird ar a laghad ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca, nó i gcás comhlachtaí Stáit níos lú dhá chomhalta?				
6. Cé chomh fada is atá tréimhse cheapacháin chomhaltaí an Choiste Iniúchta agus Riosca?				
7. An bhfuil litir cheapacháin chaighdeánach ann do chomhaltaí nua den Choiste Iniúchta agus Riosca agus an bhfuil an t-eolas seo a leanas inti: <ul style="list-style-type: none"> ▪ ról an Choiste Iniúchta agus Riosca? ▪ tréimhse cheapacháin agus forálacha athnuachana? ▪ an tacaíocht agus oiliúint a chuirfear ar fáil? ▪ an méid ama atá i gceist? ▪ leibhéal an luacha saothair (más cuí)? ▪ rialacha maidir le coimhlintí leasa? ▪ socruithe maidir le bainistiú feidhmíochta? ▪ socruithe foirceanta? 				

Neamhspleáchas	T	N	N/B	Tuairim / Beart atá ag teastáil
8. Cad é miondealú ar chomhaltaí an Choiste Iniúchta agus Riosca maidir le comhaltaí neamh-fheidhmiúcháin, comhaltaí feidhmiúcháin Boird agus comhaltaí seachtracha?				
9. An ea nach é an duine céanna é Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca agus Cathaoirleach an Bhoird?				
Caidreamh leis an bhFeidhmeannas agus Rannpháirtithe Eile	T	N	N/B	Tuairim / Beart atá ag teastáil
10. An bhfaigheann comhaltaí feidhmiúcháin na heagraíochta cuireadh chun freastal ar chruinnithe an Choiste Iniúchta agus Riosca, chun páirt a ghlacadh i bpléite agus eolas a chur ar fáil don Choiste Iniúchta agus Riosca de réir mar is gá?				
11. An bhfreastalaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Stiúrthóir Airgeadais, Ceann an Iniúchta Inmheánaigh agus an t-iniúcháir seachtrach go rialta ar gach cruinniú an Choiste Iniúchta agus Riosca? Mura bhfreastalaíonn, an bhfreastalaíonn siad ar chruinnithe áirithe nó míreanna áirithe clár ar iarratas ón gCoiste?				
Coimhlintí Leasa a Bhainistiú	T	N	N/B	Tuairim / Beart atá ag teastáil
12. An bhfuil clár de leasanna chomhaltaí an Choiste Iniúchta agus Riosca ann?				
13. An bhfuil sé de cheangal go rialta ar chomhaltaí aon choimhlint leasa a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le haon mhír ar an gclár do chruinnithe an Choiste Iniúchta agus Riosca a fhógairt?				
14. Má fhógraíonn comhalta go bhfuil leas aige/aici i mír ar an gclár, cén beart a dhéantar?				
Scileanna agus Taithí Ba cheart don Choiste Iniúchta agus Riosca i dteannta a chéile réimse scileanna (meascán scileanna) a bheith acu chun a chuid feidhmeanna a dhéanamh ag an gcaighdeán riachtanach.	T	N	N/B	Tuairim / Beart atá ag teastáil
15. An bhfuil critéir measúnaithe fhoirmiúla ann chun Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca a cheapadh?				
16. An áirítear ar chritéir mheasúnaithe le haghaidh chomhaltaí an Choiste Iniúchta agus Riosca tuiscint ar na nithe seo (nó táthar ag súil leis go bhfaighidh comhaltaí an tuiscint a luaithe is féidir tar éis a bheith ceaptha): <ul style="list-style-type: none"> ▪ cultúr na heagraíochta, cuspóirí agus dúshláin? ▪ struchtúr na heagraíochta, lena n-áirítear príomhchaidrimh cosúil leis an gcaidreamh leis an Aire agus an máthair-Roinn? ▪ reachtaíocht nó rialacha eile ábhartha a rialaíonn an eagraíocht? 				

17. An bhfuil eolas, scileanna agus taithí ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca i dteannta a chéile maidir leis na nithe seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> cuntasacht/airgeadas - agus taithí airgeadais ábhartha a úsáideadh le déanaí a bheith ag comhalta amháin? rialachas, cinnteacht agus bainistíocht riosca? iniúchadh? saincheisteanna teicniúla nó speisialta a bhaineann le gnó na heagraíochta? na timpeallachtaí níos leithne, lena n-áirítear an Rialtas agus na struchtúir chuntasachta ina bhfuil an eagraíocht ag oibriú? 				
Rochtain ar Scileanna Breise	T	N	N/B	Tuairim / Beart atá ag teastáil
18. An bhfuil an Coiste Iniúchta agus Riosca cumasaithe chun comhaltaí a thabhairt isteach ar bhonn gearrthéarma chun sainscileanna atá ag teastáil ag am áirithe a chur ar fáil? Cén uair is déanaí a rinneadh a leithéid?				
19. An féidir leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca comhairle speisialtóra a fháil (ar chostas réasúnta faofa ar an eagraíocht) ar bhonn ad hoc chun cabhrú le comhaltaí i dtaobh réimsí sonracha gnó an Choiste? Cén uair is déanaí a rinneadh a leithéid?				
Oiliúint agus Forbairt	T	N	N/B	Tuairim / Beart atá ag teastáil
20. An bhfuil próiseas ionducthúcháin foirmiúil ann (oiliúint saincheaptha don duine aonair san áireamh) do chomhaltaí nua ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca?				
21. An ndéanann an Coiste Iniúchta agus Riosca moltaí don Bhord maidir le riachtanais oiliúna na gcomhaltaí aonair agus an Choiste?				
22. An gcoinníonn an Coiste Iniúchta agus Riosca é féin suas chun dáta faoi dheachleachtas agus forbairtí i rialachas corparáideach? Conas a dhéantar é sin?				
Raon Feidhme na hOibre	T	N	N/B	Tuairim / Beart atá ag teastáil
Ba cheart raon oibre an Choiste Iniúchta agus Riosca a shainmhíniú sna téarmaí tagartha agus go gcuimseodh sé sin gach riachtanas gealltanais an Bhoird feidhmiúcháin nó an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, lena n-áirítear rannpháirtíocht ar leith in obair an iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh agus saincheisteanna tuairiscithe airgeadais.				
Caidreamh le hIniúchadh Inmheánach				
23. An ndéanann an Coiste Iniúchta agus Riosca athbhreithniú ar éifeachtacht an Aonaid Iniúchta Inmheánaigh?				
24. An measann An Coiste Iniúchta agus Riosca go bhfuil neamhspleáchas, saineolas, taithí agus caighdeán gairmiúil na foirne iniúchta inmheánaigh oiriúnach don eagraíocht?				
25. An measann an Coiste Iniúchta agus Riosca go gcuireann raon oibre an iniúchta inmheánaigh, na hacmhainní atá aige agus an rochtain atá aige ar fhaisnéis agus daoine ar a chumas aghaidh a thabhairt ar rioscaí suntasacha san eagraíocht?				
26. An bhfaigheann an Coiste Iniúchta agus Riosca tuarascálacha ar dhul chun cinn go rialta ar an obair a dhéanann an tAonad Iniúchta Inmheánaigh?				

27. An ndéanann an Coiste Iniúchta agus Riosca athbhreithniú ar thuarascálacha iniúchta inmheánaigh agus freagairtí ón mbainistíocht ar shaincheisteanna a ardaíodh, agus monatóireacht ar an dul chun cinn a dhéantar maidir le moltaí an iniúchta inmheánaigh?				
28. An bhfuil rochtain shaor faoi rún ag Ceann an Iniúchta Inmheánaigh ar Chathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca?				
Caidreamh le hIniúchadh Seachtrach	T	N	N/B	Tuairim / Beart atá ag teastáil
29. An iarrann an Coiste Iniúchta agus Riosca tuairimí an iniúcháora sheachtraigh ar obair agus éifeachtacht an Choiste Iniúchta agus Riosca go rialta?				
30. An bpléann an Coiste Iniúchta agus Riosca litir bhainistíochta an iniúchta sheachtraigh agus tuarascálacha cuí eile agus freagairt na bainistíochta, agus an ndéanann sé monatóireacht ar an dul chun cinn a dhéantar maidir leis na moltaí?				
31. An mbuaileann an Coiste Iniúchta agus Riosca leis na hiniúcháirí seachtracha uair amháin sa bhliain ar a laghad, gan comhaltaí feidhmiúcháin Boird a bheith san áireamh, le plé a dhéanamh ar ábhair inmí?				
Caidreamh idir Iniúchadh Inmheánach agus Iniúchadh Seachtrach	T	N	N/B	Tuairim / Beart atá ag teastáil
32. An lorgaíonn an Coiste Iniúchta agus Riosca deimhniú ón iniúchadh inmheánach agus ó na hiniúcháirí seachtracha ar éifeachtacht a gcaidrimh?				
Calaois	T	N	N/B	Tuairim / Beart atá ag teastáil
33. An bhféachann an Coiste Iniúchta agus Riosca ar cibé acu an bhfuil beartais agus nósanna imeachta frithchalaoise ann agus an bhfuil siad ag oibriú go héifeachtach?				
34. An bhféachann an Coiste Iniúchta agus Riosca ar cibé acu an bhfuil nó beartas agus cód iompair frithchalaoise ann agus an scaiptear ar na fostaithe iad?				
Rialú Inmheánach	T	N	N/B	Tuairim / Beart atá ag teastáil
35. An ndeimhníonn an Coiste Iniúchta agus Riosca dó féin go raibh an córas rialaithe inmheánaigh ag oibriú go héifeachtach le linn na tréimhse tuairiscithe agus go dtugann an córas tuairiscithe inmheánaigh rabhadh luath má theipeann ar rialú agus maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn?				
36. An bhféachann an Coiste Iniúchta agus Riosca ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an Ráiteas rialaithe inmheánaigh cuimsitheach agus an bhfuil brí ag baint leis?				
37. An bpléann an Coiste Iniúchta agus Riosca cibé acu an gcuireann rialú airgeadais, struchtúr an tarmligin san áireamh, ar chumas na heagraíochta a gcuspóirí a bhaint amach agus luach maith ar airgead a bhaint amach?				

Tuairisciú Airgeadais	T	N	N/B	Tuairim / Beart atá ag teastáil
38. An ndéanann an Coiste Iniúchta agus Riosca athbhreithniú ar dhréacht na ráiteas airgeadais?				
39. Sula síníonn an tOifigeach Cuntasaíochta/Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na ráitis airgeadais, an bhféachann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ar cibé acu: <ul style="list-style-type: none"> ▪ an ndéanfar beartais chuntasaíochta, iomláine na ráiteas airgeadais, beartas frithchaloise agus cailteanais a thaifeadadh mar is ceart agus go dtugtar cuntas ceart ina leith? 				
<ul style="list-style-type: none"> ▪ an raibh próiseas láidir ann maidir leis na ráitis airgeadais a ullmhú d'fhonn iomláine a chinntiú agus cé acu an bhfuil próisis chúil ann chun a chinntiú go gcoinnítear taifid chuntasaíochta chruinne? ▪ an bhfuil nósanna imeachta cúil i bhfeidhm lena chinntiú go mbainfear amach rialtacht, ionracas agus cuibheas? ▪ ar tugadh aird chúil ar cheisteanna a d'ardaigh na hiniúcháirí seachtracha? ▪ an bhfuil Ráiteas an chomhlachta Stáit ar Rialú Inmheánach agus a athbhreithniú ar an Litir Uirill cuimsitheach, agus an bhfuil brí ag baint leo, sula n-eisíonn an comhlacht Stáit iad? 				
<p style="text-align: center;">Cumarsáid</p> <p>Ba chóir don Choiste Iniúchta agus Riosca teagmháil éifeachtach leis an mBord, Ceann an Iniúchta Inmheánaigh, an t-iniúcháir seachtrach agus páirtithe leasmhara eile a chinntiú.</p>	T	N	N/B	Tuairim / Beart atá ag teastáil
40. An dtugann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca tuairisc bhliantúil don mBord?				
41. I dtuairisc bhliantúil an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca, an léirítear torthaí na tuairisce iniúchta inmheánaigh maidir le: <ul style="list-style-type: none"> ▪ leordhóthanacht na bainistíochta riosca agus na gcóras rialaithe inmheánaigh? ▪ leordhóthanacht na bhfoinsí gealltanais atá ag an gcéanna? ▪ saincheisteanna agus ábhar imní maidir le rialachas? ▪ tuairisciú airgeadais don bhliain? ▪ caighdeán an iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh? ▪ tuairim an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ar a éifeachtacht féin, lena n-áirítear comhairle a chur ar fáil maidir le conas is féidir é féin a threisiú agus a fhorbairt? 				
42. An bhfuil línte oscailte cumarsáide ag Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca leis an mBord, le Ceann na hIniúcháireachta Inmheánaí agus leis na hiniúcháirí seachtracha?				
43. An gcuirtear eolas ábhartha in iúl i dtuarascálacha chuig an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca ag an minicíocht cheart, ag an am ceart agus sa bhformáid cheart chun gur féidir leo a bheith éifeachtach?				

Ról Chathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca Tá Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca freagrach as a chinntiú go bhfuil obair an Choiste éifeachtach, go bhfuil na hacmhainní cuí ag an gCoiste agus go gcoinníonn sé cumarsáid éifeachtach le páirtithe leasmhara.	T	N	N/B	Tuairim / Beart atá ag teastáil
Bearta Monatóireachta				
44. An gcinntíonn Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca go gcuirtear comhaltaí a chaill cruinniú ar an eolas mar is cuí faoin ngnó a pléadh nuair a bhí siad as láthair?				
Breithmheas	T	N	N/B	Tuairim / Beart atá ag teastáil
45. An gcoinníonn an Bord taifid tinrimh agus a ndéanann sé athbhreithniú orthu go bliantúil? Cad é an tinreamh ar an meán thar na trí bliana roimhe seo?				
46. An gcinntíonn Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca go dtugtar breithmheas ar a f(h)eidhmíocht mar chomhalta den choiste do chomhalta an Choiste?				
47. An iarrann Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca breithmheas i leith a f(h)eidhmíochta féin ón Oifigeach Cuntasaíochta nó Cathaoirleach an Bhoird?				
Ceapacháin	T	N	N/B	Tuairim / Beart atá ag teastáil
48. An bhfuil baint ag an gCathaoirleach le ceapachán comhalta nua ar an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca, lena n-áirítear comhairle a chur ar fáil maidir le scileanna agus taithí ar chóir a bheith ag an duine nua?				
Tacaíocht don Choiste Iniúchta agus Riosca Ba chóir don eagraíocht tacaíocht chuí a chur ar fáil dá Choiste Iniúcháireachta agus Riosca chun gur féidir leis a bheith éifeachtach. Is mó ná feidhm miontuairiscithe é seo, caithfear tacaíocht ghníomhach d'obair an Choiste a chur ar fáil agus cabhrú lena chomhaltaí a ról a chomhlíonadh go héifeachtach.	T	N	N/B	Tuairim / Beart atá ag teastáil
49. An dtacaíonn rúnaíocht leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca?				
50. An ndéanann rúnaíocht an Choiste Iniúchta agus Riosca an méid seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> ▪ páipéir a choimisiúnú de réir mar is gá le tacú le míreanna ar an gclár? ▪ doiciméid agus miontuairiscí cruinnithe a scaipeadh ar chomhaltaí Coiste, agus iniúchadh seachtrach agus inmheánach in am trátha roimh chruinnithe? ▪ maidir le haon bheart a comhaontaíodh, an t-úinéir, an sprioc-am agus aon chomhairle a thug páirtithe leasmhara a dhoiciméadú, chomh maith le monatóireacht a dhéanamh idir cruinnithe? ▪ an Coiste a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí sa chomhlacht Stáit? ▪ taifead a choinneáil ar cathain a bheidh tréimhsí ceapacháin na gcomhaltaí le hathnuachan nó a dtiocfaidh deireadh leo? ▪ a chinntiú go dtionscnaítear nósanna imeachta ceapacháin cuí nuair is gá? 				

Ceistneoir Breithmheasa le haghaidh Féinmheasúnú an Bhoird

Ceistneoir Breithmheasa le haghaidh Féinmheasúnú an Bhoird

Le comhlánú ag an gCathaoirleach agus gach comhalta Boird an chomhlachta Stáit

Treoirlínte Comhlánaithe:

Táthar ag súil leis go gcomhlánóidh gach comhalta Boird an ceistneoir féinmheasúnaithe seo go neamhspleách. Ba cheart do Chathaoirleach an Bhoird, tar éis dó/di na freagraí a chur i dtoll a chéile, plé a stiúradh ar na príomhshaincheistanna a éiríonn as an gceistneoir. Ba cheart don phlé a bheith dírithe ar réimsí ina bhfuil gá le feabhsú nó ina bhfuil níos mó difríochtaí sna freagraí ar na ceistanna a ardaíodh sa cheistneoir.

Ba cheart torthaí an cheistneora féinmheasúnaithe agus bearta ar bith a n-éiríonn as a thuairisciú don Bhord chun go ndéanfaí tuilleadh plé orthu. B'fhéidir gur mian le comhlachtaí Stáit an féinmheasúnú seo a chur in oiriúint do chúinsí ar leith an chomhlachta Stáit agus tuilleadh béime a leagan ar ghnéithe áirithe an cheistneora de réir nádúir, méid agus freagrachtaí an chomhlachta Stáit ar leith. Imreoidh na tosca seo a leanas tionchar air seo:

- Reachtaíocht rialaitheach an chomhlachta Stáit;
- Téarmaí tagartha an Bhoird;
- An timpeallacht ina n-oibríonn an comhlacht Stáit, m.sh. tráchtála, neamhtráchtála nó comhlacht rialála;
- Aibíocht an Bhoird; agus
- Socruithe na heagraíochta maidir le rialachas corparáideach agus feidhmíocht.

Tá an scóráil mar seo a leanas:

1 = Fíor-mhíshásta

2 = Míshásta

3 = Ní Sásta ná Míshásta

4 = Sásta

5 = Fíor-shásta

Ceistneoir Breithmheasa le haghaidh Féinmheasúnú an Bhoird						
Ról an Bhoird	Scór					Cad a d'fhéadfaí a dhéanamh ar bhealach eile?
	Míshásta			Sásta		
1. An bhfuil tú sásta go ndearna an Bord doiciméadú soiléir ar a ról agus a chuid freagrachtaí, cosúil le sceideal foirmiúil na ngnóthaí a chur le chéile atá forchoimeáda d'ó go sainiúil? (1.7)	1	2	3	4	5	
2. An bhfuil tú sásta go bhfuil sceideal gnóthaí foirmiúil atá forchoimeáda le haghaidh a fhaofa ag an mBord cothrom le dáta agus go ndéantar athbhreithniú air go rialta?	1	2	3	4	5	
3. An bhfuil tú sásta go dtuigeann an Bord, mar ghrúpa, a ról agus a chuid freagrachtaí, a ról maoirseachta san áireamh?	1	2	3	4	5	
4. An bhfuil tú sásta go bhfuil spriocanna feidhme an chomhlachta Stáit comhaontaithe ag an mBord leis an Aire agus an máthair-Roinne, sa mhéid ina mbaineann siad leis, agus go bhfuil an úsáid acmhainní is fearr cinntithe aige? (1.1)	1	2	3	4	5	
5. An bhfuil tú sásta go bhfuil cinntithe ag an mBord go gcoinníonn an Cathaoirleach an tAire ábhartha ar an eolas faoi ghnóthaí a thagann chun cinn maidir leis an gcomhlacht Stáit? (1.6)	1	2	3	4	5	
6. An bhfuil tú sásta go bhfuil a phríomhról comhlíonta ag an mBord i dtaobh dearcadh eiticíúil an chomhlachta Stáit a leagan síos, ní hamháin lena chuid gníomhartha féin ach i maoirseacht a dhéanamh ar an ardbhainistíocht agus baill foirne ag gach leibhéal na heagraíochta? (1.2)	1	2	3	4	5	
7. An bhfuil tú sásta go bhfuil athbhreithniú déanta ag an mBord na rialuithe agus nósanna imeachta a ghlac an comhlacht Stáit, le deimhniú réasúnta a chur ar fáil dó féin go bhfuil rialuithe agus nósanna imeachta den chineál sin leordhóthanach chun a chinntiú go gcomhlíonann an comhlacht Stáit na n-oibleagáidí reachtúla agus rialála? (1.3)	1	2	3	4	5	
8. An bhfuil tú sásta go bhfuil na bearta riachtanacha uile glactha ag an mBord chun a bheith ar an eolas maidir leis an bhfaisnéis ábhartha ar fad faoin gcomhlacht Stáit, an Rialtas agus an earnáil phoiblí mar is gá, agus go bhfuil rochtain faighte aige ar an gcéanna? (1.5)	1	2	3	4	5	
9. An bhfuil tú sásta go bhfuil dóthain tuisceana ag comhaltaí Boidr ar an gcomhlacht Stáit agus ar an earnáil ina n-oibríonn sé?	1	2	3	4	5	
10. An bhfuil tú sásta go bhfuil próiseas foirmiúil curtha ar bun ag an mBord chun straitéis a leagan síos, ullmhú agus glacadh le plean straitéiseach san áireamh? (1.15)	1	2	3	4	5	
11. An bhfuil tú sásta gur fhaomh an Bord plean bliantúil agus/nó buiséad agus gur thug an Bord faoi mheastóireacht bhliantúil ar fheidhmíocht bhliantúil trí thagairt don phlean agus/nó buiséad? (1.19)	1	2	3	4	5	

12.	An bhfuil tú sásta go bhfuil misean agus fíis an chomhlachta Stáit sainmhínithe agus curtha in iúl do gach leibhéal laistigh den eagraíocht?	1	2	3	4	5	
Ceistneoir Breithmheasa le haghaidh Féinmheasúnú an Bhoird							
Comhaontú Maoirseachta		Scór			Cad a d'fhéadfaí a dhéanamh ar bhealach eile?		
		Míshásta		Sásta			
13.	An bhfuil tú sásta go bhfuil comhaontú maoirseachta láidir i scríbhinn ag an gcomhlacht Stáit leis an Aire/máthair-Roinn ábhartha ina leagtar síos go soiléir téarmaí an chaidrimh idir an comhlacht Stáit agus an Aire/máthair-roinn ábhartha? (8.4)	1	2	3	4	5	
Deighilt Freagrachtaí		Scór			Cad a d'fhéadfaí a dhéanamh ar bhealach eile?		
		Míshásta		Sásta			
14.	An bhfuil tú sásta go bhfuil ról faoi seach an Chathaoirligh agus an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin den chomhlacht Stáit curtha ar bun agus doiciméadaithe ag an mBord? (1.24)	1	2	3	4	5	
Éifeachtacht Boird		Scór			Cad a d'fhéadfaí a dhéanamh ar bhealach eile?		
		Míshásta		Sásta			
15.	An bhfuil tú sásta go bhfuil an t-am agus na scileanna agus an t-eolas cuí ag comhaltaí an Bhoird, agus iad cothrom le dáta mar is gá agus oiriúnach do ghníomhaíochtaí an chomhlachta Stáit, chun go bhfuil ar a gcumas a gcuid dualgas agus freagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach? (4.2)	1	2	3	4	5	
16.	An bhfuil tú sásta go gcuireann Rúnaí an Bhoird ionduchtúcháin, meantóireacht agus cúnaimh cuí ar fáil do chomhaltaí an Bhoird mar aon le forbairt ghairmiúil leanúnach, de réir mar is gá? (3.10)	1	2	3	4	5	
17.	An bhfuil tú sásta go gcuirtear cultúr na hoscailteachta agus díospóireachta chun cinn sa chomhlacht Stáit, agus go bhfaigheann gach comhalta Boird deis chun cur go hiomlán le pléite agus cruinnithe an Bhoird, lena n-áirítear deis a thabhairt do chomhaltaí neamhfheidhmiúcháin an Bhoird breithmheas neamhspleách a thabhairt ar shaincheisteanna? (1.4) (3.8)	1	2	3	4	5	
18.	An bhfuil tú sásta go mbaileann an Bord le chéile rialta a dhóthain, go bhfuil na cruinnithe fada go leor agus go bhfuil formáid na gcruinnithe leordhóthanach chun cur ar chumas an Bhoird a chuid dualgas a dhéanamh go héifeachtach? (1.7)	1	2	3	4	5	
19.	An bhfuil tú sásta go scaiptear cláir oibre agus ábhar eile cuí do chruinnithe an Bhoird in am trátha chun gur féidir breathnú ar shaincheisteanna tábhachtacha mar is cuí?	1	2	3	4	5	
20.	An bhfuil tú sásta le caighdeán pháipéir agus miontuairiscí an Bhoird (m.sh. níl siad ró-fhada, mínítear na príomhcheisteanna agus na tosaíochtaí go soiléir, tá siad comhsheasmhach agus tráthúil)?	1	2	3	4	5	

Ceistneoir Breithmheasa le haghaidh Féinmheasúnú an Bhoird							
21.	An bhfuil tú sásta go gcaitheann an Bord formhór dá chuid ama ar shaincheisteanna straitéiseacha agus ní ar fhreagrachtaí laethúla bainistíochta?	1	2	3	4	5	
Cóid Iompair agus Coimhlíntí Leasa		Scór			Cad a d'fhéadfaí a dhéanamh ar bhealach eile?		
		Míshásta		Sásta			
22.	An bhfuil tú sásta go bhfuil na Cóid Iompair nuashonraithe faofa ag an mBord agus go scaiptear ar gach comhalta Boird, an bhainistíocht agus fostaithe iad? (5.1)	1	2	3	4	5	
23.	An bhfuil tú sásta go gcomhlíontar na nósanna imeachta a bhaineann le nochtadh leasanna chomhaltaí an Bhoird? (5.8)	1	2	3	4	5	
24.	An bhfuil tú sásta go bhfuil nósanna imeachta cuí ag an mBord chun monatóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar choimhlíntí leasa agus faisnéis rúnda de chuid na bainistíochta agus de chuid chomhaltaí an Bhoird? (1.10)	1	2	3	4	5	
Tuairisciú Gnó agus Airgeadais		Scór			Cad a d'fhéadfaí a dhéanamh ar bhealach eile?		
		Míshásta		Sásta			
25.	An bhfuil tú sásta go gcinntíonn an Bord go dtugtar léargas fírinneach cóir cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an chomhlachta Stáit agus tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais an chomhlachta Stáit á n-ullmhú agus á gcur isteach chuig an Aire ábhartha? (6)	1	2	3	4	5	
26.	An bhfuil tú sásta go gcinntíonn an Bord go nochtar gnóthaí ábhartha uile maidir leis an gcomhlacht Stáit don Aire lena mbaineann in am trátha agus go cruinn? (6)	1	2	3	4	5	
Bainistiú Riosca, Rialú Inmheánach, Iniúchadh agus Riosca		Scór			Cad a d'fhéadfaí a dhéanamh ar bhealach eile?		
		Míshásta		Sásta			
27.	An bhfuil tú sásta go bhfaomhann an Bord na beartais/creat bainistíochta riosca agus go ndéanann sé monatóireacht ar a éifeachtacht, lena n-áirítear teagmhais shuntasacha riosca, go dtugann sé faoi deara nó go bhfaomhann sé bearta na bainistíochta agus go ndéanann sé maoirseacht ar bhainistíocht riosca agus ar shaincheisteanna ard-riosca a bhaineann leis an gcomhlacht Stáit? (7.1 – 7.2)	1	2	3	4	5	
28.	An bhfuil tú sásta go gcomhlíonann an Bord a chuid freagrachtaí maidir le córais rialaithe inmheánaigh éifeachtacha a bheith curtha ar bun agus curtha i bhfeidhm sa chomhlacht Stáit, lena n-áirítear rialuithe um oibríocht agus comhlíonadh agus bainistíocht riosca? (7.3)	1	2	3	4	5	

Ceistneoir Breithmheasa le haghaidh Féinmheasúnú an Bhoird							
29.	An bhfuil tú sásta go ndéanann an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear nithe cosúil leo siúd atá luaite in alt 7.4 den Chód Cleachtas? (7.4)	1	2	3	4	5	
Measúnú Feidhmíochta		Scór			Cad a d'fhéadfaí a dhéanamh ar bhealach eile?		
		Míshásta		Sásta			
30.	An bhfuil tú sásta go ndéanann an Bord meastóireacht féinmheasúnaithe bhliantúil ar a fheidhmíocht agus feidhmíochta a choistí féin? (4.6)	1	2	3	4	5	
31.	An bhfuil tú sásta go ndéantar obair leantach ar shaincheistanna a éiríonn ón meastóireacht agus go bhfeabhsaíonn an próiseas meastóireacht éifeachtacht an Bhoird?	1	2	3	4	5	
Caidreamh an Bhoird leis an mBainistíocht		Scór			Cad a d'fhéadfaí a dhéanamh ar bhealach eile?		
		Míshásta		Sásta			
32.	An bhfuil tú sásta go bhfuil údarais chuí tarmhligin i bhfeidhm don bhainistíocht agus go ndéantar athbhreithniú rialta orthu?	1	2	3	4	5	

Tithe an Rialtais,
Sráid Mhuirfean
Uacht, Baile Átha
Cliath 2, Éire.
D02 R583

Government Buildings,
Upper Merrion Street,
Dublin 2,
Ireland.
D02 R583

T: +353 1 676 7571
E: govacc@per.gov.ie

Government Buildings, Upper Merrion Street, Dublin 2,
Ireland. D02 R583

T: +353 1 676 7571

E: govacc@per.gov.ie

